



Uimhir 21 de 1998

AN tACHT UM CHOMHIONANNAS FOSTAÍOCHTA, 1998

RIAR NA nALT

CUID I

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

Alt

1. Gearrtheideal agus tosach feidhme.
2. Léiriú.
3. Orduithe agus rialacháin.
4. Caiteachais.
5. Aisghairm agus leasuithe iarmhartacha.

CUID II

IDIRDHEALÚ: FORÁLACHA GINEARÁLTA

Réamhráiteach

6. Idirdhealú chun críocha an Achta seo.
7. An cineál céanna oibre.

Idirdhealú i Réimsí Sonracha

8. Idirdhealú ag fostóirí etc.
9. Forálacha i gcomhaontuithe agus in orduithe áirithe.
10. Fógraíocht.
11. Gníomhaireachtaí fostaíochta.
12. Gairmoiliúint.
13. Comhaltas i gcomhlachtaí áirithe.
14. Idirdhealú nó íospairt a thabhairt chun críche etc.

[Uimh. 21.] *An tAcht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998.* [1998.]

Dlíteanas Ionadach etc.

Alt

15. Dlíteanas fostóirí agus príomhaithe.

Oibleagáidí Fostóirí etc.

16. Cineál agus réim oibleagáidí fostóra i gcásanna áirithe.
17. Ceanglais reachtúla etc. a chomhlíonadh.

CUID III

FORÁLACHA SONRACHA MAIDIR LE COMHIONANNAS IDIR MNÁ AGUS FIR

Réamhráiteach

18. Feidhm phrionsabail an chomhionannais maidir le fir agus mná araon.

Luach Saothair

19. Teideal chun luach saothair chomhionainn.
20. Téarma intuigthe maidir le luach saothair comhionann.

Nithe Eile

21. Clásal comhionannais a bhaineann le saincheisteanna inscne.
22. Idirdealú neamhdhíreach ar an bhforas inscne.
23. Gnéaschiapadh san áit oibre etc.
24. Gníomhaíocht dhearfach maidir le comhdheiseanna.
25. Idirdealú i bhfostaíochtaí áirithe a eisiamh.
26. Eisceachtaí a bhaineann le cúrsaí teaghlaigh agus pearsanta.
27. An Garda Síochána agus an tseirbhís príosún.

CUID IV

FORÁLACHA SONRACHA MAIDIR LE COMHIONANNAS IDIR EARNÁLACHA EILE DAOINE

28. Na comparadóirí.
29. Teideal chun luach saothair chomhionainn.
30. Clásal comhionannais a bhaineann le saincheisteanna nach saincheisteanna inscne.
31. Idirdealú neamhdhíreach.
32. Ciapadh san áit oibre etc.

Alt

33. Gníomhaíocht dhearfach a cheadú.
34. Cosaintí agus eisceachtaí a bhaineann leis an teaghlach, le haois nó le míchumas.
35. Forálacha speisialta maidir le daoine faoi mhíchumas.
36. Is dleathach ceanglais áirithe a fhorchur.
37. Idirdealú ar fhorais ar leith i bhfostaíochtaí áirithe a eisiamh.

CUID V

AN TÚDARÁS COMHIONANNAIS

Ginearálta

38. An Ghníomhaireacht um Chomhionannas Fostaíochta do leanúint mar an tÚdarás Comhionannais.
39. Feidhmeanna an Údaráis.
40. Pleananna Straitéiseacha.
41. Comhaltas.
42. An cathaoirleach.
43. Dícháilíocht.
44. Gnáthchomhaltaí.
45. Féadfar an cathaoirleach agus gnáthchomhaltaí a athcheapadh.
46. An leaschathaoirleach.
47. Cruinnithe agus gnó.
48. Coistí comhairleacha.
49. Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin.
50. Cuntasacht an Phríomh-Oifigigh Feidhmiúcháin.
51. Foireann.
52. Séala an Údaráis.
53. Cuntais agus iniúchtaí.
54. Tuarascáil bhliantúil agus faisnéis a chur ar fáil don Aire.
55. Deontais agus cumhachtaí airgead a fháil ar iasacht.
56. Cóid chleachtais.
57. Taighde agus faisnéis.

Fiosrúcháin ag an Údarás

Alt

58. Fiosrúcháin.
59. Faisnéis etc. a fháil chun críocha fiosrúcháin.
60. Cionta a bhaineann le fiosrúcháin etc.
61. Moltaí a éiríonn as fiosrúcháin agus tuarascálacha ar fhiosrúcháin.
62. Fógraí neamh-idirdhealúcháin.
63. Achomharc in aghaidh fógra neamh-idirdhealúcháin.
64. Clár d'fhógraí neamh-idirdhealúcháin.
65. Urghairí mar gheall ar mhainneachtain fógra neamh-idirdhealúcháin a chomhlíonadh.
66. Cion a bhaineann le mainneachtain fógra neamh-idirdhealúcháin a chomhlíonadh.
67. Cúnamh ón Údarás i dtaca le tarchuir áirithe.

CUID VI

ATHBHREITHNITHE AGUS PLEANANNA GNÍOMHAÍOCHTA
COMHIONANNAIS AGUS ATHBHREITHNIÚ AR REACHTAÍOCHT

68. Míniú (*Cuid VI*).
69. Athbhreithnithe agus pleananna gníomhaíochta comhionannais.
70. Cumhachtaí forfheidhmithe i leith athbhreithnithe agus pleananna gníomhaíochta comhionannais.
71. Achomharc in aghaidh fógra shubstaintigh.
72. Fógraí substainteacha a fhorfheidhmiú.
73. Reachtaíocht a athbhreithniú.

CUID VII

LEIGHEASANNA EILE AGUS FORFHEIDHMIÚ

Réamhráiteach

74. Léiriú (*Cuid VII*).

Imscrúduithe Comhionannais

75. An Stiúirthóir Imscrúduithe Comhionannais agus oifigigh eile.

Sásamh

Alt

76. Ceart chun faisnéise.
77. An fóram le haghaidh sásamh a lorg.
78. Idirghabháil.
79. Imscrúduithe ag an Stiúrthóir nó ag an gCúirt Oibreachais.
80. Tarchuir chuig an gCúirt Chuarda.
81. Iarmhairtí de dhroim mainneachtain faisnéis a sholáthar etc.
82. Sásamh is inordaithe.
83. Achomhairc ón Stiúrthóir chun na Cúirte Oibreachais.
84. Tarchuir chuig an Stiúrthóir ag an gCúirt Oibreachais.
85. Cumhachtaí forfheidhmithe an Údaráis.

Comhaontuithe Comhchoiteanna

86. Comhaontuithe comhchoiteanna a tharchur chuig an Stiúrthóir.
87. Idirghabháil, breitheanna agus achomhairc a bhaineann le comhaontuithe comhchoiteanna.

Breitheanna agus Cinntí i gCoitinne

88. Foirm breitheanna agus cinntí agus an t-ábhar a bheidh iontu.
89. Breitheanna agus cinntí a sholáthar agus a fhoilsíú.
90. Achomhairc agus tarchuir ón gCúirt Oibreachais.

Forfheidhmiú ag an gCúirt Chuarda

91. Cinntí, breitheanna agus socraíochtaí idirghabhála a fhorfheidhmiú.
92. Cumhachtaí breise na Cúirte Chuarda ar fhorfheidhmiú.
93. Cúiteamh in ionad athfhostú nó athfhrúiliú.

Faisnéis

94. Cumhachtaí dul isteach in áitreabh, faisnéis a fháil, etc.
95. Ceanglais ar dhaoine faisnéis a chur ar fáil.
96. Smachtbhannaí as mainneachtain nó diúltú doiciméid, faisnéis, etc. a sholáthar.
97. Forálacha forlíontacha maidir le faisnéis.

[Uimh. 21.] *An tAcht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998.* [1998.]

Cionta

Alt

98. Pionós mar gheall ar fhostaí a dhífhostú as cearta a fheidhmiú.
99. An Stiúrthóir agus oifigigh eile a chosc etc.
100. Cionta: forálacha ginearálta.

Forlíontach

101. Bealaí eile sásaimh.
102. Cásanna nach leantar ar aghaidh leo a scriosadh amach.
103. Forálacha a bhaineann le dócmhainneacht.
104. Foráil speisialta maidir le hÓglaigh na hÉireann.
105. Leasú ar an Acht Caidrimh Thionscail, 1990.

NA hAHTANNA DÁ DTAGRAÍTEAR

An tAcht um Shaoire Uchtaíoch, 1995	1995, Uimh. 2
An tAcht Aerloingseoireachta agus Aeriompair, 1946	1946, Uimh. 23
An tAcht in aghaidh Idirdhealú (Pá), 1974	1974, Uimh. 15
An tAcht Féimheachta, 1988	1988, Uimh. 27
Acht Choimisinéirí na Stát-Sheirbhíse, 1956	1956, Uimh. 45
Acht Rialuithe na Stát-Sheirbhíse, 1956	1956, Uimh. 46
Achtanna Rialaithe na Státseirbhíse, 1956 go 1996	
Acht na gCuideachtaí, 1963	1963, Uimh. 33
Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993	1993, Uimh. 8
Acht na gCúirteanna, 1981	1981, Uimh. 11
An tAcht Cosanta, 1954	1954, Uimh. 18
An tAcht um Ghníomhaireacht Fostaíochta, 1971	1971, Uimh. 27
An tAcht um Chomhionannas Fostaíochta, 1977	1977, Uimh. 16
An tAcht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, 1997	1997, Uimh. 2
An tAcht Airgeadais, 1987	1987, Uimh. 10
An tAcht Sláinte, 1970	1970, Uimh. 1
An tAcht Caidrimh Thionscail, 1946	1946, Uimh. 26
An tAcht Caidrimh Thionscail, 1969	1969, Uimh. 14
An tAcht Caidrimh Thionscail, 1990	1990, Uimh. 19
An tAcht Léiriúcháin, 1937	1937, Uimh. 38
Na hAchtanna Léiriúcháin, 1937 go 1997	
An tAcht um Údarás Eitlíochta na hÉireann, 1993	1993, Uimh. 29
An tAcht Rialtais Áitiúil, 1941	1941, Uimh. 23
An tAcht um Chosaint Mháithreachais, 1994	1994, Uimh. 34
An tAcht Loingis Cheannaíochta, 1947	1947, Uimh. 46
An tAcht Loingis Cheannaíochta (Deimhniúchán Mairnéalach), 1979	1979, Uimh. 37
Acht na bPinsean, 1990	1990, Uimh. 25
<i>Petty Sessions (Ireland) Act</i> , 1851	14 & 15 Vict., c. 9
An tAcht um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí), 1984	1984, Uimh. 21
An tAcht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967	1967, Uimh. 21
An tAcht Aturnaethe, 1954	1954, Uimh. 36
An tAcht Ceárd-Chumann, 1941	1941, Uimh. 22
An tAcht Iompair (Forálacha Ilghnéitheacha), 1971	1971, Uimh. 14
Na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977 go 1993	



Uimhir 21 de 1998

AN tACHT UM CHOMHIONANNAS FOSTAÍOCHTA, 1998
[An tiontú oifigiúil]

ACHT DO DHÉANAMH SOCRÚ BREISE CHUN COMHIONANNAS IDIR DAOINE FOSTAITHE A CHUR CHUN CINN; DO DHÉANAMH SOCRÚ BREISE MAIDIR LE hIDIRDHEALÚ I bhFOSTAÍOCHT, I nGAIRMOILIÚINT AGUS I gCOMHALTAS DE CHOMHLACHTAÍ ÁIRITHE AGUS IDIRDHEALÚ I dTAOBH NA NITHE SIN; DO DHÉANAMH SOCRÚ BREISE I dTAOBH THREOIR UIMH. 75/117/CEE ÓN gCOMHAIRLE FAOI CHOMHFHOGASÚ DHLÍTHE NA mBALLSTÁT A BHAINNEANN LE FEIDHMIÚ AN PHRIONSABAIL UM PÁ COMHIONANN D'FHIR AGUS DO MHNÁ AGUS THREOIR UIMH. 76/207/CEE ÓN gCOMHAIRLE FAOI CHUR I nGNÍOMH AN PHRIONSABAIL UM CHÓIR CHOMHIONANN A CHUR AR FHIR AGUS AR MHNÁ I dtACA LE ROCHTAIN AR FHOSTAÍOCHT, GAIRMOILIÚINT AGUS ARDÚ CÉIME, AGUS COINNÍOLLACHA OIBRE; DO DHÉANAMH SOCRÚ BREISE MAIDIR LE CIAPADH I bhFOSTAÍOCHT AGUS SAN ÁIT OIBRE; D'ATHRÚ AINM AGUS CHOMHDHÉANAMH NA GNÍOMHAIREACHTA UM CHOMHIONANNAS FOSTAÍOCHTA AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ MAIDIR LEIS AN gCOMHLACHT SIN DO RIARADH NITHE ÉAGSÚLA A BHAINNEANN LEIS AN ACHT SEO; DO BHUNÚ NÓSANNA IMEACHTA CHUN NITHE ÉAGSÚLA A ÉIRÍONN FAOIN ACHT SEO A IMSCRÚDÚ AGUS A LEIGHEAS; D'AISGHAIM AN ACHTA IN AGHAIDH IDIRDHEALÚ (PÁ), 1974, AGUS AN ACHTA UM CHOMHIONANNAS FOSTAÍOCHTA, 1977, AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ I dTAOBH NITHE GAOLMHARA. [18 Meitheamh, 1998]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

CUID I

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

1.—(1) Féadfar an tAcht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998, Gearrtheideal agus a ghairm den Acht seo. tosach feidhme.

(2) Ach amháin a mhéid a fhoráiltear go sainráite le haon fhoráil den Acht seo maidir le teacht i ngníomh aon fhorála den sórt sin, tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá a shocrófar le hordú a dhéanfaidh an tAire, agus féadfar laethanta éagsúla a shocrú amhlaidh le haghaidh forálacha éagsúla agus chun críoch éagsúil.

[Uimh. 21.] *An tAcht um Chomhionannas* [1998.]
Fostaíochta, 1998.

Cd.I
Léiriú.

2.—(1) San Acht seo, mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt—
folaíonn “gníomh” neamhghníomh toiliúil;

folaíonn “fógrán” gach foirm fógráin, cibé acu is don phobal é nó nach ea agus cibé acu i nuachtán nó i bhfoilseachán eile, ar an teilifís nó ar an raidió nó trí fhógra a thaispeáint nó ar aon mhodh eile dó, agus forléireofar dá réir sin tagairtí d’fhógráin a fhoilsiú;

ciallaíonn “oibrí gníomhaireachta” fostaí a bhfuil conradh fostaíochta den chineál a luaitear i *mír (b)* den mhíniú ar chonradh den sórt sin san fho-alt seo aige nó aici;

déanfar “fostóir comhlachaithe” a fhorléiriú de réir *fho-alt (2)*;

ciallaíonn “an tÚdarás” an tÚdarás Comhionannais;

ciallaíonn “conradh fostaíochta”, faoi réir *fho-alt (3)*—

(a) conradh seirbhíse nó printíseachta, nó

(b) aon chonradh eile trína gcomhaontaíonn pearsa aonair le duine, a bhfuil gnó gníomhaireachta fostaíochta de réir bhrí an Acht um Ghníomhaireacht Fostaíochta, 1971, á sheoladh aige nó aici, aon obair nó seirbhís a dhéanamh nó a chomhlíonadh go pearsanta do dhuine eile (bíodh nó ná bíodh an duine eile sin ina pháirtí nó ina páirtí sa chonradh),

cibé acu is conradh sainráite nó intuigthe é agus, i gcás é a bheith sainráite, cibé acu is conradh ó bhéal nó i scríbhinn é;

ciallaíonn “an Stiúrthóir” an Stiúrthóir Imscrúduithe Comhionannais;

ciallaíonn “míchumas”—

(a) feidhmeanna coirp nó meabhrach duine a bheith in easnamh go hiomlán nó go páirteach, lena n-áirítear cuid de chorp duine a bheith in easnamh,

(b) orgánaigh atá nó is dóigh a bheidh ina dtrúig galair nó tinnis ainsealaigh a bheith sa chorp,

(c) mífheidhmiú, anchuma nó máchailiú cuid de chorp duine,

(d) riocht nó mífheidhmiú a bhfuil de thoradh air go bhfoghlaímíonn duine ar shlí éagsúil le duine nach bhfuil an riocht nó an mífheidhmiú air no uirthi, nó

(e) riocht, tinneas nó galar a fhearann ar phróisis smaointe duine, ar aireachtáil na réaltachta ag duine, ar mhothúcháin nó ar bhreithiúnas duine nó a bhfuil iompraíocht shuaite de thoradh air,

agus measfar go bhfolaíonn sé míchumas atá ann faoi láthair, a bhí ann cheana ach nach bhfuil ann a thuilleadh, nó a fhéadfaidh a bheith ann amach anseo, nó a chuirtear i leith duine;

tá le “na forais idirdhealaitheacha” an bhrí a thugtar le *halt 6(2)*;

folaíonn “dífhostú” an fostaí d’fhoirceannadh conartha fostaíochta (cibé acu a tugadh nó nár tugadh fógra roimh ré faoin

bhfoirceannadh don fhostóir) in imthosca ina raibh nó ina mbeadh, Cd.I A.2
mar gheall ar iompar an fhostóra, an fostaí i dteideal an conradh a
fhoirceannadh gan fógra den sórt sin a thabhairt, nó ina raibh nó ina
mbeadh sé réasúnach ag an bhfostaí sin a dhéanamh, agus
forléireofar “dífhostaithe” dá réir sin;

ciallaíonn “fostaí”, faoi réir *fho-alt (3)*, duine a rinne conradh
fostaíochta nó a oibríonn faoi chonradh fostaíochta (nó, i gcás
deireadh a bheith leis an bhfostaíocht, a rinne conradh fostaíochta
nó a d’oibrigh faoi chonradh fostaíochta);

ciallaíonn “fostóir”, faoi réir *fho-alt (3)*, i ndáil le fostaí, an duine
lena bhfuil conradh fostaíochta déanta ag an bhfostaí nó dá n-
oibríonn an fostaí faoi chonradh fostaíochta (nó, i gcás deireadh a
bheith leis an bhfostaíocht, lena raibh conradh fostaíochta déanta ag
an bhfostaí nó dár oibrigh an fostaí faoi chonradh fostaíochta);

ciallaíonn “gníomhaireacht fostaíochta” (nuair nach mínítear é faoi
threoir an Achta um Ghníomhaireacht Fostaíochta, 1971) duine a
chuireann, ar bhrabach nó eile, seirbhísí ar fáil i ndáil le fostaíocht
a fháil d’fhostaithe ionchasacha nó i ndáil le fostaíochta a sholáthar
d’fhostóirí;

ciallaíonn “clásal comhionannais” clásal comhionannais inscne, mar
a mhínítear in *alt 21* nó clásal comhionannais neamh-
idirdhealaitheach, mar a mhínítear in *alt 30*;

ciallaíonn “téarma luach saothair chomhionannais” téarma conartha
de shórt a shonraítear in *alt 19(1), 20(1)* nó *29(1)*;

ciallaíonn “stádas teaghlaigh” freagracht—

(a) mar thuismitheoir nó mar dhuine *in loco parentis* i ndáil le
duine nach bhfuil 18 mbliana d’aois slánaithe aige nó aici,
nó

(b) mar thuismitheoir nó mar an cúramóir príomha cónaitheach
i ndáil le duine ag a bhfuil an aois sin nó atá os cionn na
haoise sin agus atá faoi mhíchumas de chineál is cúis le
cúram nó tacaíocht a bheith ag teastáil ar bhonn
leanúnach, rialta nó minic,

agus, chun críocha *mhír (b)*, is cúramóir príomha cónaitheach i ndáil
le duine faoi mhíchumas é nó í cúramóir príomha má tá cónaí ar an
gcúramóir príomha leis an duine atá faoin mhíchumas;

folaíonn “feidhmeanna”, i ndáil leis an Údarás, cumhachtaí agus
dualgais;

déanfar “an cineál céanna oibre” a fhorléiriú de réir *alt 7*;

ciallaíonn “stádas pósta” singil, pósta, idirscartha, colscartha nó
baintreach;

ciallaíonn “duine den teaghlach”, i ndáil le haon duine—

(a) céile an duine sin, nó

(b) deartháir, deirfiúr, uncail, aintín, nia, neacht, dírsheinsear nó
dírsheolach de chuid an duine sin nó de chuid chéile
an duine sin;

[Uimh. 21.] *An tAcht um Chomhionannas* [1998.]
Fostaíochta, 1998.

Cd.I A.2

ciallaíonn “an tAire” an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí;

ciallaíonn “cearta pinsin” pinsean nó aon sochair eile ar ó scéim pinsean ceirde dóibh;

folaíonn “imeachtaí” aon tarchur, idirghabháil nó imscrúdú faoi *Chuid VII* ach ní fholaíonn sé imeachtaí coiriúla mar gheall ar chion faoin Acht seo;

déanfar “soláthraí oibre gníomhaireachta” a fhorléiriú de réir *fho-alt (5)*;

ciallaíonn “comhlacht rialaitheach” comhlacht a thagann faoi réim aon mhíre de *mhíreanna (a) go (c) d’alt 13*;

déanfar “sainghné iomchuí” a fhorléiriú de réir *alt 28(3)*;

folaíonn “creideamh” cúlra nó dearcadh creidimh;

ní fholaíonn “luach saothair”, i ndáil le fostaí, cearta pinsin ach, faoina réir sin, folaíonn sé aon chomaoin, in airgead nó ina chomhchineál, a fhaigheann an fostaí go díreach nó go neamhdhíreach ón bhfostóir i leith na fostaíochta;

ciallaíonn “gnéaschlaonadh” claonadh heitrighnéasach, homaighnéasach nó déghnéasach;

ciallaíonn “ceardchumann” ceardchumann is sealbhóir ceadúnais margántaíochta faoi *Chuid II* den Acht Ceárd-Chumann, 1941;

déanfar “gairmoiliúint” a fhorléiriú de réir *alt 12(2)*.

(2) Chun críocha an Achta seo, measfar dhá fhostóir a bheith comhlachaithe más comhlacht corpraithe ceann acu a bhfuil rialú ag an gceann eile air (cibé acu go díreach nó go neamhdhíreach) nó más comhlachtaí corpraithe iad araon a bhfuil rialú ag tríú duine orthu (cibé acu go díreach nó go neamhdhíreach).

(3) Chun críocha an Achta seo—

(a) measfar duine a shealbhaíonn oifig faoin Stát nó i seirbhís an Stáit (lena n-áirítear comhalta den Gharda Síochána nó d’Óglaigh na hÉireann) nó ar dhóigh eile mar státseirbhíseach, de réir bhrí Acht Rialuithe na Stát-Sheirbhíse, 1956, a bheith ina fhostaí nó ina fostaí atá ar fostú ag an Stát nó ag an Rialtas, de réir mar a bheidh, faoi chonradh seirbhíse,

(b) measfar oifigeach nó seirbhíseach d’údarás áitiúil, chun críocha an Achta Rialtais Áitiúil, 1941, d’údarás cuain, do bhord sláinte nó do choiste gairmoideachais a bheith ina fhostaí nó ina fostaí atá ar fostú ag an údarás, ag an mbord nó ag an gcoiste, de réir mar a bheidh, faoi chonradh seirbhíse, agus

(c) measfar, i ndáil le hoibrí gníomhaireachta, gurb é nó gurb í an fostóir an duine atá faoi dhliteanas i leith phá an oibrí gníomhaireachta.

(4) San Acht seo ní fholaíonn tagairt do “coinníollacha fostaíochta” luach saothair ná cearta pinsin.

[1998.] *An tAcht um Chomhionannas* [Uimh. 21.]
Fostaíochta, 1998.

(5) Maidir le duine a fhaigheann, faoi chonradh le gníomhaireacht fostaíochta, de réir bhrí an Achta um Gníomhaireacht Fostaíochta, 1971, seirbhísí oibrí gníomhaireachta amháin nó níos mó ach nach é nó í fostóir na n-oibríthe sin é nó í chun críocha an Achta seo, gairtear an “soláthraí oibre gníomhaireachta” de nó di san Acht seo, i ndáil leis na hoibríthe gníomhaireachta. Cd.I A.2

(6) San Acht seo aon tagairt do Chuid nó d’alt is tagairt í do Chuid nó d’alt den Acht seo, mura gcuirtear in iúl gur tagairt d’achtachán éigin eile atá beartaithe.

(7) San Acht seo aon tagairt d’fho-alt nó do mhír is tagairt í don fho-alt nó don mhír den fhoráil ina bhfuil an tagairt, mura gcuirtear in iúl gur tagairt d’fhoráil éigin eile atá beartaithe.

(8) San Acht seo foláionn aon tagairt d’achtachán tagairt don achtachán sin arna leasú le haon achtachán eile nó faoi aon achtachán eile, lena n-áirítear an tAcht seo.

3.—(1) Aon chumhacht faoin Acht seo chun ordú a dhéanamh, seachas faoi *alt 1(2)*, foláionn sí cumhacht chun ordú arna dhéanamh i bhfeidhmiú na cumhachta sin a leasú nó a chúlghairm. Orduithe agus rialacháin.

(2) I gcás go mbeartófar ordú faoin Acht seo a dhéanamh, seachas ordú faoi *alt 1(2)* nó faoi *fho-alt (3)* nó *(5) d’alt 56*, déanfar dréacht den ordú a leagan faoi bhráid dhá Theach an Oireachtais, agus ní dhéanfar an t-ordú go dtí go mbeidh rún ag ceadú an dréachta rite ag gach Teach acu sin.

(3) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh chun éifeacht a thabhairt don Acht seo.

(4) Gach rialachán a dhéanfar faoin Acht seo leagfar é faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a dhéanta agus má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an rialachán a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú an rialacháin, beidh an rialachán ar neamhniú dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin rialachán.

(5) Féadfar cibé forálacha iarmhartacha, forlíontacha agus coimhdeacha a mheasfaidh an tAire is gá nó is fóirsteanach a bheith in aon ordú nó rialachán a dhéanfar faoin Acht seo.

4.—Déanfar aon chaiteachais a thabhófar ag riaradh an Achta seo a íoc, a mhéid a cheadóidh an tAire Airgeadais é, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas. Caiteachais.

5.—(1) Faoi réir *fho-alt (2)*, aisghairtear leis seo an tAcht in aghaidh Idirdealú (Pá), 1974, agus an tAcht um Chomhionannas Fostaíochta, 1977. Aisghairm agus leasuithe iarmhartacha.

(2) Gan dochar d’oibríú alt 21 (a bhaineann le héifeacht aisghairme) den Acht Léiriúcháin, 1937, ní dhéanfaidh aon ní san alt seo difear d’oibríú leanúnach orduithe a rinneadh faoi alt 14 (a bhaineann le cumhacht chun achtacháin áirithe a aisghairm nó a leasú) den Acht um Chomhionannas Fostaíochta, 1977, agus, dá réir sin, beidh éifeacht le haon orduithe den sórt sin, tar éis don alt seo teacht i ngníomh, amháil is gur lean an t-alt sin i bhfeidhm.

Cd.I A.5

(3) I bhfo-alt (2) d'alt 4 (a bhaineann leis an leaschathaoirleach den Chúirt Oibreachais) den Acht Caidrimh Thionscail, 1969, ”, san Acht seo agus san *Acht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998*” a chur in ionad “agus san Acht seo”.

CUID II

IDIRDHEALÚ: FORÁLACHA GINEARÁLTA

Réamhráiteach

Idirdhealú chun críocha an Achta seo.

6.—(1) Chun críocha an Achta seo, measfar go dtarlaíonn idirdhealú más rud é, ar aon cheann de na forais i *bhfo-alt (2)* (dá ngairtear “na forais idirdhealaitheacha” san Acht seo), go ndéileáiltear le duine amháin le níos lú fabhair ná mar a dhéileáiltear, mar a déileáladh nó mar a dhéileálfaí le duine eile.

(2) Amhail idir aon 2 dhuine, is iad na forais idirdhealaitheacha (mar aon le tuairiscí na bhforas sin chun críocha an Achta seo)—

- (a) gur bean í duine acu agus gur fear é an duine eile (dá ngairtear “an foras inscne” san Acht seo),
- (b) nach ionann stádas pósta dóibh (dá ngairtear “an foras stádais pósta” san Acht seo),
- (c) go bhfuil stádas teaghlaigh ag duine acu agus nach bhfuil ag an duine eile (dá ngairtear “an foras stádais teaghlaigh” san Acht seo),
- (d) nach ionann gnéaschlaonadh dóibh (dá ngairtear “an foras gnéaschlaonta” san Acht seo),
- (e) nach ionann an creideamh atá ag duine acu agus an creideamh atá ag an duine eile, nó go bhfuil creideamh ag duine acu agus nach bhfuil ag an duine eile (dá ngairtear “an foras creidimh” san Acht seo),
- (f) nach ionann aois dóibh, ach sin faoi réir *fho-alt (3)* (dá ngairtear “an foras aoise” san Acht seo),
- (g) gur duine faoi mhíchumas duine acu agus nach amhlaidh don duine eile nó gur duine atá faoi mhíchumas eile é nó í an duine eile (dá ngairtear “an foras míchumais” san Acht seo),
- (h) nach ionann cine, dath, náisiúntacht nó bunadh eitneach nó náisiúnta dóibh (dá ngairtear “an foras cine” san Acht seo),
- (i) gur duine den lucht siúil duine acu agus nach amhlaidh don duine eile (dá ngairtear “an foras lucht siúil” san Acht seo).

(3) Más rud é—

- (a) go bhfuil 65 bliana d’aois slánaithe ag duine, nó
- (b) nach bhfuil 18 mbliana d’aois slánaithe ag duine,

ansin, faoi réir *alt 12(3)*, ní mheasfar gur idirdhealú ar an bhforas aoise é má dhéileáiltear leis an duine sin le níos mó fabhair nó le

níos lú fabhair ná mar a dhéileáiltear le duine eile (is cuma cén aois Cd.2 A.6 atá ag an duine eile sin).

(4) Déanfaidh an tAire oibriú an Achta seo a athbhreithniú, laistigh de 2 bhliain ón dáta a thiocfaidh an t-alt seo i ngníomh, d'fhonn a mheasúnú an gá cur leis na forais idirdhealaitheacha atá leagtha amach san alt seo.

7.—(1) Faoi réir *fho-alt (2)*, chun críocha an Achta seo, i ndáil leis an obair a bhfuil duine amháin fostaithe chun í a dhéanamh, measfar duine eile a bheith fostaithe chun an cineál céanna oibre a dhéanamh más rud é— An cineál céanna oibre.

- (a) gurb í an obair chéanna a dhéanann gach duine acu agus sin faoi na coinníollacha céanna nó faoi choinníollacha comhchosúla, nó gurb inmhalartaithe ar a chéile iad i ndáil leis an obair,
- (b) go bhfuil an obair a dhéanann duine acu cosúil leis an obair a dhéanann an duine eile agus gur beag, i ndáil leis an obair san iomlán, tábhacht aon difríochtaí idir an obair a dhéanann gach duine acu nó idir na coinníollacha faoina ndéanann gach duine acu an obair sin nó go dtarlaíonn na difríochtaí sin ar bhonn chomh neamhrialta sin nach difríochtaí suntasacha iad i ndáil leis an obair san iomlán, nó
- (c) gurb ionann luach na hoibre a dhéanann duine acu agus luach na hoibre a dhéanann an duine eile, ag féachaint do nithe mar oilteacht, riachtanais choirp nó mheabhreach, freagracht agus coinníollacha oibre.

(2) I ndáil leis an obair a bhfuil oibrí gníomhaireachta fostaithe chun í a dhéanamh, ní fhéadfar aon duine ach amháin oibrí gníomhaireachta eile a mheas faoi *fho-alt (1)* mar dhuine atá fostaithe chun an cineál céanna oibre a dhéanamh (agus, dá réir sin, i ndáil leis an obair a bhfuil oibrí neamhghníomhaireachta fostaithe chun í a dhéanamh, ní fhéadfar oibrí gníomhaireachta a mheas mar dhuine atá fostaithe chun an cineál céanna oibre a dhéanamh).

(3) In aon chás—

- (a) inar lú an luach saothair a fhaigheann duine amháin (“an t-oibrí príomha”) ná an luach saothair a fhaigheann duine eile (“an comparadóir”), agus
- (b) inar mó luach na hoibre a dhéanann an t-oibrí príomha ná luach na hoibre a dhéanann an comparadóir, ag féachaint do na nithe a luaitear i *bhfo-alt (1)(c)*,

ansin, chun críocha *fho-alt (1)(c)*, measfar gurb ionann luach na hoibre a dhéanann an t-oibrí príomha agus luach na hoibre a dhéanann an comparadóir.

Idirdhealú i Réimsí Sonracha

8.—(1) I ndáil—

Idirdhealú ag fostóirí etc.

- (a) le rochtain ar fhostaíocht,
- (b) le coinníollacha fostaíochta,

(c) le hoiliúint nó taithí le haghaidh nó i leith fostaíochta,

(d) le hardú céime nó le hathghrádú, nó

(e) le haicmiú post,

ní dhéanfaidh fostóir idirdhealú in aghaidh fostaí nó fostaí ionchasaigh agus ní dhéanfaidh soláthraí oibre gníomhaireachta idirdhealú in aghaidh oibrí gníomhaireachta.

(2) Chun críocha an Achta seo, ní mheasfar fostóir nó soláthraí oibre gníomhaireachta a bheith ag déanamh idirdhealú in aghaidh oibrí gníomhaireachta mura rud é (ar fhoras amháin de na forais idirdhealaitheacha) go ndéileáiltear leis an oibrí gníomhaireachta sin le níos lú fabhair ná mar a dhéileáiltear, mar a déileáladh nó mar a dhéileálfai le hoibrí gníomhaireachta eile.

(3) I bhfo-ailt (4) go (8), folaíonn tagairtí d'fhostaí tagairtí d'oibrí gníomhaireachta agus, i ndáil le hoibrí den sórt sin, folaíonn tagairtí don fhostóir tagairtí don soláthraí oibre gníomhaireachta.

(4) Maidir le duine is fostóir—

(a) ní bheidh aige nó aici rialacha ná treoracha, i ndáil le fostaithe nó le fostaíocht, a mbeadh de thoradh orthu idirdhealú in aghaidh fostaí nó aicme fostaithe i ndáil le haon ní de na nithe a shonraítear i míreanna (b) go (e) d'fho-alt (1), nó

(b) ní fheidhmeoidh ná ní oibreoidh sé nó sí cleachtas thairis sin, i ndáil le fostaithe nó le fostaíocht, a bhfuil, nó ar dóigh go mbeadh, aon idirdhealú den sórt sin de thoradh air.

(5) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, measfar fostóir a bheith ag déanamh idirdhealú in aghaidh fostaí nó fostaí ionchasaigh i ndáil le rochtain ar fhostaíocht má dhéanann an fostóir idirdhealú in aghaidh an fhostaí nó an fhostaí ionchasaigh—

(a) in aon chomhshocraíochtaí a dhéanfaidh an fostóir chun a chinneadh cé dó nó di ar chóir fostaíocht a thairiscint, nó

(b) trí cheanglais iontrála d'fhostaíocht a shonrú maidir le duine amháin nó le haicme amháin daoine, ar ceanglais iad nach bhfuil sonraithe maidir le daoine eile nó le haicmí eile daoine, i gcás gan aon difríocht ábhartha a bheith idir na himthosca ina mbeadh na daoine sin araon nó na haicmí sin araon fostaithe.

(6) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, measfar fostóir a bheith ag déanamh idirdhealú in aghaidh fostaí nó fostaí ionchasaigh i ndáil le coinníollacha fostaíochta mura dtairgfídh nó mura dtabharfaidh an fostóir, ar aon fhoras de na forais idirdhealaitheacha, don fhostaí sin nó don fhostaí ionchasach sin nó d'aicme daoine dar duine é nó í—

(a) na téarmaí céanna fostaíochta (seachas luach saothair agus cearta pinsin),

(b) na coinníollacha céanna oibre, agus

- (c) an chóir chéanna i ndáil le hobair bhreis-ama, uain-obair, Cd.II A.8
garr-am, aistriú, asleagan, iomarcaíocht, dífhostú agus
bearta araíonachta,

a thairgeann nó a thugann an fostóir do dhuine eile nó d'aicme eile
daoine, i gcás gan aon difríocht ábhartha a bheith idir na himthosca
ina bhfuil nó ina mbeadh na daoine sin araon nó na haicmí sin araon
fostaithe.

(7) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, measfar fostóir a
bheith ag déanamh idirdhealú in aghaidh fostaí i ndáil le hoiliúint nó
taithí le haghaidh nó i leith fostaíochta má dhiúltaíonn an fostóir, ar
aon fhoras de na forais idirdhealaitheacha, na deiseanna nó na
saoráidí céanna i ndáil le comhairle fostaíochta, oiliúint (ar an láthair
oibre nó in áit eile) agus taithí oibre a thairiscint nó a thabhairt don
fhostaí sin a thairgeann nó a thugann an fostóir d'fhostaithe eile, i
gcás gan aon difríocht ábhartha a bheith idir na himthosca ina bhfuil
an fostaí sin agus na fostaithe eile sin fostaithe.

(8) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, measfar fostóir a
bheith ag déanamh idirdhealú in aghaidh fostaí i ndáil le hardú céime
más rud é, ar aon fhoras de na forais idirdhealaitheacha—

- (a) go ndiúltoídh an fostóir, nó go mainneoidh sé nó sí d'aon
turas, rochtain ar dheiseanna ar ardú céime a thairiscint
nó a thabhairt don fhostaí in imthosca ina dtairgtear nó
ina dtugtar an rochtain sin do dhuine incheaptha cáilithe
eile, nó
- (b) nach ndéanfaidh an fostóir, sna himthosca sin, rochtain ar
na deiseanna sin a thairiscint nó a thabhairt don fhostaí
sa dóigh chéanna.

9.—(1) I gcás—

Forálacha i
gcomhaontuithe
agus in orduithe
áirithe.

- (a) foráil a bheith i gcomhaontú nó in ordú lena mbaineann an
t-alt seo ar foráil í ina bhfuil difríochtaí i rátaí luach
saothair bunaithe ar aon fhoras de na forais
idirdhealaitheacha, agus
- (b) i ndáil le duine lena mbaineann an comhaontú nó an t-ordú,
go mbeidh an fhoráil sin ar neamhréir le téarma luach
saothair chomhionann i gconradh fostaíochta an duine
sin,

ansin, faoi réir *fho-alt (4)*, is foráil ar neamhní í an fhoráil sin.

(2) Má tá foráil nach dtagann faoi réim *fho-alt (1)* ach is cúis le
hidirdhealú i ndáil le haon ní de na nithe i *míreanna (a)* go *(e) d'alt*
8(1) i gcomhaontú nó in ordú lena mbaineann an t-alt seo, ansin, faoi
réir *fho-alt (4)*, is foráil ar neamhní í an fhoráil sin.

(3) Tá feidhm ag an alt seo maidir leis na comhaontuithe agus na
horduithe seo a leanas, cibé acu a rinneadh iad sular tháinig an t-alt
seo i ngníomh nó dá éis sin:

- (a) comhaontuithe comhchoiteanna;
- (b) orduithe rialaithe fostaíochta, de réir bhrí Chuid IV den
Acht Caidrimh Thionscail, 1946; agus

[Uimh. 21.] An tAcht um Chomhionannas [1998.]
Fostaíochta, 1998.

Cd.II A.9

(c) comhaontuithe fostaíochta cláraithe, de réir bhrí Chuid III den Acht sin.

(4) I gcás forála—

(a) atá i gcomhaontú nó in ordú arna dhéanamh roimh theacht i ngníomh don alt seo, agus

(b) ar foráil idirdhealaitheach í ar fhoras seachas an foras inscne,

ní bheidh feidhm ag *fo-alt (1)* nó, de réir mar a bheidh, ag *fo-alt (2)* go dtí cothrom bliana an dáta a thiocfaidh an t-alt seo i ngníomh; agus, dá réir sin, go dtí an dáta sin, ní bheidh sáraíocht ag an téarma luach saothair chomhionann nó ag an gclásal comhionannais i gconradh fostaíochta duine ar aon fhoráil den sórt sin de chuid comhaontaithe nó ordaithe a bhaineann leis an duine sin.

Fógraíocht.

10.—(1) Ní fhoilseoidh ná ní thaispeánfaidh duine, ná ní chuirfidh sé nó sí faoi deara go bhfoilseofar nó go dtaispeánfar, fógrán a bhainfidh le fostaíocht agus—

(a) a chuirfidh in iúl go mbeartaítear idirdhealú a dhéanamh, nó

(b) a bhféadfaí le réasún a thuiscint uaidh go bhfuil sin beartaithe.

(2) Chun críocha *fho-alt (1)*, i gcás go mbeidh i bhfógrán focal nó abairtín ag míniú nó ag tuairisciú poist agus gur focal nó abairtín é—

(a) a thugann pearsa aonair de ghnéas áirithe le tuiscint nó a thugann pearsa aonair a bhfuil sainghné iomchuí áirithe aige nó aici (i dtéarmaí aon fhorais de na forais idirdhealaitheacha) le tuiscint, nó

(b) ar tuairisc é ar phost nó ar shlí bheatha, nó a thagraíonn do phost nó do shlí bheatha, de chineál nach mbíodh ach ag daoine de ghnéas amháin nó ag pearsana aonair a bhfuil sainghné iomchuí áirithe den sórt sin acu nó ar dhaoine nó pearsana aonair den sórt sin a bhíodh á sheoladh nó á seoladh,

ansin, mura gcuireann an fógrán a mhalairt in iúl, measfar go gcuireann an fógrán in iúl go mbeartaítear idirdhealú a dhéanamh ar cibé foras idirdhealaitheach is iomchuí sna himthosca.

(3) Ní bhaineann aon ní san alt seo le fógrán lena sonrú, nó a mhéid a shonrófar leis, ceanglas, srian nó ní eile a bhaineann le fostaíocht agus nach mbeadh sé neamhdhleathach don fhostóir atá i gceist é a fhorchur, ag féachaint d'aon fhoráil eile den Chuid seo nó de *Chuid III* nó *Cuid IV*.

(4) Duine a dhéanfaidh ráiteas is eol dó nó di a bheith bréagach, d'fhonn foilsíú nó taispeáint fógráin contrártha d'*fho-alt (1)* a áirithiú, beidh sé nó sí, ar an bhfoilsíú nó ar an taispeáint sin a bheith déanta, ciontach i gcion.

(5) Gan dochar d'*fho-alt (4)*, má fhoilsítear nó má thaispeántar fógrán agus gur dealraitheach don Ard-Chúirt nó don Chúirt Chuarda, ar fhorriarratas ón Údarás, go bhfuil forais ann chun a chreidiúint go bhféadfadh foilsíú nó taispeáint an fhógráin a bheith

contrártha *d'fho-alt (1)*, féadfaidh an chúirt urghaire a dheonú lena Cd.II A.10
gcoiscfear aon duine a cheapadh chun aon phoist lena mbaineann an
fógrán go dtí—

- (a) go ndéanfaidh an Stiúrthóir cinneadh ar tharchur comhaimseartha faoi *alt 85* maidir le foilsíú nó taispeáint an fhógráin, nó
- (b) go n-ordóidh an chúirt a mhalairt,

ach, chun críche an fho-ailt seo, measfar tarchur faoi *alt 85* a bheith comhaimseartha le foriarratas má dhéantar é ar an lá céanna a dhéantar an foriarratas nó tráth nach mó ná 14 lá is luaithe nó is déanaí ná sin.

(6) Maidir leis an dlínse a thugtar don Chúirt Chuarda le *fo-alt (5)*, is é nó is í an breitheamh a bheidh sannta de thuras na huaire don chuaird ina bhfuil gnáthchónaí ar an duine a rinne an fógrán a fhoilsíú nó a thaispeáint (nó a chuir faoi deara é a fhoilsíú nó a thaispeáint), nó ina seolann sé nó sí aon ghairm, gnó nó slí bheatha, a fheidhmeoidh í.

11.—(1) Gan dochar dá hoibleagáidí mar fhostóir, ní dhéanfaidh Gníomhaireachtaí
gníomhaireacht fostaíochta idirdhealú in aghaidh duine ar bith— fostaíochta.

- (a) a lorgóidh seirbhísí na gníomhaireachta chun fostaíocht a fháil le duine eile, nó
- (b) a lorgóidh treoir ón ngníomhaireacht maidir le gairm nó a lorgóidh aon seirbhís eile (lena n-áirítear oiliúint), a bhaineann le fostaíocht an duine sin.

(2) Níl feidhm ag *fo-alt (1)* sa mhéid gur fostaíocht de chineál í an fhostaíocht atá i gceist a bhféadfadh fostóir diúltú go dleathach í a thairiscint don duine áirithe.

(3) Ní bheidh gníomhaireacht fostaíochta faoi aon dliteanas faoin alt seo má chruthaíonn sí—

- (a) gur ghníomhaigh sí ar iontaoibh ráitis chuici ón bhfostóir áirithe á rá nár ghníomh neamhdhleathach, mar gheall ar oibriú *fho-alt (2)*, a gníomh, agus
- (b) gur réasúnach di dul ar iontaoibh an ráitis.

(4) Fostóir a dhéanfaidh go feasach, d'fhonn seirbhísí gníomhaireachta fostaíochta a fháil, ráiteas den sórt dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)(a)* agus is ráiteas atá bréagach nó míthreorach i bponc ábhartha, beidh sé nó sí ciontach i gcion.

(5) Ní dhéanfaidh aon ní san Acht seo neamhdhleathach é do ghníomhaireacht fostaíochta seirbhísí a sholáthar go heisiach do dhaoine faoi mhíchumas nó d'aon aicme nó tuairisc daoine den sórt sin.

12.—(1) Faoi réir *fho-alt (7)*, ní dhéanfaidh aon duine, lena Gairmoiliúint.
n-áirítear comhlacht oideachais nó oiliúna, a thairgeann cúrsa gairmoiliúna, idirdhealú in aghaidh duine (ar fhostóir, ceardchumann nó grúpa fostóirí nó grúpa ceardchumann á iarraidh sin nó ar shlí eile) maidir le haon chúrsa den sórt sin a thairgfear do dhaoine atá

os cionn na haoise uasta ag a bhfuil dualgas reachtúil ar na daoine sin freastal ar scoil—

- (a) sna téarmaí ar a dtairgtear aon chúrsa den sórt sin nó aon saoráid ghaolmhar,
- (b) trí dhiúltú nó trí mhainneachtain rochtain ar aon chúrsa nó saoráid den sórt sin a thabhairt, nó
- (c) sa tslí ina gcuirtear aon chúrsa nó saoráid den sórt sin ar fáil.

(2) San alt seo ciallaíonn “gairmoiliúint” aon chóras teagaisc a chuireann ar chumas duine atá á theagasc nó á teagasc an t-eolas nó an cumas teicniúil is gá chun gníomhaíocht cheirde a sheoladh, agus a bhféadfaí a mheas ina leith go mbaineann sé go heisiach le hoiliúint don ghníomhaíocht sin, a fháil, a choimeád, a thabhairt cothrom le dáta nó a thabhairt chun foirfeachta.

(3) Chun críocha an ailt seo, beidh éifeacht le *halt 6(3)(b)* amhail is dá mba thagairt don aois dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* an tagairt do 18 mbliana d’aois.

(4) Chun a chinntiú go mbeidh altraí ar fáil d’ospidéal agus múinteoirí ar fáil do bhunscoileanna atá faoi rialú nó faoi urláimh comhlachta arna bhunú chun críocha creidimh nó a n-áirítear ina chuspóirí seirbhísí a sholáthar i dtimpeallacht a chuireann luachanna áirithe creidimh chun cinn, agus chun aetas creidimh na n-ospidéal nó na mbunscoileanna a chothú, ní bheidh feidhm ag an gcosc ar idirdhealú i *bhfo-alt (1)*, a mhéid a bhaineann sé le hidirdhealú ar an bhforas creidimh—

- (a) i leith ainmniú daoine lena ligean isteach sa Scoil Altranais de bhun chlásal 24(4) (a) nó (c) de Chairt Ospidéal Adelaide arna ionadú le mír 5(s) den Ordú um an Acht Sláinte, 1970 (Alt 76) (Ospidéal Adelaide agus na Mí, Baile Átha Cliath, ina gcorpraítear Ospidéal Náisiúnta na Leanaí), 1996, nó
- (b) i leith ionad i gcúrsa gairmoiliúna a shonraítear in ordú arna dhéanamh faoi *fho-alt (5)*.

(5) Má dhéanann comhlacht oideachais nó oiliúna iarratas chun an Aire Sláinte agus Leanaí, i gcás ospidéal, nó chun an Aire Oideachais agus Eolaíochta, i gcás bunscoileanna, ar ordú lena gceadófar don chomhlacht lena mbaineann ionaid a chur in áirithe i gcúrsa gairmoiliúna a thairgeann an comhlacht, féadfaidh an tAire Sláinte agus Leanaí nó an tAire Oideachais agus Eolaíochta, de réir mar a bheidh, le toiliú an Aire, le hordú a cheadú don chomhlacht cibé méid ionad a chur in áirithe is dealraitheach don Aire Sláinte agus Leanaí nó don Aire Oideachais agus Eolaíochta, de réir mar a bheidh, is gá le réasún chun freastal ar na críocha a leagtar amach i *bhfo-alt (4)*.

(6) Gan dochar d’alt 3(1), féadfar ordú faoi *fho-alt (5)* a chúlghairm le hordú eile ón Aire Sláinte agus Leanaí nó ón Aire Oideachais agus Eolaíochta, de réir mar a bheidh, leis an toiliú céanna; ach beidh forálacha idirthréimhseacha in aon ordú cúlghairme den sórt sin ag cosaint aon duine a bhain leas as éifeacht an ordaithe nuair a bhí sé i bhfeidhm.

(7) Ní fhágfaidh aon ní i *bhfo-alt (1)* gur neamhdhleathach idirdhealú a dhéanamh ar an bhforas aoise nó ar an bhforas cine

i leith aon chúrsa gairmoiliúna a thairgeann comhlacht gairme nó Cd.II A.12
oiliúna—

- (a) i gcás nach ionann an chóir a chuirfidh sé ar fáil—
- (i) i ndáil leis na táillí chun daoine is saoránaigh d'Éirinn nó is náisiúnaigh de chuid Ballstáit eile den Aontas Eorpach a ligean isteach ar aon chúrsa den sórt sin nó chun go ndéanfaidh daoine den sórt sin freastal air,
- (ii) i ndáil le hionaid ar aon chúrsa den sórt sin a leithroinnt ar na saoránaigh nó ar na náisiúnaigh sin, nó
- (b) i gcás go dtairgfidh sé cúnamh d'earnálacha áirithe daoine trí urraíochtaí, scoláireachtaí, sparánachtaí nó dámhachtainí eile, ar cúnamh é atá inchosanta le réasún ag féachaint do chúinsí traidisiúin nó staire.

13.—Ní dhéanfaidh comhlacht—

Comhaltas i
gcomhlachtaí
áirithe.

- (a) is eagraíocht oibrithe nó fostóirí,
- (b) is eagraíocht ghairme nó cheirde, nó
- (c) a rialaíonn dul le gairm, gairm bheatha nó slí bheatha nó seoladh gairme, gairme beatha nó slí beatha,

idirdehalú in aghaidh duine i ndáil le comhaltas sa chomhlacht sin ná i ndáil le haon sochair, seachas cearta pinsin, a sholáthraíonn an comhlacht sin ná i ndáil le dul leis an ngairm, leis an ngairm bheatha nó leis an tslí bheatha sin nó i ndáil le seoladh an chéanna.

14.—Aon duine a aslóidh duine eile nó a dhéanfaidh iarracht duine eile a aslú chun aon ní a dhéanamh—

Idirdhealú nó
íospairt a thabhairt
chun críche etc.

- (a) ar idirdhealú é atá neamhdhleathach faoin Acht seo, nó
- (b) ar íospairt é chun críocha *Chuid VII*,

beidh sé nó sí ciontach i gcion.

Dliteanas Ionadach etc.

15.—(1) Aon ní a dhéanfaidh duine i gcúrsa a fhostaíochta nó a fostaíochta, déileálfar leis chun críocha an Achta seo, in aon imeachtaí a thionscnófar faoin Acht seo, mar ní arna dhéanamh ag fostóir an duine sin freisin, cibé acu a bhí nó nach raibh a fhios ag an bhfostóir go raibh sé á dhéanamh nó cibé acu a cheadaigh nó nár cheadaigh an fostóir é.

Dliteanas fostóirí
agus príomhaithe.

(2) Aon ní a dhéanfaidh duine mar ghníomhaire do dhuine eile, le húdarás (cibé acu sainráite nó intuigthe agus cibé acu arna thabhairt roimh an ní a dhéanamh nó dá éis) ón duine eile sin, déileálfar leis chun críocha an Achta seo, in aon imeachtaí a thionscnófar faoin Acht seo, mar ní arna dhéanamh freisin ag an duine eile sin.

Cd.II A.15

(3) In imeachtaí a thionscnófar faoin Acht seo in aghaidh fostóra i leith gnímh a líomhnaítear a bheith déanta ag fostaí de chuid an fhostóra, is cosaint don fhostóir a chruthú gur ghlac an fostóir cibé bearta ab indéanta le réasún chun an fostaí a chosc—

- (a) ar an ngníomh sin a dhéanamh, nó
- (b) ar ghníomhartha den tuairisc sin a dhéanamh i gcúrsa a fhostaíochta nó a fostaíochta.

Oibleagáidí Fostóirí etc.

Cineál agus réim oibleagáidí fostóra i gcásanna áirithe.

16.—(1) Ní fhorléireofar aon ní san Acht seo mar ní a cheanglaíonn ar aon duine pearsa aonair a earcú chuig post nó ardú céime chuig post a thabhairt do phearsa aonair, pearsa aonair a choimeád i bpost, nó oiliúint nó taithí a thabhairt do phearsa aonair i ndáil le post, más rud é—

- (a) nach ngabhfaidh an phearsa aonair air féin nó uirthi féin (nó, de réir mar a bheidh, nach leanfaidh an phearsa aonair de bheith ag gabháil air féin nó uirthi féin) na dualgais a ghabhann leis an bpost sin nó nach nglacfaidh an phearsa aonair (nó, de réir mar a bheidh, nach leanfaidh an phearsa aonair de bheith ag glacadh) leis na coinníollacha faoina gcomhlíontar na dualgais sin nó faoina bhféadfar a cheangal iad a chomhlíonadh, nó
- (b) nach bhfuil an phearsa aonair (nó, de réir mar a bheidh, nach bhfuil an phearsa aonair a thuilleadh) láninniúil ar na dualgais a ghabhann leis an bpost sin a ghabháil air féin nó uirthi féin agus ar fáil chuige sin, agus lánábaltá air sin, ag féachaint do na coinníollacha faoina gcomhlíontar na dualgais sin nó faoina bhféadfar a cheangal iad a chomhlíonadh.

(2) I ndáil—

- (a) le gníomhaireacht fostaíochta do sholáthar seirbhísí nó treorach do phearsa aonair i ndáil le fostaíocht i bpost,
- (b) le cúrsa gairmoiliúna nó aon saoráid ghaolmhar a bheidh dírithe ar fhostaíocht i bpost a thairiscint do phearsa aonair, agus
- (c) le pearsa aonair a ligean isteach mar chomhalta de chomhlacht rialaitheach nó a ligean isteach i ngairm, i ngairm bheatha nó i slí bheatha arna rialú ag comhlacht rialaitheach,

beidh feidhm ag *fo-alt (I)*, maille le haon mhodhnú is gá, mar atá feidhm aige maidir le hearcú pearsan aonair chuig post.

- (3) (a) Chun críocha an Achta seo, ní dhéanfar duine faoi mhíchumas a mheas seachas mar dhuine atá láninniúil, agus lánábaltá, ar aon dualgais a ghabháil air féin nó uirthi féin más rud é, le cabhair córa speisialta nó saoráidí speisialta, go mbeadh an duine sin láninniúil, agus lánábaltá, ar na dualgais sin a ghabháil air féin nó uirthi féin.
- (b) Déanfaidh fostóir gach ní réasúnach chun freastal ar riachtanais duine atá faoi mhíchumas trí chóir speisialta

[1998.] *An tAcht um Chomhionannas* [Uimh. 21.]
Fostaíochta, 1998.

nó trí shaoráidí speisialta lena mbaineann *mír (a)* a Cd.II A.16 sholáthar.

- (c) Ní mheasfar diúltú nó mainneachtain soláthar do chóir speisialta nó do shaoráidí speisialta lena mbaineann *mír (a)* a bheith réasúnach mura dtitfeadh costas, seachas costas ainmniúil, ar an bhfostóir de dheasca an tsoláthair sin.

(4) I *bhfo-alt (3)*—

folaíonn “fostóir” gníomhaireacht fostaíochta, duine a thairgeann cúrsa gairmoilúna mar a luaitear in *alt 12(1)* agus comhlacht rialaitheach; agus dá réir sin folaíonn tagairtí do dhuine faoi mhíchumas—

- (a) duine den sórt sin a bhfuil aon seirbhís a chuireann an ghníomhaireacht fostaíochta ar fáil á lorg nó á húsáid aige nó aici,
- (b) duine den sórt sin atá páirteach in aon chúrsa nó saoráid den sórt dá dtagraítear i *míreanna (a)* go (c) *d’alt 12(1)*, agus
- (c) duine den sórt sin is comhalta den chomhlacht rialaitheach nó a bhfuil comhaltas sa chomhlacht rialaitheach á lorg aige nó aici;

folaíonn “a sholáthar”, i ndáil leis an gcóir speisialta nó leis na saoráidí speisialta lena mbaineann *mír (a)*, socrú a dhéanamh le haghaidh na córa sin nó na saoráidí sin, nó an céanna a cheadú nó leas a bhaint as an gcéanna, agus déanfar “soláthar” a fhorléiriú dá réir sin.

(5) Ní fhorléireofar aon ní san Acht seo mar ní a cheanglaíonn ar fhostóir pearsa aonair a earcú chuig post, a choimeád i bhfostaíocht nó ardú céime a thabhairt dó nó di más rud é go bhfuil a fhios ag an bhfostóir, ar bhonn chiontú coiriúil na pearsan aonair nó ar bhonn faisnéise iontaofa eile, go mbíonn an phearsa aonair ag gabháil d’aon chineál iompraíochta gnéasaí atá neamhdhleathach, nó go bhfuil claoine sa duine chun gabháil don chéanna.

(6) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (5)*, tá feidhm ag an bhfo-alt sin go háirithe i gcás go ngabhann rochtain ar mhionaoisigh, nó ar dhaoine eile atá soghonta, leis an bhfostaíocht lena mbaineann.

17.—(1) I ndáil le hidirdhealú ar an bhforas stádais pósta, ní fhágfaidh aon ní san Acht seo gur gníomh neamhdhleathach aon ghníomh a dhéanfar i gcomhlíonadh aon fhorála den Acht um Chosaint Mháithreachais, 1994, nó den Acht um Shaoire Uchtaíoch, 1995. Ceanglais reachtúla etc. a chomhlíonadh.

(2) I ndáil le hidirdhealú ar an bhforas cine, ní fhágfaidh aon ní san Acht seo gur gníomh neamhdhleathach aon ghníomh a dhéanfar i gcomhlíonadh aon fhorála arna déanamh leis na hailt seo a leanas nó fúthu—

(a) alt 40(3) den Acht Aturnaethe, 1954, nó

(b) alt 35 den Acht Airgeadais, 1987.

[Uimh. 21.] *An tAcht um Chomhionannas* [1998.]
Fostaíochta, 1998.

Cd.II A.17

(3) I ndáil le hidirdhealú ar an bhforas aoise nó ar an bhforas míchumais, ní fhágfaidh aon ní san Acht seo gur gníomh neamhdhleathach aon ghníomh a dhéanfar i gcomhlíonadh aon fhorála arna déanamh leis na hailt seo a leanas nó fúthu—

- (a) ailt 5, 9, 11 agus 16 den Acht Aerloingseoireachta agus Aeriompair, 1946,
- (b) alt 12 den Acht Loingis Cheannaíochta, 1947,
- (c) alt 29 den Acht Iompair (Forálacha Ilghnéitheacha), 1971,
- (d) ailt 3 agus 8 den Acht Loingis Cheannaíochta (Deimhniúchán Mairnéalach), 1979, nó
- (e) ailt 5, 14, 58 agus 60 den Acht um Údarás Eitlíochta na hÉireann, 1993.

(4) I ndáil le hidirdhealú ar an bhforas aoise, ní fhágfaidh aon ní san Acht seo gur gníomh neamhdhleathach aon ghníomh a dhéanfar i gcomhlíonadh alt 1 de Sceideal 3 a ghabhann leis an Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967.

CUID III

FORÁLACHA SONRACHA MAIDIR LE COMHIONANNAS IDIR MNÁ AGUS FIR

Réamhráiteach

Feidhm phrionsabail an chomhionannais maidir le fir agus mná araon.

18.—(1) Chun críocha na Coda seo, seasann “A” agus “B” do 2 dhuine nach ionann gnéas dóibh ionas, nuair is bean í “A”, gur fear é “B”, agus *vice versa*.

(2) Faoi réir *fho-alt (1)*, ní dhéanann aon ní san Acht seo difear d’oibriú na nAchtanna Léiriúcháin, 1937 go 1997, sa mhéid go bhforáiltear leo, mura léir a mhalairt d’intinn—

- (a) go ndéanfar focail lena ngabhann brí na firinscne a fhorléiriú mar fhocail lena ngabhann brí na baininscne freisin, agus
- (b) go ndéanfar focail lena ngabhann brí na baininscne a fhorléiriú mar fhocail lena ngabhann brí na firinscne freisin.

Luach Saothair

Teideal chun luach saothair chomhionainn.

19.—(1) Beidh téarma sa chonradh faoina mbeidh A fostaithe á rá go mbeidh A tráth ar bith, faoi réir an Achta seo, i dteideal an ráta chéanna luach saothair, as an obair a bhfuil A fostaithe chun í a dhéanamh, is atá B, a bheidh, an tráth sin nó tráth iomchuí ar bith eile, fostaithe ag an bhfostóir céanna nó ag fostóir comhlachaithe chun an cineál céanna oibre a dhéanamh.

(2) San alt seo—

- (a) folaíonn “fostaithe”, i dteannta fostaíochta faoi chonradh fostaíochta, fostaíocht faoi chonradh chun aon obair nó saothar a chur i gcrích go pearsanta, agus
- (b) i ndáil le tráth áirithe, is éard is tráth iomchuí ann tráth ar bith (lena n-áirítear tráth roimh thosach feidhme an

Achta seo) le linn na 3 bliana a ghabhann roimh an tráth Cd.III A.19 áirithe nó na 3 bliana a leanann é.

(3) Chun críocha na Coda seo, i gcás gur fostóir comhlachaithe de chuid fhostóir A é nó í fostóir B, ní mheasfar A agus B a bheith fostaithe chun an cineál céanna oibre a dhéanamh mura mbeidh na téarmaí agus na coinníollacha fostaíochta atá acu araon mar an gcéanna nó réasúnta inchomórtais lena chéile.

(4) Más rud é, i gcás téarma conartha nó critéir a bhfuil feidhm aige maidir le fostaithe (lena n-áirítear A agus B)—

- (a) go bhfuil feidhm aige maidir le fostaithe uile fostóra áirithe nó le haicme áirithe de na fostaithe sin (lena n-áirítear A agus B),
- (b) gur de chineál é a fhágann nach ionann luach saothair na bhfostaithe sin a chomhlíonann an téarma nó an critéar agus luach saothair na bhfostaithe nach gcomhlíonann é,
- (c) gur de chineál é a fhágann gur mó go mór an cion d'fhostaithe atá faoi mhíbhuntáiste de dheasca an téarma nó an chritéir i gcás daoine den ghnéas céanna le A ná i gcás daoine den ghnéas céanna le B, agus
- (d) nach féidir é a chosaint ar bhonn tosca oibiachtúla nach bhfuil baint acu le gnéas A,

ansin, chun críche *fho-alt (1)*, measfar go gcomhlíonann A agus B araon nó, de réir mar a bheidh, nach gcomhlíonann A agus B araon an téarma nó an critéar, cibé cás acu as a dtagann an luach saothair is airde.

(5) Faoi réir *fho-alt (4)*, ní choisfidh aon ní sa Chuid seo ar fhostóir rátaí éagsúla luach saothair a íoc, ar fhorais seachas an forais inscne, le fostaithe éagsúla.

20.—(1) I gcás duine a bheith fostaithe faoi chonradh nach bhfuil téarma a shásaíonn *fo-alt (1) d'alt 19* ar áireamh ann (go sainráite nó faoi threoir comhaontaithe chomhchoitinn nó ar shlí eile), measfar go bhfuil téarma lena dtugtar éifeacht don *fho-alt* sin ar áireamh sa chonradh; agus, má tá an téarma intuigthe sin ar neamhréir le téarma sainráite, beidh sáraíocht aige ar an téarma sainráite.

Téarma intuigthe maidir le luach saothair comhionann.

(2) San alt seo tá le “fostaithe” an bhrí chéanna atá leis in *alt 19*.

Nithe Eile

21.—(1) Mura bhfuil agus a mhéid nach bhfuil clásal comhionannais inscne ar áireamh (go sainráite nó faoi threoir comhaontaithe chomhchoitinn nó ar shlí eile) i dtéarmaí conartha fostaíochta, measfar clásal den sórt sin a bheith iontu.

Clásal comhionannais a bhaineann le saincheisteanna inscne.

(2) Is éard is clásal comhionannais inscne ann foráil a bhaineann le téarmaí conartha fostaíochta, seachas téarma a bhaineann le luach saothair nó le cearta pinsin, a bhfuil d'éifeacht léi, i gcás—

- (a) A a bheith fostaithe in imthosca nach bhfuil difríocht ábhartha idir an obair a dhéanann A agus an obair a dhéanann B san fhostaíocht chéanna, agus

Cb.III A.21

(b) maidir le conradh fostaíochta A, gurb amhlaidh aon tráth (murach an clásal comhionannais inscne)—

- (i) go mbeadh téarma ann atá nó a thiocfaidh chun bheith ina théarma is lú fabhar do A ná téarma dá shamhail i gconradh fostaíochta B, nó
- (ii) nach mbeadh téarma ann atá ar comhréir le téarma i gconradh fostaíochta B a théann chun sochair do B,

ansin go ndéileálfar le téarmaí chonradh fostaíochta A mar théarmaí a bheidh modhnaithe ionas nach lú fabhar do A an téarma áirithe sin nó, de réir mar a bheidh, ionas go bhfuil téarma dá shamhail iontu a théann chun sochair do A.

(3) Ní oibreoidh clásal comhionannais inscne i ndáil le difríocht idir conradh fostaíochta A agus conradh fostaíochta B má chruthaíonn an fostóir go bhfuil an difríocht bunaithe dáiríre ar fhorais seachas an foras inscne.

(4) Gan dochar do ghinearáltacht *alt 8(1)*, i gcás go dtairgfídh duine fostaíocht ar théarmaí áirithe do A agus, dá nglacfadh A leis an tairiscint ar na téarmaí sin, go mbeadh d'éifeacht leis an gclásal comhionannais inscne i gconradh fostaíochta A na téarmaí a mhodhnú i gceachtar slí de na slite a shonraítear i *bhfo-alt (2)*, measfar gurb ionann an tairiscint a dhéanamh agus idirdhealú in aghaidh A ar an bhforas inscne i ndáil le coinníollacha fostaíochta A.

Idirdhealú
neamhdhíreach ar
an bhforas inscne.

22.—(1) Más rud é, maidir le foráil (cibé acu is de chineál ceanglais, cleachtais nó eile í) a bhaineann le haon cheann de na nithe a shonraítear i *míreanna (a)* go (*e*) *d'alt 8(1)* nó le comhaltas i gcomhlacht rialaitheach—

- (a) go bhfuil feidhm aici maidir le A agus B araon,
- (b) gur de chineál í a fhágann gur mó go mór an cion daoine atá faoi mhíbhuntáiste de dheasca na forála i gcás daoine den ghnéas céanna le A ná i gcás daoine den ghnéas céanna le B, agus
- (c) nach féidir í a chosaint ar bhonn tosca oibiachtúla nach bhfuil baint acu le gnéas A,

ansin, chun críocha an Achta seo, measfar idirdhealú a bheith á dhéanamh ag fostóir A nó, de réir mar a bheidh, ag an gcomhlacht rialaitheach in aghaidh A ar an bhforas inscne contrártha *d'alt 8* nó, de réir mar is gá sa chás, *d'alt 13*.

(2) Beidh feidhm ag *fo-alt (1)* maidir le haon seirbhísí a sholáthar den sórt dá dtagraítear i *míreanna (a)* agus (*b*) *d'alt 11(1)* faoi réir na modhnuithe seo a leanas:

- (a) cuirfear na focail “le duine a mbeidh aon seirbhísí nó treoir den sórt dá dtagraítear i *míreanna (a)* agus (*b*) *d'alt 11(1)*” in ionad “le haon cheann de na nithe a shonraítear i *míreanna (a)* go (*e*) *d'alt 8(1)*”;
- (b) déanfar an tagairt don fhostóir a fhorléiriú mar thagairt don ghníomhaireacht fostaíochta; agus
- (c) déanfar an tagairt *d'alt 8* a fhorléiriú mar thagairt *d'alt 11*.

(3) Beidh feidhm ag *fo-alt (1)* maidir le páirteachas in aon chúrsa nó saoráid den sórt dá dtagraítear i *míreanna (a)* go *(c) d'alt 12(1)* faoi réir na modhnuithe seo a leanas: Cd.III A.22

- (a) déanfar an tagairt do *mhíreanna (a)* go *(e) d'alt 8(1)* a fhorléiriú mar thagairt do *mhíreanna (a)* go *(c) d'alt 12(1)*;
- (b) déanfar an tagairt don fhostóir a fhorléiriú mar thagairt don duine a bheidh ag tairiscint an chúrsa nó na saoráide; agus
- (c) déanfar an tagairt *d'alt 8* a fhorléiriú mar thagairt *d'alt 12*.

(4) Maidir leis an tagairt i *bhfo-alt (1)(b)* do dhaoine atá faoi mhíbhuntáiste de dheasca forála, foláionn sí ní amháin na daoine sin atá faoi mhíbhuntáiste amhlaidh de bhíthin a ngnéis ach na daoine sin freisin atá faoi mhíbhuntáiste amhlaidh faoi threoir a stádais pósta nó a stádais teaghlaigh.

(5) Tá feidhm ag *fo-alt (3) d'alt 8* chun críocha *fho-alt (1)* mar atá feidhm aige chun críocha *fho-alt (4) go (8)* den alt sin.

23.—(1) Más rud é, in áit ina bhfuil A fostaithe (dá ngairtear “an áit oibre” san alt seo), nó thairis sin i gcúrsa fhostaíocht A, go ndéanfaidh B gnéaschiapadh ar A agus— Gnéaschiapadh san áit oibre etc.

- (a) go bhfuil A agus B araon fostaithe san áit sin nó ag an bhfostóir céanna,
- (b) gur fostóir A atá in B, nó
- (c) gur cliant, custaiméir nó teagmhálaí gnó eile de chuid fhostóir A atá in B agus gur de chineál iad imthosca an chiaptha gur chóir le réasún go mbeadh bearta déanta ag fostóir A chun é a chosc,

ansin, chun críocha an Achta seo, is é atá sa ghnéaschiapadh idirdhealú ag fostóir A, ar an bhforas inscne, i ndáil le coinníollacha fostaíochta A.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)* ina fheidhm i ndáil leis an áit oibre agus le cúrsa fhostaíocht A, más rud é, i gcás go gcomhlíontar ceann amháin de na coinníollacha i *míreanna (a)* go *(c)* den *fho-alt* sin—

- (a) go ndéanann B gnéaschiapadh ar A, cibé acu san áit oibre nó nach ea nó i gcúrsa fhostaíocht A nó nach ea, agus
- (b) go ndéileáiltear ar bhealach éagsúil le A san áit oibre nó thairis sin i gcúrsa fhostaíocht A, nó go bhféadfaí le réasún coinne a bheith leis go ndéileálfai amhlaidh le A, de bhrí go ndiúltaíonn A don ghnéaschiapadh nó de bhrí go nglacann sé nó sí leis,

ansin, chun críocha an Achta seo, is é atá sa ghnéaschiapadh idirdhealú ag fostóir A, ar an bhforas inscne, i ndáil le coinníollacha fostaíochta A.

(3) Chun críocha an Achta seo—

- (a) aon ghníomh dlúthchaidrimh fhisicigh ag B i leith A,

(b) aon iarraidh ag B i gcomhair fabhar gnéis ó A, nó

(c) aon ghníomh nó iompar eile de chuid B (lena n-áirítear, gan dochar don ghinearáltacht, briathra béil, gothaí nó táirgeadh, taispeántú nó scaipeadh focal scríofa, pictiúr nó ábhair eile),

is gnéaschiapadh é ag B ar A más gníomh, iarraidh nó iompar atá ann nach bhfáilíonn A roimhe nó roimpi agus go bhféadfaí le réasún a mheas gur ábhar coil, uiríslithe nó imeaglaíthe é do A ó thaobh gnéis de nó ar shlí eile ar an bhforas inscne.

(4) De réir chineál an ghnó atá ag fostóir A, folaíonn an tagairt i *bhfo-alt (1)(c)* do chliant, do chustaiméir nó do theagmhálaí gnó eile tagairt d'aon duine eile a bhféadfadh ionchas réasúnach a bheith ag fostóir A go mbeadh teagmháil ag A leis nó léi san áit oibre nó thairis sin i gcúrsa fhostaíochta A.

(5) Más rud é, de bharr aon ghnímh nó iompair de chuid B, go ndéanfaí, ar leith ón bhfo-alt seo, a mheas de bhua *fo-alt (1)* idirdhealú a bheith á dhéanamh in aghaidh A ag duine eile (“an Fostóir”) ar fostóir A é nó í, is cosaint é don Fhostóir a chruthú gur ghlac an Fostóir cibé bearta is indéanta le réasún—

(a) i gcás lena mbaineann *fo-alt (2)*, chun féachaint chuige nach ndéileálfá ar bhealach éagsúil le A san áit oibre nó thairis sin i gcúrsa fhostaíochta A agus, má déileáladh agus a mhéid a déileáladh amhlaidh leis nó léi, chun a cuid éifeachtaí a fhreaschur, agus

(b) i gcás lena mbaineann *fo-alt (1)* (cibé acu a bhaineann *fo-alt (2)* leis freisin nó nach mbaineann), chun B a chosc ar ghnéaschiapadh a dhéanamh ar A (nó ar aon aicme daoine ar duine díobh A).

(6) San alt seo folaíonn “fostaithe”, i ndáil le pearsa aonair (cibé acu A nó B)—

(a) aon seirbhís a chuireann gníomhaireacht fostaíochta ar fáil a lorg nó a úsáid, agus

(b) a bheith páirteach in aon chúrsa nó saoráid den sórt dá dtagraítear i *míreanna (a)* go *(c) d'alt 12(1)*,

agus, dá réir sin, folaíonn aon tagairt d'fhostóir na pearsan aonair sin tagairt don ghníomhaireacht fostaíochta a mbeidh an tseirbhís á cur ar fáil aici nó, de réir mar a bheidh, don duine a mbeidh an cúrsa oiliúna á thairiscint aige nó aici.

(7) I gcás feidhm a bheith ag *fo-alt (6)* i ndáil le A, beidh éifeacht le *fo-alt (1)* amháil is dá gcuirfí “contrártha *d'alt 11* nó, de réir mar a bheidh, *d'alt 12*” in ionad na bhfocal “i ndáil le coinníollacha fostaíochta A”.

[1998.] *An tAcht um Chomhionannas* [Uimh. 21.]
Fostaíochta, 1998.

(2) San Acht Cosanta, 1954, in alt 289(2) (Seirbhís Altranais an Airm a bheith teoranta do mhná) cuirfear an focal “daoine” in ionad an fhocail “mná”. Cd.III A.24

25.—(1) Níl feidhm ag aon ní sa Chuid seo nó i *gCuid II* maidir le hidirdhealú in aghaidh A i leith fostaíochta i bpost áirithe más idirdhealú é a thig as tosaíocht a thabhairt do B ar an bhforas, faoi threoir fo-alt amháin nó níos mó *d’fho-ailt* (2) go (4), gur cáilíocht ghairme, nó gurb ionann agus cáilíocht ghairme, é gnéas B le haghaidh an phoist áirithe sin. Idirdhealú i bhfostaíochtaí áirithe a eisiámh.

(2) Chun críocha an ailt seo, measfar gur cáilíocht ghairme le haghaidh poist é gnéas B más rud é, ar fhorais fiseolaíochta (gan neart coirp ná teacht aniar a áireamh) nó ar fhorais fire chun críche siamsaíochta—

(a) go gceanglaíonn nádúr an phoist duine den ghnéas céanna le B a bheith ann, agus

(b) go mbeadh difríocht ábhartha i nádúr an phoist dá mba dhuine den ghnéas céanna le A a líonfadh é.

(3) Chun críocha an ailt seo, measfar gur cáilíocht ghairme le haghaidh poist é gnéas B i gcás gur gá gur ag B a bheadh an post mar gur dóigh go mbeadh i gceist leis an bpost sin dualgais a chomhlíonadh lasmuigh den Stát in áit arb amhlaidh do na dlíthe nó do na gnásanna ann nach bhféadfadh, le réasún, duine den ghnéas céanna le A na dualgais sin a chomhlíonadh.

(4) Chun críocha an ailt seo, measfar gur cáilíocht ghairme le haghaidh poist é gnéas B—

(a) i gcás gur cuid de dhualgais an phoist iad seirbhísí pearsanta agus gur gá daoine den dá ghnéas a bheith ag gabháil do na dualgais sin, nó

(b) i gcás gur gá, mar gheall ar chineál na fostaíochta, cóiríocht chodlata agus sláintíochta a sholáthar ar bhonn comhchoiteann d’fhostaithe agus gur mhírreasúnach a bheith ag súil go soláthrófaí cóiríocht den chineál sin go leithleach nó nár phraiticiúil d’fhostóir soláthar den sórt sin a dhéanamh.

26.—(1) Ní dhéanfaidh aon ní san Acht seo neamhdhleathach é d’fhostóir cóir speisialta a shocrú nó a chur ar fáil a thugann sochair do mhná i ndáil le toircheas agus máithreachas (lena n-áirítear cothú ar an gcíoch) nó uchtáil. Eisceachtaí a bhaineann le cúrsaí teaghlaigh agus pearsanta.

(2) Níl feidhm ag an Acht seo maidir le hidirdhealú ar an bhforas inscne i bhfostaíocht arb é atá inti comhlíonadh seirbhísí de chineál pearsanta, ar nós aire a thabhairt do dhuine scothaosta nó do dhuine faoi éagumas i dteach an duine sin, i gcás gur toisc chinntitheach é gnéas an fhostaí.

27.—(1) I gcás fostaíochta sa Gharda Síochána nó sa tseirbhís príosún— An Garda Síochána agus an tseirbhís príosún.

(a) níl feidhm ag aon ní san Acht seo maidir le fear nó, de réir mar is gá sa chás, bean a shannadh do phost áirithe i gcás ina bhfuil sé sin riachtanach—

- (i) ar mhaithe le príobháideacht nó modhúlacht,
 - (ii) chun pearsana aonair foréigneacha a ghardáil, a choimhdeacht nó a smachtú nó chun círéibeacha nó corraíl fhoréigneach a chur faoi chois, nó
 - (iii) laistigh den Gharda Síochána, chun pearsana aonair foréigneacha a dhí-armáil nó a ghabháil, chun sluaite foréigneacha a smachtú nó a scaipeadh nó chun gialla nó daoine eile a bheidh á gcoinneáil go neamhdhleathach a tharrtháil, nó
- (b) ní chuireann aon ní san Acht seo cosc le critéar airde amháin a fheidhmiú i gcás fear agus ceann eile a fheidhmiú i gcás ban, más de chineál iad na critéir a roghnaítear gur mar a chéile a bheag nó a mhór cion na mban sa Stát is dóigh a chomhlíonfaidh an critéar le haghaidh na mban agus cion na bhfear sa Stát is dóigh a chomhlíonfaidh an critéar le haghaidh na bhfear.

(2) (a) Más rud é—

- (i) nach leor, i dtuairim an Aire, líon na bhfear nó líon na mban atá ag fónamh sa Gharda Síochána lena sannadh do phoist den sórt dá dtagraítear de thuras na huairé i *bhfo-alt (1)(a)*, agus
- (ii) go bhforálfaidh an tAire amhlaidh le hordú faoin bhfo-alt seo,

ní bheidh feidhm ag an Acht seo maidir le cibé comórtais le haghaidh earcaíochta don Gharda Síochána a shonrófar san ordú.

(b) Más rud é—

- (i) nach leor, i dtuairim an Aire, líon na bhfear nó líon na mban atá ag fónamh sa tseirbhís príosún lena sannadh do phoist den sórt dá dtagraítear de thuras na huairé i *bhfo-alt (1)(a)*, agus
- (ii) go bhforálfaidh an tAire amhlaidh le hordú faoin bhfo-alt seo,

ní bheidh feidhm ag an Acht seo maidir le cibé comórtais le haghaidh earcaíochta don tseirbhís príosún a shonrófar san ordú.

CUID IV

FORÁLACHA SONRACHA MAIDIR LE COMHIONANNAS IDIR EARNÁLACHA EILE DAOINE

28.—(1) Chun críche na Coda seo, seasann “C” agus “D” do 2 dhuine a bhfuil an difríocht seo a leanas eatarthu:

- (a) i ndáil leis an bhforas stádais pósta, tá stádais phósta éagsúla ag C agus D;
- (b) i ndáil leis an bhforas stádais teaghlaigh, tá stádas teaghlaigh ag C agus níl ag D, nó *vice versa*;
- (c) i ndáil leis an bhforas gnéaschlaonta, tá gnéaschlaonta éagsúla ag C agus D;

[1998.] *An tAcht um Chomhionannas* [Uimh. 21.]
Fostaíochta, 1998.

- (d) i ndáil leis an bhforas creidimh, tá creidimh éagsúla ag C agus D nó tá creideamh ag C agus níl ag D, nó *vice versa*;
- (e) i ndáil leis an bhforas aoise, ní ionann aois do C agus D;
- (f) i ndáil leis an bhforas míchumais, is duine faoi mhíchumas é nó í C agus ní hamhlaidh do D, nó *vice versa*, nó is daoine iad C agus D atá faoi mhíchumais éagsúla;
- (g) i ndáil leis an bhforas cine, tá C agus D éagsúil i dtaca le cine, le dath, le náisiúntacht nó le bunadh eitneach nó náisiúnta nó i dtaca le haon teaghlaim de na tosca sin;
- (h) i ndáil leis an bhforas lucht siúil, is duine den lucht siúil é nó í C agus ní hamhlaidh do D, nó *vice versa*.

(2) Sna forálacha sin ina dhiaidh seo den Chuid seo, déileálfar le haon tagairt do C agus D nach mbaineann le foras idirdhealaitheach sonrach mar thagairt do C agus D i gcomhthéacs gach ceann de na forais idirdhealaitheacha (seachas an foras inscne) arna bhreithniú ar leithligh.

(3) Déanfar aon tagairt san Acht seo do dhaoine a bhfuil an tsainghné iomchuí céanna acu is atá ag C (nó is atá ag D) a fhorléiriú faoi threoir an fhorais idirdhealaitheach a bhfuil feidhm ag an tagairt i ndáil leis nó, de réir mar a bheidh, i ndáil le gach ceann de na forais idirdhealaitheacha (seachas an foras inscne) ar leithligh, sa dóigh—

- (a) i ndáil leis an bhforas stádais pósta, gurb éard atá sa tsainghné iomchuí ná an stádas pósta céanna a bheith acu is atá ag C (nó, de réir mar a bheidh, is atá ag D), agus
- (b) i ndáil leis an bhforas stádais teaghlaigh, gurb éard atá sa tsainghné iomchuí ná an stádas teaghlaigh céanna nó an easpa céanna stádais teaghlaigh a bheith acu is atá ag C (nó, de réir mar a bheidh, is atá ag D),

agus mar sin de maidir le gach ceann de na forais idirdhealaitheacha eile.

29.—(1) Beidh téarma sa chonradh faoina mbeidh C fostaithe á rá go mbeidh C tráth ar bith, faoi réir an Achta seo, i dteideal an ráta céanna luach saothair, as an obair a bhfuil C fostaithe chun í a dhéanamh, is atá D, a bheidh, an tráth sin nó tráth iomchuí ar bith eile, fostaithe ag an bhfostóir céanna nó ag fostóir comhlachaithe chun an cineál céanna oibre a dhéanamh. Teideal chun luach saothair chomhionainn.

(2) Chun críocha *fho-alt* (1), i ndáil le tráth áirithe, is éard is tráth iomchuí ann tráth ar bith (lena n-áirítear tráth thosach feidhme an Achta seo nó ina dhiaidh) le linn na 3 bliana a ghabhann roimh an tráth áirithe nó na 3 bliana a leanann é.

(3) Chun críocha na Coda seo, i gcás gur fostóir comhlachaithe de chuid fhostóir C é nó í fostóir D, ní mheasfar C agus D a bheith fostaithe chun an cineál céanna oibre a dhéanamh mura mbeidh na téarmaí agus na coinníollacha fostaíochta atá acu araon mar an gcéanna nó réasúnta inchomórtais lena chéile.

(4) Más rud é, i gcás téarma i gconradh fostaíochta nó critéir a bhfuil feidhm aige maidir le fostaithe (lena n-áirítear C agus D)—

Cd.IV A.29

- (a) go bhfuil feidhm aige maidir le fostaithe uile fostóra áirithe nó le haicme áirithe de na fostaithe sin (lena n-áirítear C agus D),
- (b) gur de chineál é a fhágann nach ionann luach saothair na bhfostaithe sin a chomhlíonann an téarma nó an critéar agus luach saothair na bhfostaithe nach gcomhlíonann é,
- (c) gur de chineál é a fhágann gur lú go mór an cion d'fhostaithe ar féidir leo an téarma nó an critéar a chomhlíonadh i gcás na bhfostaithe a bhfuil an tsainghné iomchuí chéanna le C acu i gcomparáid leis na fostaithe a bhfuil an tsainghné iomchuí chéanna le D acu, agus
- (d) nach féidir é a chosaint mar ní réasúnach in imthosca uile an cháis,

ansin, chun críocha *fho-alt (1)*, measfar go gcomhlíonann C agus D araon nó, de réir mar a bheidh, nach gcomhlíonann C agus D araon an téarma nó an critéar, cibé cás acu as a dtagann an luach saothair is airde.

(5) Faoi réir *fho-alt (4)*, ní choiscfidh aon ní sa Chuid seo ar fhostóir rátaí éagsúla luach saothair a íoc, ar fhorais seachas na forais idirdhealaitheacha, le fostaithe éagsúla.

Clásal
comhionannais a
bhaineann le
saincheisteanna
nach
saincheisteanna
inscne.

30.—(1) Mura bhfuil agus a mhéid nach bhfuil clásal comhionannais neamh-idirdhealaitheach ar áireamh (go sainráite nó faoi threoir comhaontaithe chomhchoitinn nó ar shlí eile) i dtéarmaí conartha fostaíochta, measfar clásal den sórt sin a bheith iontu.

(2) Is éard is clásal comhionannais neamh-idirdhealaitheach ann foráil a bhaineann le téarmaí conartha fostaíochta, seachas téarma a bhaineann le luach saothair nó le cearta pinsin, a bhfuil d'éifeacht léi, i gcás—

- (a) C a bheith fostaithe in imthosca nach bhfuil difríocht ábhartha idir an obair a dhéanann C agus an obair a dhéanann D san fhostaíocht chéanna, agus
- (b) maidir le conradh fostaíochta C, gurb amhlaidh aon tráth (murach an clásal comhionannais neamh-idirdhealaitheach)—
 - (i) go mbeadh téarma ann atá nó a thiocfaidh chun bheith ina théarma is lú fabhar do C ná téarma dá shamhail i gconradh fostaíochta D, nó
 - (ii) nach mbeadh téarma ann atá ar comhréir le téarma i gconradh fostaíochta D a théann chun sochair do D,

ansin go ndéileálfar le téarmaí chonradh fostaíochta C mar théarmaí a bheidh modhnaithe ionas nach lú fabhar do C an téarma áirithe sin nó, de réir mar a bheidh, ionas go bhfuil téarma dá shamhail iontu a théann chun sochair do C.

(3) Ní oibreoidh clásal comhionannais neamh-idirdhealaitheach i ndáil le difríocht idir conradh fostaíochta C agus conradh fostaíochta D má chruthaíonn an fostóir go bhfuil an difríocht bunaithe dáiríre ar fhorais nach bhfuil ar áireamh sna forais a shonraítear i *míreanna (a) go (h) d'alt 28(1)*.

(4) Gan dochar do ghinearáltacht *alt 8(1)*, i gcás go dtairgfídh Cd.IV A.30 duine fostaíocht ar théarmaí áirithe do C agus, dá nglacadh C leis an tairiscint ar na téarmaí sin, go mbeadh d'éifeacht leis an gclásal comhionannais neamh-idirdhealaitheach i gconradh fostaíochta C na téarmaí a mhodhnú i gceachtar slí de na slí a shonraítear i *bhfo-alt (2)*, measfar gurb ionann an tairiscint a dhéanamh agus idirdhealú in aghaidh C i ndáil le coinníollacha fostaíochta C ar cibé ceann de na forais idirdhealaitheacha is iomchuí maidir leis an difríocht (nó leis na difríochtaí) idir C agus D.

31.—(1) Más rud é, maidir le foráil (cibé acu is de chineál Idirdealú ceanglais, cleachtais nó eile í) a bhaineann le fostaíocht— neamhdhíreach.

- (a) go bhfuil feidhm aici maidir le fostaithe uile nó le fostaithe ionchasacha uile fostóra áirithe a bhfuil C agus D ina measc nó, de réir mar a bheidh, le haicme áirithe de na fostaithe sin nó de na fostaithe ionchasacha sin a mbaineann C agus D léi,
- (b) gur míbhuntáiste í do C, i gcomparáid le D, i ndáil le haon cheann de na nithe a shonraítear i *míreanna (a) go (e) d'alt 8(1)*,
- (c) gur lú go mór an cion d'fhostaithe nó d'fhostaithe ionchasacha a bhfuil an tsainghné iomchuí chéanna le C acu agus ar féidir leo go praiticiúil an fhoráil a chomhlíonadh i gcomparáid leis na fostaithe nó leis na fostaithe ionchasacha a bhfuil an tsainghné chéanna le D acu, agus
- (d) nach féidir í a chosaint mar ní réasúnach in imthosca uile an cháis,

ansin, faoi réir *fho-ailt (4)* agus *(5)*, chun críocha an Achta seo, measfar idirdhealú a bheith á dhéanamh ag an bhfostóir in aghaidh C, contrártha *d'alt 8*, ar cibé ceann de na forais idirdhealaitheacha is bun leis na sainghnéithe iomchuí dá dtagraítear i *mír (c)*.

(2) Más rud é, maidir le foráil (cibé acu is de chineál ceanglais, cleachtais nó eile í) a bhaineann le comhaltas i gcomhlacht rialaitheach—

- (a) go bhfuil feidhm aici maidir leis na daoine go léir atá nó a d'fhéadfadh a bheith ina gcomhaltaí nó le haicme áirithe de na daoine sin a mbaineann C agus D léi,
- (b) gur míbhuntáiste í do C, i gcomparáid le D, i ndáil le haon cheann de na nithe a shonraítear i *míreanna (a) go (e) d'alt 8(1)*,
- (c) gur lú go mór an cion de na daoine atá nó a d'fhéadfadh a bheith ina gcomhaltaí a bhfuil an tsainghné iomchuí chéanna le C acu agus ar féidir leo go praiticiúil an fhoráil a chomhlíonadh i gcomparáid leis na daoine atá nó a d'fhéadfadh a bheith ina gcomhaltaí agus a bhfuil an tsainghné chéanna le D acu, agus
- (d) nach féidir í a chosaint mar ní réasúnach in imthosca uile an cháis,

ansin, faoi réir *fho-alt (5)*, chun críocha an Achta seo, measfar idirdhealú a bheith á dhéanamh ag an gcomhlacht rialaitheach in

Cd.IV A.31

aghaidh C, contrártha d'alt 13, ar cibé ceann de na forais idirdhealaitheacha is bun leis na sainghnéithe iomchuí dá dtagraítear i mír (c).

(3) Beidh feidhm ag *fo-alt* (1), fara na modhnuithe is gá—

(a) i ndáil le haon seirbhísí de chuid gníomhaireachta fostaíochta den sórt dá dtagraítear i *míreanna* (a) agus (b) d'alt 11(1) a sholáthar,

(b) i ndáil le páirteachas in aon chúrsa nó saoráid den sórt dá dtagraítear i *míreanna* (a) go (c) d'alt 12(1).

(4) Tá feidhm ag *fo-alt* (3) d'alt 8 chun críocha *fho-alt* (1) agus, a mhéid a bhaineann sé le fostóir, chun críocha *fho-alt* (5) mar atá feidhm aige chun críocha *fho-alt* (4) go (8) den alt sin.

(5) Más rud é, maidir le foráil, gur de chineál í go measfaí, ar leith ón bhfo-alt seo, fostóir nó comhlacht rialaitheach—

(a) a bheith, de bhua *fho-alt* (1) nó (2), ag déanamh idirdhealú in aghaidh pearsan aonair ar an bhforas stádais pósta nó ar an bhforas stádais teaghlaigh, agus

(b) a bheith, de bhua *alt* 22, ag déanamh idirdhealú freisin in aghaidh na pearsan aonair céanna ar an bhforas inscne,

ní mheasfar go bhfuil an fostóir nó an comhlacht rialaitheach ag déanamh idirdhealú in aghaidh na pearsan aonair sin de bhua *fho-alt* (1) nó, de réir mar a bheidh, de bhua *fho-alt* (2).

Ciapadh san áit oibre etc.

32.—(1) Más rud é, in áit ina bhfuil C fostaithe (dá ngairtear “an áit oibre” san alt seo), nó thairis sin i gcúrsa fhostaíocht C, go ndéanfaidh pearsa aonair eile (“E”) ciapadh ar C faoi threoir shainghné iomchuí C agus—

(a) go bhfuil C agus E araon fostaithe san áit sin nó ag an bhfostóir céanna,

(b) gur fostóir C atá in E, nó

(c) gur cliant, custaiméir nó teagmhálaí gnó eile de chuid fhostóir C atá in E agus gur de chineál iad imthosca an chiaptha gur chóir le réasún go mbeadh bearta déanta ag fostóir C chun é a chosc,

ansin, chun críocha an Achta seo, is é atá sa chiapadh idirdhealú ag fostóir C i ndáil le coinníollacha fostaíochta C ar cibé foras idirdhealaitheach is iomchuí maidir le daoine a bhfuil an tsainghné iomchuí chéanna le C acu.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt* (1) ina fheidhm i ndáil leis an áit oibre agus le cúrsa fhostaíocht C, más rud é, i gcás go gcomhlíontar ceann amháin de na coinníollacha i *míreanna* (a) go (c) den *fho-alt* sin—

(a) go ndéanann E ciapadh ar C faoi threoir shainghné iomchuí C, cibé acu san áit oibre nó nach ea nó i gcúrsa fhostaíocht C nó nach ea, agus

(b) go ndéileáiltear ar bhealach éagsúil le C san áit oibre nó thairis sin i gcúrsa fhostaíocht C, nó go bhféadfaí le

réasún coinne a bheith leis go ndéileálfaí amhlaidh le C, Cd.IV A.32
de bhrí go ndiúltaíonn C don chiapadh nó de bhrí go
nglacann sé nó sí leis,

ansin, chun críocha an Achta seo, is é atá sa chiapadh idirdhealú ag
fostóir C i ndáil le coinníollacha fostaíochta C ar cibé foras
idirdehalaitheach is iomchuí maidir le daoine a bhfuil an tsainghné
iomchuí chéanna le C acu.

(3) Tá feidhm ag *alt 23(4)* i ndáil le *fo-alt (1)(c)* ach tagairt do C
a chur in ionad aon tagartha do A.

(4) Ní bhaineann sé le hábhar, chun críocha an ailt seo, cibé acu—

(a) a sheasann E mar D i ndáil le C, nó

(b) atá an tsainghné iomchuí chéanna ag E is atá ag C,

agus folaíonn aon tagairt san alt seo do shainghné iomchuí C (nó
don tsainghné iomchuí chéanna le C) tagairt don tsainghné a
greideann E gurb í sainghné iomchuí C í.

(5) Chun críocha an Achta seo, is ciapadh ag E ar C aon ghníomh
nó iompar de chuid E (lena n-áirítear, gan dochar don
ghinearáltacht, briathra béil, gothaí nó táirgeadh, taispeáint nó
scaipeadh focal scríofa, pictiúr nó ábhair eile) más gníomh nó iompar
eile é nach bhfáiltíonn C roimhe agus go bhféadfaí le réasún a mheas,
i ndáil le sainghné iomchuí C, gur ábhar coil, uiríslithe nó imeaglaithe
é do C.

(6) Más rud é, de bharr aon ghnímh nó iompair de chuid E, go
ndéanfaí, ar leith ón bhfo-alt seo, a mheas de bhua *fho-alt (1)*
idirdehalú a bheith á dhéanamh in aghaidh C ag duine eile (“F”) ar
fostóir C é nó í, is cosaint é do F a chruthú gur ghlac F cibé bearta
is indéanta le réasún—

(a) i gcás lena mbaineann *fo-alt (2)*, chun féachaint chuige nach
ndéileálfaí ar bhealach éagsúil le C san áit oibre nó thairis
sin i gcúrsa fhostaíocht C agus, má déileáladh agus a
mhéid a déileáladh amhlaidh leis nó léi, chun a cuid
éifeachtaí a fhreaschur, agus

(b) i gcás lena mbaineann *fo-alt (1)* (cibé acu a bhaineann *fo-
alt (2)* leis freisin nó nach mbaineann), chun E a chosc ar
chiapadh a dhéanamh ar C (nó ar aon aicme daoine ar
duine díobh C).

(7) San alt seo folaíonn “fostaithe”, i ndáil le pearsa aonair—

(a) aon seirbhís a chuireann gníomhaireacht fostaíochta ar fáil
a lorg nó a úsáid, agus

(b) a bheith páirteach in aon chúrsa nó saoráid den sórt dá
dtagraítear i *míreanna (a)* go *(c) d’alt 12(1)*,

agus, dá réir sin, folaíonn aon tagairt d’fhostóir na pearsan aonair
tagairt don ghníomhaireacht fostaíochta a mbeidh an tseirbhís á cur
ar fáil aici nó, de réir mar a bheidh, don duine a bheidh ag tairiscint
an chúrsa nó na saoráide.

(8) I gcás feidhm a bheith ag *fo-alt (7)* i ndáil le C, beidh éifeacht
le *fo-alt (1)* amhail is dá gcuirfí “contrártha *d’alt 11* nó, de réir mar

Cd.IV A.32

a bheidh, *d'alt 12*” in ionad na bhfocal “i ndáil le coinníollacha fostaíochta C”.

Gníomhaíocht
dhearfach a cheadú.

33.—(1) Ní choisfidh aon ní sa Chuid seo nó i *gCuid II* cibé bearta a dhéanamh a shonraítear i *bhfo-alt (2)* chun lánpháirtíú isteach i bhfostaíocht a éascú, cibé acu i gcoitinne nó i réimsí áirithe nó in áit oibre áirithe—

- (a) le haghaidh daoine a bhfuil 50 bliain d’aois slánaithe acu,
- (b) le haghaidh daoine faoi mhíchumas nó le haghaidh aon aicme nó tuairisce daoine den sórt sin, nó
- (c) le haghaidh daoine den lucht siúil.

(2) Is iad na bearta a luaitear i *bhfo-alt (1)* na bearta atá ceaptha éifeachtaí an idirdhealaithe in aghaidh aon duine de na daoine dá dtagraítear i *míreanna (a)* go *(c)* den fho-alt sin a laghdú nó deireadh a chur leo.

(3) Ní fhágfaidh aon ní sa Chuid seo nó i *gCuid II* gur neamhdhleathach oiliúint nó taithí oibre a sholáthar, ag an Stát nó thar a cheann, do ghrúpa daoine faoi mhíbhuntáiste má dheimhníonn an tAire gur dócha, mura mbeadh an soláthar áirithe sin ann, nach bhfaigheadh an grúpa sin faoi mhíbhuntáiste oiliúint nó taithí oibre dá samhail.

Cosaintí agus
eisceachtaí a
bhaineann leis an
teaghlach, le haois
nó le míchumas.

34.—(1) Maidir leis na forais idirdhealaitheacha a shonraítear i *míreanna (a)* go *(h)* *d'alt 28(1)*, ní dhéanfaidh aon ní sa Chuid seo nó i *gCuid II* neamhdhleathach é d’fhostóir—

- (a) sochar a chur ar fáil d’fhostaí i leith teagmhas a bhaineann le daoine de theaghlach an fhostaí nó le haon tuairisc daoine den sórt sin,
- (b) sochar a chur ar fáil do dhuine nó i leith duine mar dhuine de theaghlach fostaí,
- (c) sochar a chur ar fáil d’fhostaí, ar theagmhas tarlú, nó faoi threoir teagmhais, is cionsiocair le hathrú ar stádas pósta an fhostaí, nó
- (d) sochar a chur ar fáil d’fhostaí a bhfuil stádas teaghlaigh aige nó aici, ar sochar é a bhfuil sé ceaptha é a úsáid chun cúram a thabhairt go díreach, nó cabhrú chun cúram a thabhairt, le linn uaireanta oibre, do dhuine a bhfuil freagracht ar an bhfostaí ina leith mar a luaitear i *míreanna (a)* agus *(b)* den mhíniú ar “stádas teaghlaigh” in *alt 2(1)*.

(2) I *bhfo-alt (1)* folaíonn “fostóir” gníomhaireacht fostaíochta, duine a thairgeann cúrsa gairmoiliúna mar a luaitear in *alt 12(1)* agus comhlacht rialaitheach; agus dá réir sin folaíonn tagairtí d’fhostaí—

- (a) duine a bhfuil aon seirbhís a chuireann an ghníomhaireacht fostaíochta ar fáil á lorg nó á húsáid aige nó aici,
- (b) duine atá páirteach in aon chúrsa nó saoráid den sórt dá dtagraítear i *míreanna (a)* go *(c)* *d'alt 12(1)* agus
- (c) duine is comhalta den chomhlacht rialaitheach.

(3) Ní fhágfaidh aon ní sa Chuid seo nó i *gCuid II* gur neamhdhleathach idirdhealú a dhéanamh ar an bhforas aoise nó ar an bhforas míchumais in imthosca ina suffear go bhfuil fianaise shoiléir achtúireach nó eile ann go mbeadh costais a bheadh méadaithe go suntasach i gceist mura gceadófaí an t-idirdhealú sna himthosca sin.

(4) Gan dochar d'*fho-alt (3)*, ní idirdhealú ar an bhforas aoise é aoiseanna éagsúla a shocrú le haghaidh fostaithe nó aon aicme nó tuairisc fostaithe do scor (cibé acu go saorálach nó go héigeantach).

(5) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (3)*, ní idirdhealú ar an bhforas aoise é aois uasta d'earcaíocht a shocrú, i ndáil le aon phost, a chuirfidh san áireamh—

(a) aon chostas nó tréimhse ama a ghabhann le hearcach a oiliúint go dtí caighdeán ag a mbeidh an t-earcach éifeachtach sa phost sin, agus

(b) gur gá go mbeadh tréimhse réasúnach ama ann roimh aois scoir ina mbeidh an t-earcach éifeachtach sa phost sin.

(6) Más rud é, díreach roimh an lá iomchuí, go bhfuil socrúithe i bhfeidhm maidir le luach saothair aois-choibhneasa in aon fostaíocht, is leorchomhlíonadh ar an *gCuid* seo agus ar *Chuid II* é deireadh a bheith curtha leis na socrúithe sin laistigh den tréimhse 3 bliana dar tosach an lá iomchuí.

(7) Ní idirdhealú ar an bhforas aoise é fostóir do chur na nithe seo a leanas ar fáil do dhaoine éagsúla—

(a) rátaí éagsúla luach saothair, nó

(b) téarmaí agus coinníollacha fostaíochta éagsúla,

má bhíonn an difríocht bunaithe ar a sinsireacht (nó ar a bhfad seirbhíse) faoi seach i bpost nó i bhfostaíocht áirithe.

(8) San alt seo ciallaíonn “an lá iomchuí” an lá a cheapfar le haghaidh theacht i ngníomh *alt 29*.

35.—(1) Ní dhéanfaidh aon ní sa Chuid seo nó i *gCuid II* neamhdhleathach é d'fhostóir ráta áirithe luach saothair a chur ar fáil d'fhostaí faoi mhíchumas as obair de thuairisc áirithe a dhéanamh más rud é, mar gheall ar an míchumas sin, go bhfuil an fostaí srianta ina chumas nó ina cumas chun an méid céanna oibre a dhéanamh (nó chun na huaireanta céanna oibre a dhéanamh) le duine atá fostaithe chun obair den tuairisc sin a dhéanamh ach nach bhfuil faoin míchumas sin.

Forálacha speisialta maidir le daoine faoi mhíchumas.

(2) Ní dhéanfaidh aon ní sa Chuid seo nó i *gCuid II* neamhdhleathach é d'fhostóir nó d'aon duine eile cóir speisialta nó saoráidí speisialta a chur ar fáil do dhuine faoi mhíchumas más rud é maidir leis an an gcóir nó na saoráidí sin a chur ar fáil—

(a) go gcuireann sé ar chumas an duine sin nó go gcabhraíonn sé leis nó léi dul faoi ghairmoiliúint, a bheith páirteach i bpróiseas roghnóireachta nó obair a dhéanamh, nó

(b) go gcuireann sé timpeallacht oiliúna nó oibre ar fáil don duine sin a bheidh in oiriúint don mhíchumas, nó

(c) go gcabhraíonn sé ar shlí eile leis an duine sin i ndáil le gairmoiliúint nó le hobair.

(3) Más rud é, de bhua *fho-alt (1)* nó *(2)*, go bhfaigheann D, mar dhuine faoi mhíchumas, ráta áirithe luach saothair nó, de réir mar a bheidh, cóir speisialta nó saoráidí speisialta, ní bheidh C, mar dhuine nach bhfuil faoi mhíchumas, nó atá faoi mhíchumas eile, i dteideal an ráta luach saothair sin, na córa sin nó na saoráidí sin faoin Acht seo.

Is dleathach ceanglais áirithe a fhorchur.

36.—(1) Ní dhéanfaidh aon ní sa Chuid seo nó i *gCuid II* neamhdhleathach é aon fhoráil (cibé acu is de chineál ceanglais, cleachtais nó eile í) den sórt a luaiter i *bhfo-alt (2)* a chur i bhfeidhm—

(a) maidir le hoifig a shealbhú faoin Stát nó i seirbhís an Stáit (lena n-áirítear an Garda Síochána agus Óglaigh na hÉireann) nó ar shlí eile mar státseirbhíseach, de réir bhrí Acht Rialuithe na Stát-Sheirbhíse, 1956, nó

(b) maidir le hoifigigh nó seirbhísigh d'údarás áitiúil, chun críocha an Achta Rialtais Áitiúil, 1941, d'údarás cuain, do bhord sláinte nó do choiste gairmoideachais.

(2) Is iad na forálacha dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* na forálacha sin a bhaineann le gach ceann nó le haon cheann díobh seo a leanas:

(a) cónaí;

(b) saoránacht;

(c) inniúlacht sa Ghaeilge.

(3) Ní dhéanfaidh aon ní sa Chuid seo nó i *gCuid II* neamhdhleathach é aon fhoráil (cibé acu is de chineál ceanglais, cleachtais nó eile í) a chur i bhfeidhm i ndáil le hinniúlacht sa Ghaeilge i leith múinteoirí i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna.

(4) Ní dhéanfaidh aon ní sa Chuid seo nó i *gCuid II* neamhdhleathach é a cheangal, i ndáil le post áirithe—

(a) go mbeidh cáilíocht shonraithe oideachais, theicniúil nó ghairmiúil ag duine, ar cáilíocht í a nglactar go ginearálta léi sa Stát le haghaidh post den tuairisc sin, nó

(b) go ndéanfar faisnéis maidir le haon cháilíocht seachas cáilíocht shonraithe den sórt sin a thabhairt ar aird agus a mheas.

(5) Ní dhéanfaidh aon ní sa Chuid seo nó i *gCuid II* neamhdhleathach é do chomhlacht a rialaíonn dul le gairm, gairm bheatha nó slí bheatha, nó seoladh gairme, gairme beatha nó slí beatha, a cheangal ar dhuine a bheidh ag seoladh na gairme, na gairme beatha nó na slí beatha sin nó ar mian leis nó léi dul leis an ngairm, leis an ngairm bheatha nó leis an tslí beatha sin cáilíocht shonraithe oideachais, theicniúil nó eile is cuí sna himthosca a bheith aige nó aici.

(6) Ní fhágfaidh aon ní san alt seo gur dleathach idirdhealú a dhéanamh ar an bhforas inscne.

37.—(1) Maidir le foras creidimh, oideachais nó leighis atá faoi rialú nó faoi urláimh comhlachta arna bhunú chun críocha creidimh nó a n-áirítear ina chuspóirí seirbhísí a sholáthar i dtimpeallacht a chuireann luachanna áirithe creidimh chun cinn, ní mheasfar idirdhealú a bheith á dhéanamh aige in aghaidh duine chun críocha na Coda seo nó *Chuid II* más rud é—

CD.IV

Idirdhealú ar fhorais ar leith i bhfostaíochtaí áirithe a eisiámh.

- (a) go ndéileálann sé ar bhealach níos fabhraí, ar an bhforas creidimh, le fostaí nó le fostaí ionchasach ná mar a dhéileálann sé leis an duine sin i gcás gur réasúnach sin a dhéanamh d'fhonn aetas creidimh an fhorais a chothú, nó
- (b) go ndéanann sé aon bheart is gá le réasún chun a chosc ar fhostaí nó ar fhostaí ionchasach an bonn a bhaint ó aetas creidimh an fhorais.

(2) Níl feidhm ag aon ní sa *Chuid* seo nó i *gCuid II* maidir le hidirdhealú in aghaidh C i leith fostaíochta i bpost áirithe más idirdhealú é a thig as tosaíocht a thabhairt do D ar an bhforas gur cáilíocht ghairme nó gurb ionann agus cáilíocht ghairme í sainghné iomchuí D le haghaidh an phoist áirithe sin.

(3) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (2)*, maidir le hidirdhealú ar an bhforas aoise, ar an bhforas míchumais nó ar an bhforas cine, measfar gur cáilíocht ghairme le haghaidh poist í sainghné iomchuí D más rud é, ar fhorais fiseolaíochta nó ar fhorais fíre chun críche siamsaíochta—

- (a) go gceanglaíonn nádúr an phoist duine a bheith ann a bhfuil an tsainghné iomchuí chéanna le D aige nó aici, agus
- (b) go mbeadh difríocht ábhartha i nádúr an phoist dá mba dhuine nach bhfuil an tsainghné iomchuí sin aige nó aici a líonfadh é.

(4) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (2)*, maidir le hidirdhealú ar an bhforas creidimh nó ar an bhforas cine, measfar gur cáilíocht ghairme le haghaidh poist í sainghné iomchuí D i gcás gur gá gur ag D a bheadh an post mar gur dóigh go mbeadh i gceist leis an bpost sin dualgais a chomhlíonadh lasmuigh den Stát in áit arb amhlaidh do na dlíthe nó do na gnásanna ann nach bhféadfadh, le réasún, duine nach bhfuil an tsainghné iomchuí sin aige nó aici nó, de réir mar is gá sa chás, duine a bhfuil sainghné iomchuí de *chuid C* aige nó aici, na dualgais sin a chomhlíonadh.

(5) Maidir leis na forais idirdhealaitheacha a shonraítear i *míreanna (a)* go *(h) d'alt 28(1)*, níl feidhm ag aon ní sa *Chuid* seo nó i *gCuid II* maidir le fostú aon duine chun críocha teaghlaigh phríobháidigh.

(6) Maidir le hidirdhealú ar an bhforas aoise nó ar an bhforas míchumais, níl feidhm ag aon ní sa *Chuid* seo nó i *gCuid II* maidir le fostaíocht—

- (a) in Óglaigh na hÉireann,
- (b) sa Gharda Síochána, nó
- (c) sa tseirbhís príosún.

CUID V

AN TÚDARÁS COMHIONANNAIS

Ginearálta

An
Ghníomhaireacht
um Chomhionannas
Fostaíochta do
leanúint mar an
tÚdarás
Comhionannais.

38.—(1) Maidir leis an nGníomhaireacht um Chomhionannas Fostaíochta, a bunaíodh le halt 34 den Acht um Chomhionannas Fostaíochta, 1977, leanfaidh sí de bheith ina comhlacht corpraithe le comharbas suthain agus beidh cumhacht agartha aici agus beidh sí inagartha ina hainm corpraithe agus beidh cumhacht aici talamh a fháil, a shealbhú agus a dhiúscairt agus, ar theacht i ngníomh don alt seo agus dá éis, tabharfar an tÚdarás Comhionannais nó, sa Bhéarla, *the Equality Authority* uirthi agus déanfar tagairtí in aon achtachán nó doiciméad eile don Ghníomhaireacht um Chomhionannas Fostaíochta a fhorléiriú dá réir sin.

(2) Gach duine a bhí, díreach roimh an lá a thiocfaidh an t-alt seo i ngníomh, i seilbh oifige mar chathaoirleach na Gníomhaireachta nó mar ghnáthchomhalta den Ghníomhaireacht, scoirfidh sé nó sí de bheith i seilbh na hoifige an lá sin.

Feidhmeanna an
Údaráis.

39.—Beidh ag an Údarás, i dteannta na bhfeidhmeanna a shanntar dó le haon fhoráil eile den Acht seo nó d'aon Acht eile, na feidhmeanna ginearálta seo a leanas:

- (a) oibriú chun deireadh a chur le hidirdhealú i ndáil le fostaíocht;
- (b) comhionannas deiseanna a chur chun cinn i ndáil leis na nithe lena mbaineann an tAcht seo;
- (c) faisnéis a chur ar fáil don phobal maidir le hoibriú an Achta seo, an Achta um Chosaint Mháithreachais, 1994, agus an Achta um Shaoire Uchtaíoch, 1995, agus oibriú na nAchtanna sin a choinneáil faoi athbhreithniú agus, aon uair is dóigh leis gur gá é, tograí a chur faoi bhráid an Aire chun aon cheann de na hAchtanna sin a leasú; agus
- (d) oibriú Acht na bPinsean, 1990, a choinneáil faoi athbhreithniú maidir leis an bprionsabal um chóir chomhionann agus, aon uair is dóigh leis gur gá é, tograí a chur faoi bhráid an Aire Gnóthaí Sóisialacha, Pobail agus Teaghlaigh chun an tAcht sin a leasú.

Pleananna
Straitéiseacha.

40.—(1) A luaithe is indéanta tar éis *d'alt* 38 teacht i ngníomh agus ina dhiaidh sin laistigh de 6 mhí roimh gach dáta ar cothrom trí bliana an dáta a tháinig an t-alt sin i ngníomh é, déanfaidh an tÚdarás plean straitéiseach don tréimhse 3 bliana ina dhiaidh sin a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire lena cheadú ag an Aire fara leasú nó gan leasú.

(2) Maidir le plean straitéiseach—

- (a) is é a bheidh ann cuspóirí fíorthábhachtacha an Údaráis, a aschuir agus a straitéisí gaolmhara, lena n-áirítear úsáid acmhainní,
- (b) ullmhófar é i bhfoirm agus ar mhodh a bheidh de réir aon ordachán arna n-eisiúint ag an Aire ó am go ham, agus

[1998.] *An tAcht um Chomhionannas* [Uimh. 21.]
Fostaíochta, 1998.

(c) tabharfar aird ann ar an ngá atá ann a chinntiú go mbainfear Cd.V A.40
an úsáid is tairbhiúla, is éifeachtaí agus is éifeachtúla as
acmhainní an Údaráis.

(3) Cuirfidh an tAire faoi deara, a luaithe is indéanta tar éis an
plean straitéiseach a cheadú, cóip den phlean straitéiseach a leagan
faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

41.—(1) Faoi réir *fho-alt* (2), is iad a bheidh ar an Údarás 12 Comhaltas.
chomhalta arna gceapadh ag an Aire (agus a gceapfar duine acu mar
chathaoirleach air) ar fireannaigh 5 acu ar a laghad agus ar
baineannaigh 5 acu ar a laghad.

(2) Ar feadh na 4 bliana díreach tar éis don Aire comhaltaí an
Údaráis a cheapadh den chéad uair, is iad a bheidh ar an Údarás 12
chomhalta ar a mhéad arna gceapadh amhlaidh (ar cathaoirleach air
duine amháin acu) agus, maidir leis na comhaltaí sin, seachas 2
dhuine acu, fireannaigh a bheidh ina leath ar a laghad agus
baineannaigh a bheidh ina leath ar a laghad.

(3) Féadfaidh an tÚdarás gníomhú d'ainneoin aon fholúntais nó
folúntas i measc a chuid comhaltaí.

42.—(1) Déanfar an cathaoirleach a cheapadh i gcáil An cathaoirleach.
lánaimseartha nó i gcáil pháirtaimseartha agus beidh sé nó sí i seilbh
oifige ar feadh 4 bliana ar a mhéad ar cibé téarmaí agus coinníollacha
a chinnfidh an tAire le toiliú an Aire Airgeadais.

(2) Íocfar leis an gcathaoirleach, as airgead a sholáthróidh an
tOireachtas, cibé luach saothair agus cibé liúntais agus caiteachais a
chinnfidh an tAire le toiliú an Aire Airgeadais.

(3) Féadfaidh an cathaoirleach éirí as an oifig sin tráth ar bith trí
litir a bheidh dírithe chuig an Aire agus beidh éifeacht leis an éirí as
ar an dáta a gheobhaidh an tAire an litir.

(4) Féadfaidh an tAire, tráth ar bith, an cathaoirleach a chur as
oifig ar chúiseanna sonrathie.

43.—(1) Más rud é, i gcás duine ar cathaoirleach an Údaráis nó Dícháilíocht.
gnáthchomhalta den Údarás é nó í—

(a) go n-ainmneofar é nó í mar chomhalta de Sheanad Éireann,

(b) go dtoghfar é nó í mar chomhalta de cheachtar Teach den
Oireachtas nó chun Parlaimint na hEorpa, nó

(c) go measfar, de bhun alt 19 den Acht um Thoghcháin do
Pharlaimint na hEorpa, 1997, é nó í a bheith tofa chun
Parlaimint na hEorpa chun folúntas a líonadh,

scoirfidh an duine, air sin, de bheith ina chathaoirleach nó ina
cathaoirleach ar an Údarás nó ina ghnáthchomhalta nó ina
gnáthchomhalta den Údarás.

(2) Duine a bheidh de thuras na huairé i dteideal faoi Bhuan-
Orduithe ceachtar Tí den Oireachtas suí sa Teach sin nó is comhalta
de Parlaimint na hEorpa, beidh sé nó sí, fad a bheidh sé nó sí i
dteideal amhlaidh nó ina chomhalta nó ina comhalta den sórt sin,

Cd.V A.43

dícháilithe chun bheith ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar an Údarás nó ina gnáthchomhalta nó ina gnáthchomhalta den Údarás.

(3) Beidh duine is comhalta den Údarás dícháilithe chun oifig a shealbhú agus scoirfidh sé nó sí d'oifig a shealbhú má bhreithnítear an duine sin ina fhéimheach nó ina féimheach nó má dhéanann sé nó sí imshocraíocht nó comhshocraíocht le creidiúnaithe nó, ar é nó í a chiontú ar díotáil ag cúirt dlínse inniúla, má ghearrtar príosúnacht air nó uirthi, nó má scoireann sé nó sí de ghnáthchónaí a bheith air nó uirthi sa Stát.

Gnáthchomhaltaí.

44.—(1) Maidir le gnáthchomhaltaí an Údaráis—

(a) beidh beirt acu, duine fireann agus duine baineann, ina ndaoine arna gceapadh ar iad a bheith ainmnithe ag cibé eagraíochtaí atá ionadaitheach d'fhostaithe agus is cuí leis an Aire,

(b) beidh beirt acu, duine fireann agus duine baineann, ina ndaoine arna gceapadh ar iad a bheith ainmnithe ag cibé eagraíochtaí atá ionadaitheach d'fhostóirí agus is cuí leis an Aire, agus

(c) is éard a bheidh sa líon eile cibé daoine ar dealraitheach don Aire go bhfuil eolas nó taithí acu ar na nithe seo a leanas—

(i) saincheisteanna tomhaltóirí, gnóthaí sóisialta nó comhionannais, lena n-áirítear saincheisteanna a bhaineann le taithí agus dálaí grúpaí atá faoi mhíbhuntáiste faoi threoir inscne, stádais pósta, stádais teaghlaigh, gnéaschlaonta, creidimh, aoise, míchumais, cine, datha, náisiúntachta, bunaidh eitnigh nó náisiúnta nó toisc gur lucht siúil iad,

(ii) saincheisteanna a bhaineann le hearraí nó seirbhísí a chur ar fáil, nó

(iii) cibé ábhar eile (lena n-áirítear an dlí, airgeadas, bainistíocht nó riarachán) is dealraitheach don Aire a bheith iomchuí maidir leis na saincheisteanna lena mbaineann feidhmeanna an Údaráis.

(2) Beidh gach gnáthchomhalta den Údarás ina chomhalta nó ina comhalta páirtaimseartha agus, faoi réir an Achta seo, beidh sé nó sí i seilbh oifige ar feadh 4 bliana ar a mhéad ar cibé téarmaí agus coinníollacha a chinnfidh an tAire le toiliú an Aire Airgeadais.

(3) Féadfaidh an tAire tráth ar bith gnáthchomhalta den Údarás a chur as oifig ar chúiseanna sonraithe.

(4) Íocfar le gach gnáthchomhalta den Údarás, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas, cibé caiteachais a cheadóidh an tAire le toiliú an Aire Airgeadais.

(5) Féadfaidh gnáthchomhalta den Údarás éirí as oifig mar chomhalta den sórt sin trí litir a bheidh dírithe chuig an Aire agus beidh éifeacht leis an éirí as ar an dáta a gheobhaidh an tAire an litir.

(6) Má tharlaíonn corrfholúntas i measc aon chomhaltaí den Údarás arna n-ainmniú mar a luaitear i *bhfo-alt (1)(a)* nó *(b)*,

iarrfaidh an tAire láithreach ar an eagraíocht a rinne an t-ainmniúchán lena mbaineann duine a ainmniú (ar duine den ghnéas céanna leis an iarchomhalta lena mbaineann é nó í) lena cheapadh nó lena ceapadh chun an folúntas a líonadh agus déanfaidh an tAire an duine a ainmneofar amhlaidh a cheapadh chun an folúntas a líonadh. Cd.V A.44

(7) I gcás go gceapfar duine mar chomhalta den Údarás chun corrfholúntas a líonadh, beidh an comhalta sin i seilbh oifige ar feadh a mbeidh fágtha de thréimhse oifige an duine a bhfuil a ionad nó a hionad mar chomhalta á ghlacadh aige nó aici.

45.—Beidh cathaoirleach an Údaráis agus gnáthchomhalta den Údarás a rachaidh a dtéarma oifige in éag trí imeacht aimsire in-athcheaptha mar chathaoirleach nó mar ghnáthchomhalta. Féadfar an cathaoirleach agus gnáthchomhaltaí a athcheapadh.

46.—(1) Ceapfaidh an tAire duine de ghnáthchomhaltaí an Údaráis mar leaschathaoirleach an Údaráis agus beidh d'fheidhm aige nó aici gníomhú mar chathaoirleach nuair nach mbeidh an cathaoirleach i láthair. An leaschathaoirleach.

(2) Íocfar leis an leaschathaoirleach, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas, cibé luach saothair agus cibé liúntais agus caiteachais a chinnfidh an tAire le toiliú an Aire Airgeadais.

47.—(1) Beidh ag an Údarás cibé cruinnithe agus cibé méid cruinnithe is gá chun a chuid feidhmeanna a chomhlíonadh agus faoi réir an Achta seo féadfaidh an tÚdarás socrúithe a dhéanamh chun a chruinnithe agus a ghnó a sheoladh. Cruinnithe agus gnó.

(2) Sna socrúithe dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* féadfar, le ceadú an Aire, foráil a dhéanamh maidir le fochoiste de chuid an Údaráis do chomhlíonadh aon fheidhmeanna de chuid an Údaráis faoi stiúradh ginearálta an Údaráis.

(3) Féadfaidh an tAire dáta, am agus ionad a shocrú nó a cheadú don chéad chruinniú den Údarás a bheidh ann tar éis don fho-alt seo teacht i ngníomh.

(4) 5 chomhalta is córam do chruinniú den Údarás.

(5) Ag cruinniú den Údarás—

(a) is é nó is í an cathaoirleach, má bhíonn sé nó sí i láthair, a rachaidh i gceannas,

(b) mura mbeidh an cathaoirleach i láthair nó má bhíonn oifig an chathaoirligh folamh, rachaidh leaschathaoirleach an Údaráis i gceannas, agus

(c) má bhíonn agus fad a bheidh—

(i) an cathaoirleach as láthair nó oifig an chathaoirligh folamh, agus

(ii) leaschathaoirleach an Údaráis as láthair nó oifig an leaschathaoirligh folamh,

déanfaidh comhaltaí an Údaráis duine dá líon a roghnú le dul i gceannas ar an gcruinniú.

[Uimh. 21.] *An tAcht um Chomhionannas* [1998.]
Fostaíochta, 1998.

Cd.V A.47

(6) Beidh vóta amháin ag cathaoirleach an Údaráis agus ag gach gnáthchomhalta den Údarás a bheidh ag freastal ar chruinniú den Údarás.

(7) Déanfar gach ceist ag cruinniú den Údarás a chinneadh le tromlach na vótaí a chaithfear ar an gceist agus, i gcás comhionannas vótaí, beidh an dara vóta nó vóta réitigh ag an duine a bheidh i gceannas ar an gcruinniú.

Coistí
comhairleacha.

48.—(1) Féadfaidh an tÚdarás ó am go ham cibé coistí comhairleacha agus cibé líon coistí comhairleacha is cuí leis a cheapadh chun comhairle a thabhairt dó ar nithe a bhaineann lena fheidhmeanna, ar feadh cibé tréimhse agus faoi réir cibé téarmaí tagartha is dóigh leis is cuí.

(2) I gcás go mbeidh coiste comhairleach ceaptha ag an Údarás, déanfaidh an tÚdarás duine de chomhaltaí an choiste a cheapadh mar chomhalta ceannais agus duine eile mar leaschomhalta ceannais a ghníomhóidh nuair a bheidh an comhalta ceannais as láthair.

(3) Íocfar le comhalta ceannais coiste chomhairligh, as airgead a bheidh faoina réir ag an Údarás, cibé táille a cheadóidh an tAire le toiliú an Aire Airgeadais i leith freastail ar chruinnithe den choiste.

(4) Íocfar le gach comhalta de choiste comhairleach, as airgead a bheidh faoina réir ag an Údarás, cibé líuntas a cheadóidh an tAire le toiliú an Aire Airgeadais i leith caiteachas a thabhóidh an comhalta.

Príomh-Oifigeach
Feidhmiúcháin.

49.—(1) Beidh príomhoifigeach feidhmiúcháin an Údaráis ann (ar a dtabharfar, agus dá ngairtear san Acht seo, an “Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin”).

(2) Déanfaidh an Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin foireann, riarachán agus gnó an Údaráis a bhainistiú agus a rialú i gcoitinne agus comhlíonfaidh sé nó sí cibé feidhmeanna eile a thabharfar dó nó di leis an Acht seo nó faoi, nó a chinnfidh an tÚdarás.

(3) Beidh an Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin freagrach don Údarás as a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh agus as beartais an Údaráis a chur i ngníomh.

(4) Cuirfidh an Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin ar fáil don Údarás cibé faisnéis, lena n-áirítear faisnéis airgeadais, i ndáil le comhlíonadh a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a cheanglóidh an tÚdarás ó am go ham.

(5) Féadfaidh cibé comhalta d’fhoireann an Údaráis a bheidh údaraithe ag an bPríomh-Oifigeach Feidhmiúcháin cibé feidhmeanna de chuid an Phríomh-Oifigigh Feidhmiúcháin a shonróidh sé nó sí ó am go ham a chomhlíonadh, le toiliú an Údaráis.

(6) Féadfaidh cibé comhalta d’fhoireann an Údaráis a bheidh ainmnithe ó am go ham ag an Údarás chun na críche sin feidhmeanna an Phríomh-Oifigigh Feidhmiúcháin a chomhlíonadh le linn don Phríomh-Oifigeach Feidhmiúcháin a bheith as láthair nó nuair a bheidh post an Phríomh-Oifigigh Feidhmiúcháin folamh.

(7) Is é nó is í an tAire a cheapfaidh an chéad Phríomh-Oifigeach Feidhmiúcháin agus féadfaidh an tAire é nó í a chur as oifig tráth ar bith; is é an tÚdarás, le toiliú an Aire, a cheapfaidh gach Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin ina dhiaidh sin (lena n-áirítear aon duine a

athcheapfar mar Phríomh-Oifigeach Feidhmiúcháin) agus féadfaidh an tÚdarás, le toiliú an Aire, é nó í a chur as oifig tráth ar bith. Cd.V A.49

50.—(1) Déanfaidh Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin an Údaráis, tráth ar bith a cheanglóidh an Coiste de Dháil Éireann a bheidh bunaithe faoi Bhuan-Orduithe Dháil Éireann chun scrúdú a dhéanamh ar na cuntais leithreasa agus ar thuarascálacha an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus chun tuarascáil a thabhairt do Dháil Éireann ar an gcéanna, fianaise a thabhairt don Choiste sin—

Cuntasacht an
Príomh-Oifigigh
Feidhmiúcháin.

- (a) ar rialtacht agus cuibheas na n-idirbheart a bheidh taifeadta, nó a cheanglaítear a thaifeadadh, in aon leabhar nó taifead eile cuntais atá faoi réir a iniúchta ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus a bhfuil ceangal ar an bPríomh-Oifigeach Feidhmiúcháin nó ar an Údarás le reacht nó faoi reacht é a ullmhú,
- (b) ar bhairinneacht agus éifeachtúlacht an Údaráis ó thaobh a chuid acmhainní a úsáid,
- (c) ar na córais, na nósanna imeachta agus na cleachtais a úsáideann an tÚdarás chun éifeachtacht a oibríochtaí a mheas, agus
- (d) ar aon ní a fhearann ar an Údarás agus dá dtagraítear i dtuarascáil speisialta ón Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste faoi alt 11(2) d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, nó in aon tuarascáil eile ón Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (a mhéid a bhainfidh sé le ní a shonraítear i *mir* (a), (b) nó (c)) a leagtar faoi bhráid Dháil Éireann.

(2) I gcomhlíonadh dualgas faoin alt seo, ní cheisteoidh an Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin tuillteanas aon bheartais de chuid an Rialtais nó de chuid Aire den Rialtas nó tuillteanas cuspóirí beartas den sórt sin ná ní thabharfaidh sé nó sí tuairim ar an tuillteanas sin.

51.—(1) Féadfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle leis an Údarás, cibé líon daoine a cheadóidh an tAire Airgeadais a cheapadh chun bheith ina gomhaltaí d'fhoireann an Údaráis. Foireann.

(2) Déanfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle leis an Údarás agus le toiliú an Aire Airgeadais, gráid foirne an Údaráis agus an líon foirne i ngach grád a chinneadh.

(3) Maidir le gach ceapachán faoin alt seo nó faoi *alt 49*, beidh sé—

- (a) ar cibé téarmaí a chinnfidh an tAire le toiliú an Aire Airgeadais, agus beidh sé faoi réir Acht Choimisinéirí na Stát-Sheirbhíse, 1956, agus Achtanna Rialaithe na Státseirbhíse, 1956 go 1996, nó
- (b) ar cibé téarmaí agus coinníollacha eile a chinnfidh an tÚdarás agus a cheadóidh an tAire le toiliú an Aire Airgeadais.

52.—(1) Soláthróidh an tÚdarás séala dó féin a bheidh fíordheimhnithe ag an gcathaoirleach nó ag comhalta éigin eile den Séala an Údaráis.

Cd.V A.52

Údarás a bheidh údaraithe ag an Údarás chun gníomhú thar a cheann agus le síniú oifigigh de chuid an Údaráis a bheidh údaraithe aige chun gníomhú chuige sin.

(2) Tabharfar aird bhreithiúnach ar shéala an Údaráis agus beidh aon doiciméad a bheidh séalaithe leis an séala inghlactha i bhfianaise.

Cuntais agus iniúchtaí.

53.—(1) Déanfaidh an Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin, tar éis comhaontú an Údaráis a fháil—

(a) meastacháin ar ioncam agus ar chaiteachas a chur faoi bhráid an Aire i cibé foirm, i leith cibé tréimhsí agus ag cibé tráthanna a cheanglóidh an tAire, agus

(b) aon fhaisnéis a éileoidh an tAire i ndáil leis na meastacháin sin a thabhairt don Aire, lena n-áirítear tograí agus pleananna todhchaí i ndáil le comhall a fheidhmeanna ag an Údarás thar thréimhse blianta.

(2) Cuirfidh an Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin, faoi stiúradh an Údaráis, faoi deara go gcoimeádfar na leabhair nó na taifid chuntais eile go léir is cuí agus is gnách—

(a) ar ioncam agus caiteachas uile an Údaráis,

(b) ar fhoinní an ioncaim sin agus ar ábhar an chaiteachais sin, agus

(c) ar mhaoin, ar shócmhainní agus ar dhliteanais an Údaráis,

agus coimeádfaidh sé no sí na cuntais speisialta sin go léir a n-ordóidh an tAire nó an tÚdarás, le toiliú an Aire, ó am go ham iad a choimeád, agus tabharfaidh sé nó sí cuntas don Údarás ina leith.

(3) Is í bliain airgeadais an Údaráis an tréimhse 12 mhí dar críoch an 31ú lá de Nollaig in aon bhliain.

(4) Aon uair a iarrfaidh an tAire amhlaidh, ceadóidh an tÚdarás, an Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin agus oifigigh eile an Údaráis d'aon duine a bheidh ceaptha ag an Aire chun leabhair nó taifid chuntais eile an Údaráis a scrúdú i leith aon bhliana airgeadais nó tréimhse eile agus éascóidh siad aon scrúdú den sórt sin, agus íocfaidh an tÚdarás cibé táille ina leith sin a shocróidh an tAire.

(5) Maidir le cuntais an Údaráis do gach bliain airgeadais—

(a) ullmhófar iad i cibé foirm agus modh a shonróidh an tAire, agus

(b) ullmhóidh an Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin iad agus ceadóidh an tÚdarás iad a luaithe is indéanta ach tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis dheireadh na bliana airgeadais lena mbaineann siad chun iad a chur faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste lena n-iniúchadh,

agus déanfar cóip de na cuntais agus de thuarascáil an iniúcháir orthu a thíolacadh a luaithe is indéanta don Údarás agus don Aire.

(6) Cuirfidh an tAire faoi deara cóip de na cuntais agus de thuarascáil an iniúcháir dá dtagraítear i *bhfo-alt* (5) a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

54.—(1) Déanfaidh an tÚdarás, laistigh de 6 mhí ó thosach gach bliana féilire, tuarascáil a thabhairt don Aire ar ghníomhaíochtaí an Údaráis i leith na bliana féilire roimhe sin, nó i gcás na chéad bhliana féilire ar tháinig *alt 38* i ngníomh lena linn, i leith an chuid sin den bhliain féilire a raibh *alt 38* i ngníomh lena linn.

CD.V
Tuarascáil bhliantúil agus faisnéis a chur ar fáil don Aire.

(2) Áireofar i dtuarascáil faoi *fho-alt (1)* faisnéis maidir le comhlíonadh fheidhmeanna an Údaráis le linn na tréimhse lena mbaineann an tuarascáil agus, gan dochar do ghinearáltacht an mhéid sin roimhe seo, áireofar sa tuarascáil—

- (a) cuntas ar aon athbheithniú comhionannais a rinneadh sa tréimhse sin,
- (b) cibé faisnéis is dóigh leis an Údarás is cuí maidir le cur i ngníomh pleananna gníomhaíochta comhionannais sa tréimhse sin, agus
- (c) cibé faisnéis eile i cibé foirm is cuí leis an Údarás nó a ordóidh an tAire.

(3) Tabharfaidh an tÚdarás don Aire, má iarrann an tAire amhlaidh, cibé faisnéis a iarrfaidh an tAire—

- (a) maidir le haon ní a bhaineann le beartas agus gníomhaíochtaí an Údaráis i gcoitinne,
- (b) maidir le haon ní nó cuntas sonracha arna ullmhú aige, nó
- (c) maidir le haon tuarascáil a shonraítear i *bhfo-alt (1)*,

agus is é nó is í an Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin, ag gníomhú dó nó di faoi údarás ginearálta an Údaráis, a thabharfaidh an fhaisnéis.

(4) Cuirfidh an tAire faoi deara cóip de gach tuarascáil faoi *fho-alt (1)* a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

(5) I *bhfo-alt (2)*, tá le “athbheithniú comhionannais” agus “plean gníomhaíochta comhionannais” na bríonna céanna atá leo i *gCuid VI*.

55.—(1) I ngach bliain airgeadais féadfar deontas, de cibé méid a cheadóidh an tAire le toiliú an Aire Airgeadais, a íoc leis an Údarás as airgead a sholáthróidh an tOireachtas faoi chomhair chaiteachais an Údaráis i gcomhlíonadh a fheidhmeanna.

Deontais agus cumhachtaí airgead a fháil ar iasacht.

(2) Féadfaidh an tÚdarás, le toiliú an Aire arna thabhairt le comhthoilíú an Aire Airgeadais, cibé suimeanna airgid a theastóidh uaidh d’fhonn soláthar do chaiteachas reatha a fháil ar iasacht go sealadach.

56.—(1) Féadfaidh an tÚdarás nó, má iarrann an tAire air déanamh amhlaidh, déanfaidh sé, dréachtchóid chleachtais a ullmhú lena gcur faoi bhráid an Aire ar mhaithe le ceachtar de na haidhmeanna seo a leanas nó ar mhaithe leo araon:

Cóid chleachtais.

- (a) deireadh a chur le hidirdhealú i bhfostaíocht;
- (b) comhionannas deiseanna i bhfostaíocht a chur chun cinn.

[Uimh. 21.] *An tAcht um Chomhionannas* [1998.]
Fostaíochta, 1998.

Cd.V A.56

(2) Sula ndéanfaidh sé dréachtchód cleachtais a chur faoi bhráid an Aire faoi *fho-alt (1)*, rachaidh an tÚdarás i gcomhairle le cibé Aire eile den Rialtas nó le cibé duine nó comhlacht eile is cuí leis an Údarás nó a ordóidh an tAire.

(3) Tar éis dréachtchód cleachtais a bheith curtha faoi bhráid an Aire faoi *fho-alt (1)*, féadfaidh sé nó sí a dhearbhu le hordú—

(a) gur cód cleachtais ceadaithe chun críocha an Achta seo an dréacht, nó

(b) gur cód cleachtais ceadaithe chun críocha an Achta seo an dréacht, arna leasú ag an Aire tar éis dul i gcomhairle leis an Údarás,

agus, in ordú faoin bhfo-alt seo, leagfar amach téacs an chóid cleachtais cheadaithe lena mbaineann sé.

(4) Beidh cód cleachtais ceadaithe inghlactha i bhfianaise agus, má dhealraíonn sé gurb iomchuí aon fhoráil den chód maidir le haon cheist a éiríonn in aon imeachtaí coiriúla nó imeachtaí eile, cuirfear i gcuntas í le linn an cheist sin a bheith á cinneadh; agus chun na críche seo foláionn “imeachtaí”, i dteannta imeachtaí os comhair cúirte agus faoi *Chuid VII*, imeachtaí os comhair na Cúirte Oibreachais, os comhair an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais, os comhair an Bhinse Achomhairc Fostaíochta, os comhair an Stiúrthóra agus os comhair coimisinéara um chearta.

(5) Féadfaidh an tAire, le hordú, tar éis dul i gcomhairle leis an Údarás, cód cleachtais ceadaithe a chúlghairm nó a leasú.

(6) Gach ordú a dhéanfar faoi *fho-alt (3)* nó *(5)* leagfar é faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a dhéanta agus má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an t-ordú a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú an ordaithe, beidh an t-ordú ar neamhni dá réir sin ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin ordú.

Taighde agus faisnéis.

57.—(1) Féadfaidh an tÚdarás cibé taighde a ghabháil de láimh nó a urrú, agus cibé gníomhaíochtaí a bhaineann le leathadh faisnéise a ghabháil de láimh nó a urrú, a mheasfaidh sé is gá agus is dealraitheach a bheith fóirsteanach chun aon cheann dá fheidhmeanna a chomhlíonadh.

(2) Féadfaidh an tÚdarás muirir a ghearradh as aon seirbhísí a chuirfidh sé ar fáil faoi *fho-alt (1)*.

(3) D’fhonn cabhrú leis i gcomhlíonadh a fheidhmeanna faoin alt seo, féadfaidh an tÚdarás, le ceadú an Aire, aon duine nó daoine a fhostú ag a bhfuil cáilíochtaí a bhaineann leis na feidhmeanna sin i dtuairim an Údaráis.

Fiosrúcháin ag an Údarás

Fiosrúcháin.

58.—(1) Faoi réir *fho-alt (4)*, féadfaidh an tÚdarás, chun aon chríche a bhaineann le comhlíonadh a fheidhmeanna, fiosrúchán a sheoladh, agus déanfaidh sé amhlaidh má éilíonn an tAire é.

(2) Féadfaidh—

Cd.V A.58

- (a) comhalta den Údarás, nó
- (b) comhalta dá fhoireann a bheidh údaraithe chun na críche sin ag an Údarás, nó
- (c) duine a bheidh fostaithe go cuí faoi *fho-alt* (3) agus a bheidh údaraithe chun na críche sin ag an Údarás, nó
- (d) níos mó ná duine amháin, ar duine lena mbaineann *mír* (a),
(b) nó (c) gach duine acu,

fiosrúchán a sheoladh agus, chun críocha an fhiosrúcháin, beidh feidhmeanna uile an Údaráis ag an duine nó ag na daoine a bheidh ag seoladh an fhiosrúcháin.

(3) Chun críocha fiosrúcháin a ndéantar foráil dó leis an alt seo, féadfaidh an tÚdarás, le ceadú an Aire, duine amháin nó níos mó a fhostú ag a bhfuil cáilíochtaí atá, i dtuairim an Údaráis, iomchuí maidir le seoladh an fhiosrúcháin.

(4) Ní dhéanfaidh an tÚdarás fiosrúchán a sheoladh go dtí—

- (a) go mbeidh téarmaí tagartha don fhiosrúchán ceaptha ag an Údarás nó, más fiosrúchán é a d'éiligh an tAire, ag an Aire tar éis dul i gcomhairle leis an Údarás, agus
- (b) go mbeidh fógra á rá go bhfuil sé ar intinn aige an fhiosrúchán a sheoladh tugtha ag an Údarás—
 - (i) trína fhoilsiú i nuachtán laethúil amháin ar a laghad a scaiptear go forleathan sa Stát, nó
 - (ii) i gcás ina bhfuil tagairt do dhuine sonraithe sna téarmaí tagartha, trí chóip den fhógra a chur ar fáil i scríbhinn don duine.

59.—(1) Féadfaidh an tÚdarás, chun críocha fiosrúcháin faoi *alt* 58, gach ní nó aon ní díobh seo a leanas a dhéanamh: Faisnéis etc. a fháil chun críocha fiosrúcháin.

- (a) a cheangal ar aon duine, trí fhógra arna sheachadadh ar an duine sin, cibé faisnéis a shonróidh an tÚdarás san fhógra agus a éileoidh sé chun críche an fhiosrúcháin a chur ar fáil don Údarás;
- (b) a cheangal ar aon duine, trí fhógra arna sheachadadh ar an duine sin, aon doiciméad a shonrófar san fhógra, agus atá faoi chumhacht nó faoi rialú an duine sin, a thabhairt ar aird don Údarás nó a chur chuige;
- (c) finnétithe a thoghairm, trí fhógra arna sheachadadh orthu, chun freastal os comhair an Údaráis;
- (d) finnétithe a chur faoi mhionn agus faoi dhearbhasc agus finnétithe a bheidh ag freastal os comhair an Údaráis a cheistiú.

(2) Ní mheasfar fógra a bheith seachadta ar dhuine chun críocha aon mhíre *d'fho-alt* (1) mura ndéantar é a sheachadadh ar an duine—

- (a) go pearsanta, nó

Cd.V A.59

(b) leis an bpost cláraithe,

agus déanfaidh comhalta amháin ar a laghad den Údarás an fógra a shíniú.

(3) Ní dhéanfar aon fhógra faoi *fho-alt (1)* a sheachadadh mura rud é—

(a) go bhfuil toiliú an Aire leis an seachadadh faighte ag an Údarás, nó

(b) go gcreideann an tÚdarás maidir le duine a bheidh ainmnithe sna téarmaí tagartha don fhiosrúchán lena mbaineann an fógra—

(i) go bhfuil idirdhealú déanta nó á dhéanamh aige nó aici,

(ii) go bhfuil *alt 8(4), 10* nó *14* sáraithe nó á shárú aige nó aici, nó

(iii) go bhfuil mainneachtain déanta nó á déanamh aige nó aici clásal comhionannais nó téarma luach saothair chomhionann a chomhlíonadh.

(4) Féadfaidh an tÚdarás cibé íocaíochtaí i leith caiteachas cothaithe agus taistil a chinnfidh an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais, a dhéanamh le duine a fhreastalóidh os a chomhair mar fhinné.

Cionta a bhaineann le fiosrúcháin etc.

60.—(1) Gach duine—

(a) a mhainneoidh nó a dhiúltóidh faisnéis a chur ar fáil don Údarás, ar faisnéis í a éileoidh an tÚdarás agus a shonrófar i bhfógra faoi *alt 59(1)(a)*,

(b) a mhainneoidh nó a dhiúltóidh aon doiciméad atá faoi chumhacht nó faoi rialú an duine sin a thabhairt ar aird don Údarás nó a chur chuige, mar a cheanglaítear trí fhógra faoi *alt 59(1)(b)*,

(c) a mhainneoidh nó a dhiúltóidh freastal os comhair an Údaráis, ar é nó í a thoghairm go cuí mar fhinné trí fhógra faoi *alt 59(1)(c)*,

(d) a dhiúltóidh, agus é nó í i láthair mar fhinné os comhair an Údaráis, mionn nó dearbhasc a ghlacadh nuair a cheanglóidh an tÚdarás air nó uirthi déanamh amhlaidh nó a dhiúltóidh freagra a thabhairt ar aon cheist a gceanglóidh an tÚdarás air nó uirthi freagra a thabhairt uirthi, nó

(e) a dhéanfaidh aon ní ar díspeagadh cúirte a bheadh ann dá mba chúirt bhreithiúnais an tÚdarás le cumhacht duine a chimiú mar gheall ar dhíspeagadh cúirte,

beidh sé nó sí ciontach i gcion.

(2) Féadfaidh an chúirt a chiontóidh duine i gcion faoi mhír (a), (b) nó (c) *d'fho-alt (1)* a cheangal ar an duine an fógra dá dtagraítear sa mhír sin a chomhlíonadh.

(3) Beidh aon duine ar ar seachadadh fógra faoi alt 59(1)(a) Cd.V A.60 agus—

- (a) a dhéanfaidh ráiteas bréagach le linn faisnéis a shonraítear san fhógra a chur ar fáil don Údarás, nó
- (b) a dhéanfaidh doiciméad a shonraítear san fhógra a athrú, a choinneáil siar, a cheilt nó a dhíothú,

ciontach i gcion.

61.—(1) Tar éis dó fiosrúchán faoi alt 58 a sheoladh, nó i gcúrsa Moltaí a éiríonn as an fhiosrúcháin sin, féadfaidh an tÚdarás moltaí a éireoidh as an bhfiosrúchán a dhéanamh d'aon duine, lena n-áirítear an tAire, d'fhonn ceachtar d'fheidhmeanna ginearálta an Údaráis a shonraítear i míreanna (a) agus (b) d'alt 39, nó iad araon, a chur chun cinn. fiosrúcháin agus tuarascálacha ar fhiosrúcháin.

(2) A luaithe is indéanta tar éis dó fiosrúchán faoi alt 58 a sheoladh, ullmhóidh an tÚdarás nó cuirfidh sé faoi deara go n-ullmhófar tuarascáil ar an bhfiosrúchán agus beidh aon chinntí de chuid an Údaráis ag éirí as an bhfiosrúchán san áireamh sa tuarascáil.

(3) I gcás gur fiosrúchán a d'éiligh an tAire an fiosrúchán faoi alt 58, cuirfear cóip den tuarascáil faoi *fho-alt* (2) chuig an Aire a luaithe is indéanta tar éis í a ullmhú.

(4) A luaithe is indéanta—

- (a) tar éis tuarascáil faoi *fho-alt* (2) a ullmhú, ar tuarascáil í nach gceanglaítear í a chur chuig an Aire faoi *fho-alt* (3), cuirfidh an tÚdarás faoi deara, nó
- (b) tar éis cóip de thuarascáil a cuireadh chuig an Aire faoi *fho-alt* (3) a fháil, cuirfidh an tAire faoi deara,

an tuarascáil a fhoilsiú nó a chur ar fáil ar shlí eile agus tabharfaidh sé nó sí fógra don phobal maidir leis an tuarascáil a bheith foilsithe nó ar fáil.

(5) Aon fhaisnéis a gheobhaidh an tÚdarás i bhfeidhmiú a chumhachtaí faoi alt 59 maidir le haon eagraíocht nó duine nó maidir leis an ngnó atá á sheoladh ag aon eagraíocht nó duine, ar faisnéis í nach bhfuil ar fáil ar shlí eile—

- (a) ní cuirfear i dtuarascáil faoin alt seo í gan toiliú ón eagraíocht nó ón duine lena mbaineann, mura mbeadh sé ar neamhréir le dualgais an Údaráis agus le cuspóir na tuarascála gan an fhaisnéis sin a bheith inti, agus
- (b) ní dhéanfaidh aon duine a bhfuil baint aige nó aici le haon imeachtaí coiriúla nó imeachtaí eile faoin Acht seo í a nochtadh, gan an toiliú sin.

62.—(1) I gcás gur deimhin leis an Údarás, le linn dó nó tar éis dó Fíograí neamh-idirdhealúcháin. fiosrúchán a sheoladh, maidir le haon duine—

- (a) go bhfuil idirdhealú déanta nó á dhéanamh aige nó aici,
- (b) go bhfuil alt 8(4), 10 nó 14 sáraithe nó á shárú aige nó aici, nó

- (c) go bhfuil mainneachtain déanta nó á déanamh aige nó aici clásal comhionannais nó téarma luach saothair chomhionainn a chomhlíonadh,

féadfaidh an tÚdarás fógra neamh-idirdhealúcháin a sheirbheáil ar an duine sin, trína sheachadadh ar an duine sin go pearsanta nó leis an bpost cláraithe.

(2) I gcás go mbeartaíonn an tÚdarás fógra neamh-idirdhealúcháin a sheirbheáil ar aon duine, déanfaidh sé, sula seirbheálfar an fógra, fógra i scríbhinn a thabhairt don duine á rá go bhfuil beartaithe aige déanamh amhlaidh.

(3) I bhfógra faoi *fho-alt* (2) á rá go bhfuil sé beartaithe fógra neamh-idirdhealúcháin a sheirbheáil—

- (a) sonrófar an gníomh nó an neamhghníomh arb é an t-idirdhealú, an sárú nó an mhainneachtain é dá dtagraítear i *bhfo-alt* (1) agus lena mbaineann an fógra, agus

- (b) cuirfear in iúl don duine lena mbaineann go bhfuil an ceart aige nó aici uirill a dhéanamh chun an Údaráis de réir *fho-alt* (4).

(4) Féadfaidh duine a mbeidh fógra faoi *fho-alt* (2) faighte aige nó aici, laistigh de 28 lá ó dháta an fhógra a fháil, uirill a dhéanamh chun an Údaráis i dtaobh a bhfuil beartaithe ag an Údarás, agus i gcás ina ndéanfar uirill den sórt sin, breithneoidh an tÚdarás iad sula seirbheálfadh sé fógra neamh-idirdhealúcháin ar an duine.

(5) I bhfógra neamh-idirdhealúcháin—

- (a) sonrófar an gníomh nó an neamhghníomh arb é an t-idirdhealú, an sárú nó an mhainneachtain é dá dtagraítear i *bhfo-alt* (1) agus lena mbaineann an fógra neamh-idirdhealúcháin,

- (b) ceanglófar ar an duine ar a seirbheálfar é gan an gníomh nó an neamhghníomh arb é an t-idirdhealú nó an sárú é a dhéanamh nó, más cuí, an clásal comhionannais nó an téarma luach saothair chomhionainn a chomhlíonadh,

- (c) sonrófar, i gcás idirdhealú, na bearta a cheanglaíonn an tÚdarás ar an duine ar a seirbheálfar é a dhéanamh le nach ndéanfaidh sé nó sí an t-idirdhealú,

- (d) ceanglófar ar an duine ar a seirbheálfar é, laistigh de thréimhse a bheidh sonraithe san fhógra neamh-idirdhealúcháin, a chur in iúl don Údarás agus d'aon daoine eile a bheidh sonraithe amhlaidh cad iad na bearta atá déanta chun an fógra a chomhlíonadh, agus

- (e) ceanglófar ar an duine ar a seirbheálfar é, laistigh de thréimhse a bheidh sonraithe san fhógra neamh-idirdhealúcháin, aon fhaisnéis bhreise a bheidh sonraithe amhlaidh a chur ar fáil don Údarás.

(2) I gcás nach ndéanfar achomharc faoi *fho-alt (1)*, tiocfaidh fógra neamh-idirdhealúcháin i ngníomh ar an tréimhse 42 lá dá dtagraítear san *fho-alt* sin a bheith caite. Cd.V A.63

(3) I gcás ina mbeidh an Chúirt Oibreachais tar éis achomharc faoi *fho-alt (1)* a éisteacht, féadfaidh sí an fógra a dhaingniú go hiomlán nó go páirteach, fara leasú nó gan leasú ar an bhfógra, nó an t-achomharc a cheadú.

(4) I gcás ina ndaingneoidh an Chúirt Oibreachais fógra neamh-idirdhealúcháin, tiocfaidh an fógra, arna dhaingniú amhlaidh go hiomlán nó go páirteach, i ngníomh cibé dáta a shocróidh sí.

(5) I gcás ina gceadóidh an Chúirt Oibreachais achomharc faoi *fho-alt (1)*, scoirfidh an fógra neamh-idirdhealúcháin a ndearnadh an t-achomharc ina aghaidh d'éifeacht a bheith leis.

64.—Coimeádfaidh agus cothabhálfaidh an tÚdarás clár de gach fógra neamh-idirdhealúcháin a bheidh tagtha i ngníomh agus beidh an clár ar oscailt lena iniúchadh ag aon duine gach tráth réasúnach. Clár d'fhógraí neamh-idirdhealúcháin.

65.—(1) Faoi réir *fho-alt (2)*, féadfaidh an Ard-Chúirt nó an Chúirt Chuarda, ar fhorriarratas ón Údarás, urghaire a dheonú chun cosc a chur le hidirdhealú, de chineál a bheidh sonraithe san ordú ón gcúirt lena mbaineann, ag duine a bheidh sonraithe amhlaidh. Urghairí mar gheall ar mhainneachtain fógra neamh-idirdhealúcháin a chomhlíonadh.

(2) Tá feidhm ag *fo-alt (1)* maidir le cás ina ndeimhneoidh an tÚdarás don Ard-Chúirt nó don Chúirt Chuarda, de réir mar a bheidh, sa tréimhse 5 bliana dar tosach an dáta a tháinig fógra neamh-idirdhealúcháin i ngníomh, gur dóigh go ndéanfaidh an duine ar ar seirbheáladh an fógra tuilleadh idirdhealaithe, sáraithe nó mainneachtana dá dtagraítear in *alt 62(1)*.

(3) Maidir leis an dlínse a thugtar don Chúirt Chuarda leis an alt seo, is é nó is í an breitheamh a bheidh sannta de thuras na huaire don chuaird ina bhfuil gnáthchónaí ar an duine ar ar seirbheáladh an fógra neamh-idirdhealúcháin, nó ina seolann sé nó sí aon ghairm, gnó nó slí bheatha, a fheidhmeoidh í.

66.—Aon duine ar a seirbheálfar fógra neamh-idirdhealúcháin agus, aon tráth laistigh den tréimhse 5 bliana dar tosach an dáta a thiocfaidh an fógra i ngníomh, nach gcomhlíonfaidh an fógra, beidh sé nó sí ciontach i gcion. Cion a bhaineann le mainneachtain fógra neamh-idirdhealúcháin a chomhlíonadh.

67.—(1) Aon duine a mheasfaidh—

Cúnamh ón Údarás i dtaca le tarchuir áirithe.

(a) go bhfuil idirdhealú dírithe i gcoinne an duine ag duine eile, nó

(b) go ndearnadh dochar dó nó di mar thoradh ar mhainneachtain nó diúltú ag duine eile—

(i) clásal comhionannais nó téarma luach saothair chomhionann a chomhlíonadh, nó

(ii) breith, ordú nó cinneadh faoin gCuid seo nó socraíocht idirghabhála faoi *alt 78* a chur i ngníomh,

Cd.V A.67

féadfaidh sé nó sí iarraidh a dhéanamh chuig an Údarás ar chúnamh chun imeachtaí a thionscnamh a bhforáiltear do shásamh ina leith faoin Acht seo.

(2) I gcás inar deimhin leis an Údarás, tar éis dó iarraidh faoi *fho-alt (1)* a bhreithniú, go n-éiríonn ceist thábhachtach prionsabail sa chás lena mbaineann an iarraidh, nó gur dealraitheach don Údarás nach bhfuil sé réasúnach a bheith ag súil go bhféadfadh an duine a dhéanfaidh an iarraidh an chás a thíolacadh go leormhaith gan chúnamh, féadfaidh an tÚdarás, dá rogha féin agus ag céim ar bith, cúnamh a thabhairt don duine—

(a) chun an tarchur nó an t-iarratas a dhéanamh, agus

(b) in aon imeachtaí a thig nó a éiríonn as an tarchur nó as an iarratas.

(3) Is i cibé foirm is cuí leis an Údarás, dá rogha féin, a bheidh cúnamh faoin alt seo.

(4) Maidir le haon fheidhm de chuid an Údaráis faoin alt seo, féadfaidh oifigeach de chuid an Údaráis dá dtarlígfear an fheidhm í a fheidhmiú agus féadfaidh aon tarmligean den sórt sin critéir nó treoirlínte eile a shonrú ar faoina dtreoir a mheasfaidh an tÚdarás is cóir an fheidhm tharmligthe a fheidhmiú.

CUID VI

ATHBHREITHNITHE AGUS PLEANANNA GNÍOMHAÍOCHTA COMHIONANNAIS AGUS ATHBHREITHNIÚ AR REACHTAÍOCHT

Míniú (*Cuid VI*).

68.—Sa Chuid seo ciallaíonn “fógra substainteach” fógra faoi *fho-alt (1)* nó *(2) d’alt 70* nó fógra den sórt sin arna dhaingniú (fara leasú nó gan leasú) ag an gCúirt Oibreachais faoi *alt 71(3)*.

Athbhreithnithe agus pleananna gníomhaíochta comhionannais.

69.—(1) Chun críocha na Coda seo, is éard is athbhreithniú comhionannais ann—

(a) iniúchadh ar an leibhéal comhionannais deiseanna atá ann i bhfostaíocht i ngnó áirithe, i ngrúpa gnóthaí nó sna gnóthaí atá i dtionscal áirithe nó in earnáil de thionscal áirithe, agus

(b) scrúdú ar chleachtais, ar nósanna imeachta agus ar thosca iomchuí eile (lena n-áirítear timpeallacht oibre) na fostaíochta sin, atá san fhostaíocht sin agus atá ábhartha maidir léi, chun a chinneadh an bhfuil na cleachtais, na nósanna imeachta nó na tosca eile sin ag cabhrú le comhionannas deiseanna san fhostaíocht sin a chur chun cinn.

(2) Chun críocha na Coda seo, is éard is plean gníomhaíochta comhionannais ann clár gníomhartha atá le gabháil de láimh i bhfostaíocht i ngnó nó i ngnóthaí ar mhaithe le comhionannas deiseanna san fhostaíocht sin a chur chun cinn.

(3) Féadfaidh an tÚdarás a iarraidh ar ghnó áirithe, ar ghrúpa gnóthaí nó ar na gnóthaí atá i dtionscal áirithe nó in earnáil de thionscal áirithe ceachtar de na nithe seo a leanas nó iad araon a dhéanamh:

(a) athbhreithniú comhionannais a dhéanamh i ndáil lena gcuid Cd.VI A.69 gnó nó lena gcuid gnóthaí;

(b) plean gníomhaíochta comhionannais a ullmhú agus a chur i ngníomh i leith an ghnó sin nó na ngnóthaí sin.

(4) Féadfaidh an tÚdarás é féin, más cuí leis é, athbhreithniú comhionannais a dhéanamh agus plean gníomhaíochta comhionannais a ullmhú i ndáil le gnó áirithe, le grúpa gnóthaí nó leis na gnóthaí atá i dtionscal áirithe nó in earnáil de thionscal áirithe; agus, d'fhonn cabhrú le hiniúchadh nó scrúdú den sórt dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* a sheoladh, féadfaidh an tÚdarás, le ceadú an Aire, duine amháin nó níos mó a fhostú ag a bhfuil cáilíochtaí a bhaineann leis an scrúdú sin i dtuairim an Údaráis.

(5) Níl feidhm ag na cumhachtaí a thugtar le *fo-alt (4)* i ndáil le haon ghnó a bhfuil níos lú ná 50 fostaí ann (agus, dá réir sin, aon tagairtí do ghrúpa gnóthaí nó do na gnóthaí atá i dtionscal áirithe nó in earnáil de thionscal áirithe, ní fholaíonn siad gnó den sórt sin).

(6) Féadfaidh athbhreithniú comhionannais agus plean gníomhaíochta a bheith dírithe ar chomhionannas deiseanna i gcoitinne nó ar ghné áirithe den idirdhealú i bhfostaíocht.

(7) Chun críocha an ailt seo—

(a) folaíonn “gnó” gníomhaíocht as a dtagann fostaíocht, cibé acu is sa réimse tionsclaíoch nó sa réimse tráchtála nó nach ea, agus cibé acu d'fhonn brabús a dhéanamh nó nach ea, agus

(b) féadfar “grúpa gnóthaí” a mhíniú faoi threoir suímh gheografaigh in ionad (nó i dteannta) é a mhíniú faoi threoir cúrsaí rialaithe nó aon toisce eile.

70.—(1) Faoi réir *fho-alt (3)* agus (4), más dealraitheach don Údarás gur cuí déanamh amhlaidh chun críche athbhreithnithe comhionannais nó d'fhonn plean gníomhaíochta comhionannais a ullmhú, féadfaidh an tÚdarás ceachtar de na nithe seo a leanas nó iad araon a dhéanamh:

Cumhachtaí forfheidhmithe i leith athbhreithnithe agus pleananna gníomhaíochta comhionannais.

(a) a cheangal ar aon duine, trí fhógra a sheirbheálfar go pearsanta nó leis an bpost cláraithe, cibé faisnéis a shonróidh an tÚdarás san fhógra agus a bheidh ag teastáil chun na críche sin a chur ar fáil don Údarás;

(b) a cheangal ar aon duine, trí fhógra a sheirbheálfar amhlaidh, cibé doiciméad a shonróidh an tÚdarás san fhógra, agus atá faoi chumhacht nó faoi rialú an duine sin, a thabhairt ar aird don Údarás nó a chur chuige,

ach ní thabharfaidh aon ní san *fho-alt* seo teideal don Údarás a cheangal go ndéanfar faisnéis a chur ar fáil nó doiciméad a thabhairt ar aird nó a chur chuige, i ndáil le gnó a bhfuil níos lú ná 50 fostaí ann.

(2) Faoi réir *fho-alt (3)* agus (4), más dealraitheach don Údarás go bhfuil mainneachtain á déanamh, in aon ghnó nó gnóthaí, aon fhoráil de phlean gníomhaíochta comhionannais a chur i ngníomh, féadfaidh an tÚdarás a cheangal ar aon duine, trí fhógra a sheirbheálfar go pearsanta nó leis an bpost cláraithe, cibé gníomh a dhéanamh—

Cd.VI A.70

- (a) a bheidh sonraithe san fhógra,
- (b) a theastóidh le réasún chun an plean a chur i ngníomh, agus
- (c) a bhfuil cumhacht ag an duine sin é a dhéanamh.

(3) Sula seirbheálfaidh an tÚdarás fógra substainteach ar aon duine, tabharfaidh sé fógra i scríbhinn (dá ngairtear “réamhfhógra” i bhfo-alt (4)) don duine sin i dtaobh é a bheith beartaithe an fógra substainteach a sheirbheáil agus i dtaobh ábhar beartaithe an fhógra sin.

(4) Más rud é—

- (a) go mbeidh réamhfhógra tugtha ag an Údarás d’aon duine, agus
- (b) go ndéanfaidh an duine sin, laistigh de 28 lá ó dháta fála an réamhfhógra, uirill chun an Údaráis maidir leis an bhfógra substainteach beartaithe, tabharfaidh an tÚdarás aird ar na huirill sin sula ndéanfaidh sé cinneadh cibé acu a leanfaidh nó nach leanfaidh sé ar aghaidh le seirbheáil an fhógra shubstaintigh bheartaithe agus, más rud é go leanfaidh, maidir leis an ábhar a bheidh ann.

Achomharc in aghaidh fógra shubstaintigh.

71.—(1) Féadfaidh duine ar ar seirbheáladh fógra substainteach achomharc a dhéanamh chun na Cúirte Oibreachais, laistigh de 42 lá ó dháta na seirbheála, in aghaidh an fhógra nó aon cheanglais de chuid an fhógra.

(2) I gcás nach ndéanfar achomharc faoi *fho-alt (1)*, tiocfaidh fógra substainteach i ngníomh ar an tréimhse 42 lá dá dtagraítear san *fho-alt* sin a bheith caite.

(3) I gcás ina mbeidh an Chúirt Oibreachais tar éis achomharc faoi *fho-alt (1)* a éisteacht, féadfaidh sí an fógra a dhaingniú go hiomlán nó go páirteach (fara leasú nó gan leasú ar an bhfógra) nó an t-achomharc a cheadú.

(4) I gcás ina ndaingneoidh an Chúirt Oibreachais fógra substainteach, tiocfaidh an fógra (arna dhaingniú amhlaidh go hiomlán nó go páirteach) i ngníomh cibé dáta a shocróidh sí.

(5) I gcás ina gceadóidh an Chúirt Oibreachais achomharc faoi *fho-alt (1)*, scoirfidh an fógra substainteach a ndearnadh an t-achomharc ina aghaidh d’éifeacht a bheith leis.

Fógraí substainteacha a fhorfheidhmiú.

72.—(1) Más rud é, ar iarratas ón Údarás, gur deimhin leis an Ard-Chúirt nó, de réir mar a bheidh, leis an gCúirt Chuarda, go bhfuil duine ar ar seirbheáladh fógra substainteach tar éis mainneachtain an fógra a chomhlíonadh, féadfaidh an chúirt ordú a dhéanamh á ordú don duine sin an fógra a chomhlíonadh.

(2) Maidir leis an dlínse a thugtar don Chúirt Chuarda leis an alt seo, is é nó is í an breitheamh a bheidh sannta de thuras na huaire don chuaird ina bhfuil gnáthchónaí ar an duine ar ar seirbheáladh an fógra substainteach, nó ina seolann sé nó sí aon ghairm, gnó nó slí bheatha, a fheidhmeoidh í.

Reachtaíocht a athbheithniú.

73.—Más rud é, i dtuairim an Údaráis, gur dóigh d’oibriú nó d’éifeacht aon cheann de na hachtacháin a shonraítear de thuras na

[1998.] *An tAcht um Chomhionannas* [Uimh. 21.]
Fostaíochta, 1998.

huaire i *bhfo-ailt* (1) go (4) *d'alt 17*, nó aon fhorála atá in aon Cd.VI A.73
achtachán den sórt sin nó a dhéanfar faoi, tionchar a imirt nó bac a
chur ar dhíchur an idirdhealaithe i ndáil le fostaíocht nó ar chur chun
cinn an chomhionannais deiseanna i ndáil le fostaíocht—

(a) idir fir agus mná, nó

(b) idir dhaoine a bhfuil difríocht eatarthu i dtéarmaí aon
cheann de na forais idirdhealaitheacha eile,

féadfaidh an tÚdarás, más cuí leis é, agus déanfaidh sé, má
cheanglaíonn an tAire air amhlaidh, an t-achtachán sin nó an fhoráil
sin nó oibriú nó éifeacht an chéanna a athbhreithniú.

(2) D'fhonn cabhrú leis athbhreithniú faoin alt seo a dhéanamh,
rachaidh an tÚdarás i gcomhairle le cibé eagraíochtaí ceardchumann
agus eagraíochtaí fostóirí a mheasfaidh sé is cuí.

(3) I gcás go ndéanfaidh an tÚdarás athbhreithniú faoin alt seo,
féadfaidh sé tuarascáil ar an athbhreithniú a thabhairt don Aire, agus
déanfaidh sé amhlaidh más rud é gur cheangail an tAire air an
t-athbhreithniú a dhéanamh.

(4) Féadfaidh tuarascáil faoi *fho-alt* (3) moltaí a bheith inti chun
aon achtachán nó foráil a athbhreithníodh a leasú.

CUID VII

LEIGHEASANNA EILE AGUS FORFHEIDHMIÚ

Réamhráiteach

74.—(1) Sa Chuid seo, mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt: Léiriú (*Cuid VII*).

tá le “an gearánach” an bhrí a thugtar le *halt 77(4)*;

déanfar “oifigeach idirghabhála comhionannais” agus “oifigeach
comhionannais” a fhorléiriú de réir *fho-ailt* (3) agus (4) *d'alt 75*;

ciallaíonn “an Treoir um Pá Comhionann” Treoir Uimh.
75/117/CEE ón gComhairle faoi chomhfhogasú dlíthe na mBallstát
a bhaineann le feidhmiú an phrionsabail um pá comhionann d'fhir
agus do mhná;

ciallaíonn “an Treoir um Chóir Chomhionann” Treoir Uimh.
76/207/CEE ón gComhairle faoi chur i ngníomh an phrionsabail um
chóir chomhionann a chur ar fhir agus ar mhná i dtaca le rochtain ar
fhostaíocht, gairmoiliúint agus ardú céime, agus coinníollacha oibre;

tá le “an freagróir” an bhrí a thugtar le *halt 77(4)*;

déanfar “íospairt” a fhorléiriú de réir *fho-alt* (2).

(2) Chun críocha na Coda seo, tarlaíonn íospairt i gcás go
ndearnadh an gearánach a dhífhostú nó a phionósú ar shlí eile d'aon
toisc nó go formhór toisc go ndearna an gearánach, de mheon
macánta—

(a) sásamh a lorg faoin Acht seo nó faoi aon achtachán a
aisghairtear leis an Acht seo mar gheall ar idirdhealú nó
mar gheall ar mhainneachtain téarma luach saothair
chomhionannais nó clásal comhionannais (nó téarma nó

clásal dá shamhail faoi aon achtachán aisghairthe den sórt sin) a chomhlíonadh,

- (b) trí mhodhanna dleathacha cur i gcoinne gnímh atá neamhdhleathach faoin Acht seo nó a bhí neamhdhleathach faoi aon achtachán aisghairthe den sórt sin,
- (c) fianaise a thabhairt in aon imeachtaí coiriúla nó imeachtaí eile faoin Acht seo nó faoi aon achtachán aisghairthe den sórt sin, nó
- (d) fógra a thabhairt faoi é a bheith beartaithe aon ní a luaitear i míreanna (a) go (c) a dhéanamh.

Imscrúduithe Comhionannais

An Stiúrthóir
Imscrúduithe
Comhionannais
agus oifigigh eile.

75.—(1) Déanfaidh an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais, duine a cheapadh ina Stiúrthóir Imscrúduithe Comhionannais chun na feidhmeanna a chomhlíonadh a thugtar don Stiúrthóir leis an Acht seo nó faoi nó le haon achtachán eile nó faoi.

(2) Is é a bheidh in oifig an Stiúrthóra an Stiúrthóir agus cibé foireann, faoi réir *fho-alt (3)*, a cheapfaidh an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais, chun cabhrú leis an Stiúrthóir i gcomhall fheidhmeanna an Stiúrthóra; agus beidh an Stiúrthóir agus na daoine a cheapfar amhlaidh ar fhoireann an Stiúrthóra faoi réir Acht Choimisinéirí na Stát-Sheirbhíse, 1956, agus Achtanna Rialaithe na Státseirbhíse, 1956 go 1996.

(3) Aon duine a bhí, díreach roimh thosach feidhme an fho-ailt seo, i seilbh oifige mar oifigeach comhionannais de chuid an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais, beidh an duine sin, ar an tosach feidhme sin agus de bhua an fho-ailt seo, mar oifigeach comhionannais, ina chomhalta nó ina comhalta d'fhoireann an Stiúrthóra.

(4) Féadfaidh an Stiúrthóir, as measc fhoireann an Stiúrthóra—

- (a) daoine a cheapadh le bheith ina n-oifigigh comhionannais, agus
- (b) daoine a cheapadh, lena n-áirítear iad sin atá ina n-oifigigh comhionannais (cibé acu de bhua *fho-alt (3)* nó de bhua a gceaptha faoi *mhír (a)*) le bheith ina n-oifigigh idirghabhála comhionannais,

agus féadfaidh an Stiúrthóir aon fheidhm, a thugtar don Stiúrthóir leis an Acht seo nó faoi nó le haon achtachán eile nó faoi, a tharmligean chun oifigigh comhionannais nó chun oifigigh idirghabhála comhionannais.

(5) Beidh an Stiúrthóir, na hoifigigh idirghabhála comhionannais agus na hoifigigh comhionannais neamhspleách i gcomhlíonadh a gcuid feidhmeanna.

(6) Faoi réir *fho-alt (7)*, ní dhéanfaidh tarmligean feidhme faoi *fho-alt (4)* difear do chumhacht leanúnach an Stiúrthóra an fheidhm sin a fheidmiú i gcomhthráth leis an oifigeach ar dó nó di a tharmligtear í.

(7) Más rud é, maidir leis an bhfeidhm arb éard í cás a bheidh tarchurtha chuig an Stiúrthóir faoi *alt 77* a éisteacht, go mbeidh an fheidhm sin tarmligthe faoi *fho-alt (4)* ag an Stiúrthóir chun oifigigh— Cd.VII A.75

- (a) measfar go n-áirítear sa tarmligeán an chumhacht chun breith a eisiúint sa chás,
- (b) ní fhéadfaidh an Stiúrthóir an fheidhm a fheidhmiú i gcomhthráth, agus
- (c) ní fhéadfar an tarmligeán a chúlghairm ná a athrú ach amháin ar an oifigeach ar dó nó di a tarmligeadh an fheidhm á iarraidh sin nó má tá imthosca eisceachtúla ann a choisceann ar an oifigeach sin gníomhú (nó leanúint de bheith ag gníomhú).

(8) Déanfaidh an Stiúrthóir, laistigh de 6 mhí ó thosach gach bliana féilire, tuarascáil a thabhairt don Aire maidir le gníomhaíochtaí oifig an Stiúrthóra i leith na bliana féilire roimhe sin, nó i gcás na chéad bhliana féilire ina raibh sí i mbun gnímh, i leith an chuid sin den bhliain féilire ina raibh an oifig i mbun gnímh.

Sásamh

76.—(1) D'fhonn cabhrú le duine (“X”) a mheasfaidh—

Ceart chun faisnéise.

- (a) gur féidir go ndearna duine eile (“Y”) idirdhealú in aghaidh X de shárú ar an Acht seo nó gur féidir go ndearna an duine eile sin X a dhífhostú nó a phionósú ar shlí eile in imthosca arbh ionann iad agus íospairt,
- (b) nach bhfuil duine eile (“Y”), atá freagrach as luach saothair a thabhairt do X, ag tabhairt an luach saothair sin mar a cheanglaítear le téarma luach saothair chomhionainn, nó
- (c) nach bhfuil duine eile (“Y”), a bhfuil conradh fostaíochta ag X leis nó léi, tar éis sochar faoi chlásal comhionannais sa chonradh sin a thabhairt do X,

a chinneadh an ndéanfaidh sé nó sí an ní a tharchur faoi aon fhoráil *d’alt 77*, agus i gcás tarchuir den sórt sin, cás X a fhoirmlíú agus a thíolacadh ar an modh is éifeachtaí, féadfaidh an tAire le rialacháin foirmeacha a fhorordú—

- (i) trína bhféadfaidh X ceisteanna a chur ar Y chun faisnéis ábhartha a fháil, agus
- (ii) trína bhféadfaidh Y, más mian le Y, aon cheisteanna a fhreagairt.

(2) Faoi réir *fho-ailt (3)* go (7), is “faisnéis ábhartha” faisnéis chun críocha an ailt seo más é atá inti—

- (a) faisnéis maidir leis na cúiseanna atá ag Y aon ghníomh iomchuí a dhéanamh nó gan é a dhéanamh agus maidir le haon chleachtais nó nósanna imeachta atá ábhartha maidir le haon ghníomh den sórt sin,
- (b) faisnéis, seachas faisnéis faoi rún, maidir le luach saothair daoine eile nó leis an gcaoi a ndéileáiltear le daoine eile

atá, i ndáil le Y, sa chás céanna le X nó i gcás dá shamhail, nó

- (c) faisnéis eile nach faisnéis faoi rún í agus a bhfuil sé réasúnach, in imthosca an cháis atá i gceist, í a bheith ag teastáil ó X.

(3) I *bhfo-alt* (2) ciallaíonn “faisnéis faoi rún” aon fhaisnéis a bhaineann le pearsa aonair áirithe, ar féidir í a aithint mar fhaisnéis a bhaineann leis an bpearsa aonair sin agus nach n-aontaíonn an phearsa aonair sin lena nochtadh.

(4) Ní fhorléireofar aon ní san Acht seo mar ní a cheanglaíonn ar Y nó ar aon duine eile—

- (a) aon teistiméireacht (nó aon chóip den chéanna nó sliocht as an gcéanna) nó aon tuarascáil (nó cóip den chéanna nó sliocht as an gcéanna) a bhaineann le carachtar aon duine (lena n-áirítear X), nó le hoiriúnacht an duine sin le haghaidh fostaíochta, a chur ar fáil, nó

- (b) an t-ábhar atá i dteistiméireacht nó i dtuarascáil den sórt sin a nochtadh.

(5) I gcás ina measfaidh duine gur féidir go ndearna—

- (a) Coimisinéirí na Státseirbhíse, i gcúrsa próisis earcaíochta nó roghnóireachta, seachas ceann atá ceaptha earcú nó roghnú a dhéanamh as a bhfoireann féin amháin agus le haghaidh a bhfoirne féin amháin,

- (b) na Coimisinéirí um Cheapacháin Áitiúla, i gcúrsa próisis earcaíochta nó roghnóireachta, seachas ceann atá ceaptha earcú nó roghnú a dhéanamh as a bhfoireann féin amháin agus le haghaidh a bhfoirne féin amháin,

- (c) an tAire Cosanta, i gcúrsa próisis earcaíochta le haghaidh Óglaigh na hÉireann, nó

- (d) Coimisinéir an Gharda Síochána, i gcúrsa próisis earcaíochta le haghaidh an Gharda Síochána,

idirdealú ina aghaidh nó ina haghaidh nó gur féidir go ndearnadh idirdhealú ina aghaidh nó ina haghaidh i gcúrsa agallaimh arna sheoladh thar ceann an chéanna, ní mheasfar gur faisnéis ábhartha chun críocha an ailt seo faisnéis má bhaineann sí le cumarsáidí le comhairleoirí seachtacha d’aon duine de na daoine dá dtagraítear i *míreanna* (a) go (d) nó má théann sí thar an bhfaisnéis cheadaithe a shonraítear i *bhfo-alt* (6).

(6) Chun críocha *fho-alt* (5), i ndáil le próiseas earcaíochta nó roghnóireachta, is faisnéis cheadaithe í faisnéis má léiríonn sí na hiarrthóirí ar éirigh leo agus nár éirigh leo—

- (a) faoi threoir a ngnéis, nó

- (b) i dtéarmaí na bhforas idirdhealaitheach in *alt* 28(1), faoi threoir na ndaoine sin a bhfuil an tsainghné iomchuí chéanna le C nó an tsainghné iomchuí chéanna le D acu.

(7) Ní dochar an t-alt seo d’fhorálacha eile an Achta seo a bhaineann le faisnéis a fháil.

77.—(1) Aon duine a éileoidh—

CD.VII

An fóram le
haghaidh sásamh a
lorg.

- (a) go ndearna duine eile idirdhealú ina aghaidh nó ina haghaidh de shárú ar an Acht seo,
- (b) nach bhfuil sé nó sí ag fáil luach saothair de réir téarma luach saothair chomhionainn,
- (c) nach bhfuil sé nó sí ag fáil sochair faoi chlásal comhionannais, nó
- (d) gur pionósaíodh é nó í in imthosca arb ionann iad agus íospairt,

féadfaidh sé nó sí, faoi réir *fho-alt* (2) go (8), sásamh a lorg tríd an gcás a tharchur chuig an Stiúrthóir.

(2) Más rud é go n-éileoidh duine gur dífhostaíodh é nó í—

- (a) in imthosca arb ionann iad agus idirdhealú ag duine eile de shárú ar an Acht seo, nó
- (b) in imthosca arb ionann iad agus íospairt,

ansin, faoi réir *fho-alt* (3), féadfar éileamh ar shásamh sa dífhostú a thabhairt chun na Cúirte Oibreachais agus ní chun an Stiúrthóra a thabharfar é.

(3) Má éiríonn forais le haghaidh éilimh den sórt sin dá dtagraítear i *bhfo-alt* (1) nó (2)-

- (a) faoi *Chuid III*, nó
- (b) in aon imthosca eile (lena n-áirítear imthosca arb ionann iad agus íospairt) arb iomchuí maidir leo an Treoir um Pá Comhionann nó an Treoir um Chóir Chomhionann,

ansin, faoi réir *fho-alt* (4) go (8), féadfaidh an duine a bhfuil an t-éileamh á dhéanamh aige nó aici sásamh a lorg tríd an gcás a tharchur chuig an gCúirt Chuarda, in ionad é a tharchur chuig an Stiúrthóir faoi *fho-alt* (1) nó, de réir mar a bheidh, chuig an gCúirt Oibreachais faoi *fho-alt* (2).

(4) Sa *Chuid* seo, i ndáil le cás a tharchuirfear faoi aon fhoráil den alt seo—

- (a) ciallaíonn “an gearánach” an duine a tharchuirfidh é, agus
- (b) ciallaíonn “an freagróir” an duine a líomhnófar gurb é nó gurb í a rinne idirdhealú in aghaidh an ghearánaigh nó, de réir mar a bheidh, atá freagrach as an luach saothair lena mbaineann an téarma luach saothair chomhionainn a thabhairt nó atá freagrach as an sochar faoin gclásal comhionannais a thabhairt nó a líomhnófar a bheith freagrach as an íospairt.

(5) Faoi réir *fho-alt* (6), ní fhéadfar éileamh ar shásamh maidir le hidirdhealú nó le híospairt a tharchur faoin alt seo i ndiaidh dheireadh na tréimhse 6 mhí ón dáta ar tharla nó, de réir mar is gá sa chás, ón dáta is déanaí ar tharla an gníomh idirdhealúcháin nó íospartha lena mbaineann an cás.

Cd.VII A.77

(6) Más rud é, ar iarratas arna dhéanamh ag an ngearánach, gur deimhin leis an Stiúrthóir, leis an gCúirt Oibreachais nó, de réir mar a bheidh, leis an gCúirt Chuarda, nárbh fhéidir, de bharr imthosca eisceachtúla, cás an ghearánaigh (seachas éileamh nach bhfuil luach saothair á fháil de réir théarma luach saothair chomhionainn) a tharchur laistigh den teorainn ama i *bhfo-alt (5)*—

(a) féadfaidh an Stiúrthóir, an Chúirt Oibreachais nó an Chúirt Chuarda, de réir mar a bheidh, a ordú, i ndáil leis an gcás sin, go mbeidh éifeacht le *fo-alt (5)* amhail is dá ndéanfaí tagairt do cibé tréimhse nach faide ná 12 mhí a bheidh sonraithe san ordachán a chur in ionad na tagartha do thréimhse 6 mhí, agus

(b) i gcás go dtabharfar ordachán den sórt sin, beidh éifeacht leis an gCuid seo dá réir sin.

(7) Más rud é, maidir le héileamh an ghearánaigh ar shásamh, go mbaineann sé le hidirdhealú—

(a) ag Coimisinéirí na Státseirbhíse, i gcúrsa próisis earcaíochta nó roghnóireachta den sórt dá dtagraítear in *alt 76(5)(a)*,

(b) ag na Coimisinéirí um Cheapacháin Áitiúla, i gcúrsa próisis earcaíochta nó roghnóireachta den sórt dá dtagraítear in *alt 76(5)(b)*,

(c) ag an Aire Cosanta, i gcúrsa próisis earcaíochta le haghaidh Óglaigh na hÉireann, nó

(d) ag Coimisinéir an Gharda Síochána, i gcúrsa próisis earcaíochta le haghaidh an Gharda Síochána,

déanfaidh an gearánach, ar an gcéad ásc, an t-éileamh ar shásamh a tharchur chuig na Coimisinéirí lena mbaineann nó, de réir mar a bheidh, chuig an Aire Cosanta nó chuig Coimisinéir an Gharda Síochána.

(8) I gcás go mbaineann *fo-alt (7)* le héileamh ar shásamh maidir le hidirdhealú, ní fhéadfaidh an gearánach an cás a tharchur faoi *fho-alt (1), (2)* nó *(3)* mura rud é—

(a) gur mhainnigh na Coimisinéirí lena mbaineann nó, de réir mar a bheidh, an tAire Cosanta nó Coimisinéir an Gharda Síochána, breith a thabhairt ar an éileamh ar nó roimh an ochtú lá is fiche tar éis a tharchurtha, nó

(b) nach bhfuil an gearánach sásta leis an mbreith a tugadh ar an éileamh,

agus, i gcás lena mbaineann *mír (a)* nó *(b)*, déanfar deireadh na tréimhse ama is infheidhme faoi *fho-alt (5)* (lena n-áirítear, más cuí, an tréimhse ama is infheidhme faoin bhfo-alt sin faoi threoir *fho-alt (6)*) a fhorléiriú—

(i) mar dheireadh na tréimhse sin, nó

(ii) mar dheireadh na tréimhse 28 lá ó dháta éagtha na tréimhse dá dtagraítear i *mír (a)* nó ó dháta na breithe dá dtagraítear i *mír (b)*,

cibé acu is déanaí a tharlóidh.

(9) Mas rud é—

Cd.VII A.77

- (a) maidir le héileamh ar shásamh a bhaineann le fostaíocht in Óglaigh na hÉireann, go n-éiríonn sé faoi *Chuid III* nó in aon imthosca eile (lena n-áirítear imthosca arb ionann iad agus íospairt) arb iomchuí maidir leo an Treoir um Pá Comhionann nó an Treoir um Chóir Chomhionann, agus
- (b) gur comhalta d'Óglaigh na hÉireann an gearánach,

ansin déanfar, ar an gcéad ásc, an t-éileamh ar shásamh a tharchur faoin nós imeachta atá leagtha amach in *alt 104*.

(10) I gcás go mbaineann *fo-alt (9)* le héileamh ar shásamh, ní dhéanfaidh an gearánach cás a tharchur faoi *fho-alt (1), (2) nó (3)* mura rud é—

- (a) go mbeidh tréimhse 12 mhí caite tar éis an tarchur faoi *alt 104* lena mbaineann an t-éileamh a dhéanamh agus nár iarradh na nósanna imeachta faoi *alt 104(2)(a)* nó nár cuireadh i gcrích iad, nó
- (b) nach bhfuil an gearánach sásta leis an moladh a tugadh faoi *alt 104(2)(b)* ar an éileamh,

agus, i gcás lena mbaineann *mír (a) nó (b)*, déanfar deireadh na tréimhse ama is infheidhme faoi *fho-alt (5)* (lena n-áirítear, más cuí, an tréimhse ama is infheidhme faoin bhfo-alt sin faoi threoir *fho-alt (6)*) a fhorléiriú—

- (i) mar dheireadh na tréimhse sin, nó
- (ii) mar dheireadh na tréimhse 28 lá ó dháta éagtha na tréimhse dá dtagraítear i *mír (a)* nó ó dháta an mholta dá dtagraítear i *mír (b)*,

cibé acu is déanaí a tharlóidh.

78.—(1) Faoi réir *fho-alt (3)*, más rud é, tráth ar bith tar éis cás a bheith tarchurtha chuig an Stiúrthóir faoi *alt 77(1)*, gur dealraitheach don Stiúrthóir gur cás é a d'fhéadfaí a réiteach trí idirghabháil, déanfaidh an Stiúrthóir an cás a tharchur chuig oifigeach idirghabhála comhionannais le haghaidh idirghabhála. Idirghabháil.

(2) Faoi réir *fho-alt (3)*, más rud é, tráth ar bith tar éis cás a bheith tarchurtha chuig an gCúirt Oibreachais faoi *alt 77(2)*, gur dealraitheach don Chúirt Oibreachais gur cás é a d'fhéadfaí a réiteach trí idirghabháil, déanfaidh an Chúirt Oibreachais—

- (a) iarracht a dhéanamh an cás a réiteach sa tslí sin í féin, nó
- (b) an cás a tharchur chuig an Stiúrthóir le haghaidh idirghabhála ag oifigeach idirghabhála comhionannais.

(3) Más rud é go gcuireann an gearánach nó an freagróir in aghaidh déileáil le cás trí idirghabháil, ní dhéanfaidh an Stiúrthóir nó, de réir mar a bheidh, an Chúirt Oibreachais, a gcuid cumhachtaí faoin alt seo a fheidmiú ach déileálfaidh siad leis an gcás faoi *alt 79*.

[Uimh. 21.] *An tAcht um Chomhionannas* [1998.]
Fostaíochta, 1998.

Cd.VII A.78

(4) Déanfar idirghabháil, cibé acu is oifigeach idirghabhála comhionannais nó an Chúirt Oibreachais a dhéanfaidh í, a sheoladh go príobháideach.

(5) I gcás go ndéanfar cás arna tharchur faoi *alt 77* a réiteach trí idirghabháil—

- (a) ullmhóidh an t-oifigeach idirghabhála comhionannais lena mbaineann nó, de réir mar a bheidh, an Chúirt Oibreachais, taifead i scríbhinn de théarmaí na socraíochta,
- (b) síneoidh an gearánach agus an freagróir an taifead i scríbhinn de théarmaí na socraíochta,
- (c) déanfaidh an t-oifigeach idirghabhála comhionannais lena mbaineann nó, de réir mar a bheidh, an Chúirt Oibreachais, cóip den taifead i scríbhinn, arna shíniú amhlaidh, a chur chuig an ngearánach agus chuig an bhfreagróir, agus
- (d) coimeádfaidh an Stiúrthóir nó an Chúirt Oibreachais, de réir mar is gá sa chás, cóip den taifead i scríbhinn.

(6) Más rud é—

- (a) tar éis cás a bheith tarchurtha chuig oifigeach idirghabhála comhionannais faoi *fho-alt (1)* nó *(2)(b)*, nó
- (b) tar éis don Chúirt Oibreachais iarracht a dhéanamh cás a réiteach faoi *fho-alt (2)(a)*,

gur dealraitheach don oifigeach idirghabhála comhionannais nó, de réir mar a bheidh, don Chúirt Oibreachais nach féidir an cás a réiteach trí idirghabháil, déanfaidh an t-oifigeach sin nó an Chúirt sin fógra á rá sin a eisiúint chuig an ngearánach agus chuig an bhfreagróir.

(7) Más rud é—

- (a) gur eisíodh fógra faoi *fho-alt (6)* i leith cáis,
- (b) laistigh de 28 lá ó eisiúint an fhógra sin, go ndéanfaidh an gearánach iarratas chuig an Stiúrthóir nó, de réir mar a bheidh, chuig an gCúirt Oibreachais go n-athchromfaí ar éisteacht an cháis, agus
- (c) más oifigeach idirghabhála comhionannais a d'eisigh an fógra, go mbeidh cóip den fhógra sin ag gabháil leis an iarratas faoi *mhír (b)*,

rachaidh an Stiúrthóir nó an Chúirt Oibreachais, de réir mar is gá sa chás, ar aghaidh leis an gcás nó, de réir mar a bheidh, leanfaidh sé nó sí de bheith ag déileáil leis an gcás faoi *alt 79*.

Imscrúduithe ag an Stiúrthóir nó ag an gCúirt Oibreachais.

79.—(1) Más rud é, maidir le cás a bheidh tarchurtha chuig an Stiúrthóir nó chuig an gCúirt Oibreachais faoi *alt 77*—

- (a) nach cás é a ndéileálfar leis trí idirghabháil faoi *alt 78*, nó
- (b) gur cás é a ndéileálfar leis faoin alt seo de bhua *alt 78(7)*,

déanfaidh an Stiúrthóir nó an Chúirt Oibreachais, de réir mar a bheidh, an CD.VII A.79 cas a imscrúdú agus éisteacht a thabhairt do gach duine ar dealraitheach don Stiúrthóir nó don Chúirt sin leas a bheith acu san ábhar agus ar mian leo éisteacht a fháil.

(2) Is go príobháideach a sheolfar imscrúdú faoin alt seo mura rud é, ar cheann de na páirtithe in imscrúdú arna dhéanamh ag an gCúirt Oibreachais á iarraidh sin, go gcinnfidh an Chúirt sin an t-imscrúdú, nó cibé méid de nach dealraitheach don Chúirt sin gur chóir déileáil leis i modh rúin, a sheoladh go poiblí.

(3) Más rud é, i gcás a tharchuirfear ar an bhforas nach bhfuil an gearánach ag fáil luach saothair de réir théarma luach saothair chomhionainn, go n-éireoidh ceist i dtaobh na rátaí éagsúla luach saothair lena mbaineann an cas a bheith dleathach de bhua *alt 19(5)* nó *29(5)*, féadfaidh an Stiúrthóir a ordú go ndéanfar an cheist sin a imscrúdú mar réamh-shaincheist agus rachaidh sé nó sí ar aghaidh dá réir sin.

(4) Faoi réir *fho-alt (2)* agus *(3)*, féadfaidh an tAire na nithe seo a leanas a shonrú le rialacháin—

(a) nósanna imeachta atá le leanúint ag an Stiúrthóir nó, de réir mar a bheidh, ag an gCúirt Oibreachais le linn imscrúduithe (nó imscrúduithe d'aon tuairisc) a sheoladh faoin alt seo, agus

(b) teorainneacha ama is infheidhme maidir le himscrúduithe den sórt sin, lena n-áirítear nósanna imeachta chun na teorainneacha sin a fhadú in imthosca áirithe,

ach, sula ndéanfaidh sé nó sí aon rialacháin den sórt sin, rachaidh an tAire i gcomhairle leis an gCúirt Oibreachais, leis an Údarás agus leis an Stiúrthóir; agus ní dhéanfar aon rialacháin den sórt sin a bhainfidh le feidhmeanna na Cúirte Oibreachais ach amháin le toiliú an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

(5) Mura rud é go measann an Stiúrthóir nó an Chúirt Oibreachais gur gá sin a dhéanamh chun imscrúdú a thabhairt chun críche go cuí, ní lorgófar faisnéis ná ní rachfar i muinín faisnéise chun críche imscrúdaithe faoin alt seo (nó chun críche aon achomhairc dá éis sin) má bhaineann sí le cumarsáidí le comhairleoirí seachtracha d'aon duine de na daoine dá dtagraítear i *míreanna (a)* go *(d)* d'*alt 76(5)* nó más ó na cumarsáidí sin a fhaightear í.

(6) Ar imscrúdú faoin alt seo a thabhairt chun críche (lena n-áirítear imscrúdú ar réamh-shaincheist faoi *fho-alt (3)*), déanfaidh an Stiúrthóir breith a eisiúint nó, de réir mar a bheidh, déanfaidh an Chúirt Oibreachais cinneadh agus, más i bhfabhar an ghearánaigh atá an bhreith nó an cinneadh—

(a) déanfar foráil ann nó inti maidir le sásamh de réir *alt 82*, nó

(b) i gcás breithe ar réamh-shaincheist faoi *fho-alt (3)*, déanfar imscrúdú ina dhiaidh sin ar an tsaincheist shubstainteach.

80.—(1) Tá feidhm ag an alt seo i gcás go dtarchuirfear cas chuig an gCúirt Chuarda faoi *alt 77(3)*; agus is tagairt do na himeachtaí ar an tarchur aon tagairt i *bhfo-alt (2)* go *(5)* den alt seo do na himeachtaí. Tarchuir chuig an gCúirt Chuarda.

Cd.VII A.80

(2) Is é nó is í an breitheamh a bheidh sannta de thuras na huaire don chuaird ina bhfuil cónaí ar an bhfreagróir nó ina seolann sé nó sí aon ghairm, gnó nó slí bheatha de ghnáth, a fheidhmeoidh dlínse na Cúirte Cuarda.

(3) Beidh feidhm ag *alt 79(3)* i ndáil le tarchur chuig an gCúirt Chuarda amháil mar atá feidhm aige i ndáil le tarchur chuig an Stiúrthóir, ach tagairt don Chúirt Chuarda a chur in ionad na tagartha don Stiúrthóir.

(4) Má iarrann an Chúirt Chuarda ar an Stiúrthóir déanamh amhlaidh, déanfaidh sé nó sí oifigeach comhionannais a ainmniú chun aon cheist a shonróidh an Chúirt Chuarda agus a éiríonn as an tarchur (lena n-áirítear, go háirithe, aon cheist i dtaobh daoine a bheith fostaithe chun an cineál céanna oibre a dhéanamh) a imscrúdú agus tuarascáil a ullmhú ina leith.

(5) I gcás go n-ullmhófar tuarascáil don Chúirt Chuarda faoi *fho-alt (4)*, ansin, faoi réir aon ordachán ón gCúirt Chuarda—

- (a) tabharfaidh an t-oifigeach comhionannais cóip den tuarascáil don ghearánach agus don fhreagróir agus d'aon duine eile lena mbaineann sí,
- (b) glacfar an tuarascáil i bhfianaise sna himeachtaí, agus
- (c) gan dochar do chumhacht na Cúirte Cuarda a cheangal ar an oifigeach comhionannais a d'ullmhaigh an tuarascáil freastal ar na himeachtaí agus fianaise a thabhairt iontu, féadfaidh an gearánach nó an freagróir glaoch ar an oifigeach comhionannais mar fhinné sna himeachtaí.

Iarmhairtí de dhroim mainneachtain faisnéis a sholáthar etc.

81.—Más rud é, i gcúrsa imeachtaí ar tharchur faoi *alt 77(3)* nó i gcúrsa imscrúdaithe faoi *alt 79*, gur dealraitheach don Chúirt Chuarda, don Stiúrthóir nó don Chúirt Oibreachais, de réir mar a bheidh—

- (a) gur mhainnigh an freagróir faisnéis a sholáthar ar faisnéis í a lorg an gearánach trí cheisteanna faoi *alt 76* agus a bhí i seilbh nó faoi chumhacht an fhreagróra, nó
- (b) go raibh an fhaisnéis a sholáthair an freagróir, mar fhreagra ar aon cheist den sórt sin, bréagach nó míthreorach nó thairis sin nárbh faisnéis í de shórt a theastaigh le réasún ón ngearánach d'fhonn an cinneadh dá dtagraítear in *alt 76(1)* a dhéanamh,

féadfaidh an Chúirt Chuarda, an Stiúrthóir nó an Chúirt Oibreachais (de réir mar is gá sa chás) cibé tátail a mheasfar a bheith cuí a bhaint as an mainneachtain an fhaisnéis a sholáthar nó, de réir mar a bheidh, faisnéis mar a luaitear i *mír (b)* a sholáthar.

Sásamh is inordaithe.

82.—(1) Faoi réir an ailt seo, is iad na cineálacha sásaimh ar féidir foráil a dhéanamh dóibh le breith ón Stiúrthóir faoi *alt 79* cibé cineál amháin nó níos mó díobh seo a leanas is cuí in imthosca an cháis áirithe:

- (a) ordú le haghaidh cúitimh i bhfoirm riaráistí luach saothair (is inchurtha i leith mainneachtain luach saothair comhionann a thabhairt) i leith cibé méid den tréimhse fostaíochta dar tosach tráth nach luaithe ná 3 bliana

roimh dháta an tarchurtha faoi *alt 77(1)* ba bhun leis an Cd.VII A.82 mbreith;

- (b) ordú le haghaidh luach saothair chomhionainn ón dáta dá dtagraítear i *mír (a)*;
- (c) ordú le haghaidh cúitimh in éifeachtaí gníomhartha idirdhealaithe nó íospartha a tharla tráth nach luaithe ná 6 bliana roimh dháta tarchurtha an cháis faoi *alt 77*;
- (d) ordú le haghaidh córa comhionainne i cibé slí is iomchuí maidir leis an gcás;
- (e) ordú go ndéanfaidh duine nó daoine a bheidh sonraithe san ordú bearta a bheidh sonraithe amhlaidh.

(2) Is iad na cineálacha sásaimh ar féidir foráil a dhéanamh dóibh le cinneadh ón gCúirt Oibreachais faoi *alt 79* cibé cineál amháin nó níos mó díobh seo a leanas is cuí in imthosca an cháis áirithe:

- (a) na horduithe dá dtagraítear i *míreanna (c)* go (*e*) *d'fho-alt (1)*;
- (b) ordú le haghaidh athfhostú nó athfhrúiliú, i dteannta nó d'éagmais ordaithe le haghaidh cúitimh.

(3) Is iad na cineálacha sásaimh ar féidir leis an gCúirt Chuarda foráil a dhéanamh dóibh ar tharchur faoi *alt 77(3)* cibé cineál amháin nó níos mó díobh seo a leanas is cuí in imthosca an cháis áirithe:

- (a) ordú le haghaidh cúitimh i bhfoirm riaráistí luach saothair (is inchurtha i leith mainneachtain luach saothair comhionann a thabhairt) i leith cibé méid den tréimhse fostaíochta dar tosach tráth nach luaithe ná 6 bliana roimh dháta an tarchurtha;
- (b) ordú le haghaidh luach saothair chomhionainn ó dháta an tarchurtha;
- (c) na horduithe dá dtagraítear i *míreanna (c)* go (*e*) *d'fho-alt (1)*;
- (d) ordú le haghaidh athfhostú nó athfhrúiliú, i dteannta nó d'éagmais ordaithe le haghaidh cúitimh,

agus ní mheasfar go gcuireann aon achtachán a bhaineann le dlínse na Cúirte Cuarda teorainn le méid an chúitimh nó an luach saothair a fhéadfaidh an Chúirt Chuarda a ordú de bhua an fho-ailt seo.

(4) Is é an méid uasta a fhéadfaidh an Stiúrthóir nó an Chúirt Oibreachais a ordú mar chúiteamh faoi *fho-alt (1)(c)* nó a fhéadfaidh an Chúirt sin a ordú faoi *fho-alt (2)(b)*, in aon chás ina raibh an gearánach ag fáil luach saothair ar dháta tarchurtha an cháis nó, má ba luaithe é, dáta an dífhostaithe, méid is comhionann—

- (a) le 104 oiread mhéid an luach saothair sin, arna chinneadh ar bhonn seachtainiúil, nó
- (b) i gcás gur mó é, le 104 oiread an mhéid, arna chinneadh ar bhonn seachtainiúil, a bheadh faighte ag an ngearánach ar an dáta sin murach an gníomh idirdhealaithe nó íospartha áirithe sin,

agus in aon chás eile, £10,000.

[Uimh. 21.] *An tAcht um Chomhionannas* [1998.]
Fostaíochta, 1998.

Cd.VII A.82

(5) Más rud é go ndéanfar an cás a bhfuil an sásamh le tabhairt ina leith a tharchur chuig an Stiúrthóir nó chuig an gCúirt Oibreachais agus go n-éiríonn an cás—

(a) faoi *Chuid III*, nó

(b) in aon imthosca eile (lena n-áirítear imthosca arb ionann iad agus íospairt) arb iomchuí maidir leo an Treoir um Pá Comhionann nó an Treoir um Chóir Chomhionann,

féadfaidh an Stiúrthóir nó an Chúirt Oibreachais, de réir mar a bheidh, i dteannta ordú le haghaidh cúitimh a dhéanamh, a ordú freisin go n-íocfar ús, de réir an ráta is infheidhme faoi alt 22(1) d'Acht na gCúirteanna, 1981—

(i) i leith mhéid iomlán an chúitimh nó aon chuid de, agus

(ii) i leith na tréimhse dar tosach an dáta iomchuí agus dar críoch dáta na hÍocaíochta,

agus, chun críocha *fhomhír (ii)*, ciallaíonn “an dáta iomchuí” an chéad lá den tréimhse (más ann) a bhfuil sé sainráite go bhfuil an cúiteamh inchurtha ina leith nó, murab ann do thréimhse den sórt sin, dáta an tarchurtha faoi *alt 77(1)*.

Achomhairc ón
Stiúrthóir chun na
Cúirte Oibreachais.

83.—(1) Tráth nach déanaí ná 42 lá ó dháta aon bhreithe ón Stiúrthóir faoi *alt 79*, féadfaidh an gearánach nó an freagróir achomharc a dhéanamh chun na Cúirte Oibreachais le fógra i scríbhinn ina sonrú forais an achomhairc.

(2) Déanfaidh an Chúirt Oibreachais achomharc faoin alt seo a éisteacht go príobháideach mura rud é, ar cheann de na páirtithe á iarraidh, go gcinnfidh sí an t-achomharc, nó cibé méid de nach dóigh léi gur chóir déileáil leis i modh rúin, a sheoladh go poiblí.

(3) Beidh feidhm ag na hachtacháin seo a leanas maidir le hachomharc faoin alt seo:

(a) alt 14 den Acht Caidrimh Thionscail, 1946 (meisiúnaithe teicniúla a cheapadh); agus

(b) alt 21 den Acht sin agus alt 56 den Acht Caidrimh Thionscail, 1990 (finnéithe a thoghairm etc.).

(4) Ina cinneadh ar achomharc faoin alt seo, féadfaidh an Chúirt Oibreachais foráil a dhéanamh d'aon sásamh a bhféadfaí foráil a dhéanamh dó leis an mbreith a ndearnadh achomharc ina haghaidh (ach rogha na Cúirte Oibreachais a chur in ionad rogha an Stiúrthóra).

(5) Más cinneadh i bhfabhar an ghearánaigh cinneadh na Cúirte Oibreachais ar achomharc in aghaidh breithe ón Stiúrthóir ar réamhshaincheist faoi *alt 79(3)*, déanfar an cás a tharchur ar ais chuig an Stiúrthóir le haghaidh imscrúdaithe ar an tsaincheist shubstainteach.

(6) Faoi réir *fho-alt (2)*, féadfaidh an tAire, le toiliú an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, na nithe seo a leanas a shonrú le rialacháin—

(a) nósanna imeachta atá le leanúint ag an gCúirt Oibreachais le linn achomhairc a sheoladh faoin alt seo, agus

- (b) teorainneacha ama is infheidhme maidir le hachomhairc den sórt sin, lena n-áirítear nósanna imeachta chun na teorainneacha sin a fhadú in imthosca áirithe, Cd.VII A.83

ach, sula ndéanfaidh sé nó sí aon rialacháin den sórt sin, rachaidh an tAire i gcomhairle leis an gCúirt Oibreachais, leis an Údarás agus leis an Stiúrthóir.

84.—(1) I gcás ina dtarchuirfear cás chuig an gCúirt Oibreachais faoi *alt 77* agus go measfaidh an Chúirt sin go mba chabhair di, agus cinneadh á dhéanamh aici, imscrúdú arna dhéanamh ag an Stiúrthóir, féadfaidh an Chúirt Oibreachais gach ní nó aon ní de na nithe a bheidh i saincheist sa chás a tharchur chuig an Stiúrthóir; agus, i gcás ina ndéanfar tarchur den sórt sin, déanfaidh an Stiúrthóir na nithe a tharchuirfear amhlaidh a imscrúdú agus tuarascáil ar an gcéanna a chur faoi bhráid na Cúirte Oibreachais. Tarchuir chuig an Stiúrthóir ag an gCúirt Oibreachais.

(2) I gcás ina ndéanfar achomharc chun na Cúirte Oibreachais faoi *alt 83* agus go measfaidh sí go mba chabhair di, agus cinneadh á dhéanamh aici ar an achomharc, a cuid cumhachtaí faoin bhfo-alt seo a fheidhmiú, féadfaidh an Chúirt Oibreachais gach ní nó aon ní de na nithe a bheidh i saincheist san achomharc a tharchur chuig an Stiúrthóir le haghaidh imscrúdú breise nó, de réir mar is cuí, ath-imscrúdú; agus, i gcás ina ndéanfar tarchur den sórt sin, déanfaidh an Stiúrthóir an t-imscrúdú breise nó an t-imscrúdú nua ar na nithe a tharchuirfear amhlaidh a sheoladh agus tuarascáil ar an gcéanna a chur faoi bhráid na Cúirte Oibreachais.

(3) I gcás ina ndéanfaidh an Chúirt Oibreachais aon nithe a tharchur chuig an Stiúrthóir faoi *fho-alt (1)* nó *(2)*—

- (a) féadfaidh sí a himscrúdú ar an gcás áirithe sin nó, de réir mar a bheidh, éisteacht an achomhairc aici a chur ar fionraí, go hiomlán nó go páirteach, nó é a chur ar atráth, go dtí go bhfaighfear tuarascáil ón Stiúrthóir, agus
- (b) déanfaidh sí tuarascáil an Stiúrthóra maidir leis na nithe a bheidh tarchurtha a chur san áireamh agus cinneadh á dhéanamh aici.

(4) Más rud é, ar achomharc faoi *alt 83*, go gcinneadh an Chúirt Oibreachais gur chóir an bhreith ón Stiúrthóir atá i gceist a chur ar ceal, féadfaidh sí freisin, tríd an gcinneadh uathí, an ní atá i saincheist a tharchur ar ais chuig an Stiúrthóir le haghaidh imscrúdú nua agus le haghaidh breithe faoi *alt 79*.

85.—(1) I gás gur dealraitheach don Údarás—

- (a) go bhfuil idirdhealú nó íospairt á chleachtadh nó á cleachtadh i gcoitinne in aghaidh daoine nó go bhfuil cleachtas dá dtagraítear in *alt 8(4)* á fheidhmiú nó á oibriú,
- (b) gur tharla idirdhealú nó íospairt i ndáil le duine áirithe nach bhfuil tarchur faoi *alt 77* déanta aige nó aici i ndáil leis an idirdhealú nó leis an íospairt agus nach bhfuil sé réasúnach a bheith ag súil go ndéanfaidh an duine sin tarchur den sórt sin,
- (c) go bhfuil mainneachtain á déanamh téarma luach saothair chomhionannais nó clásal comhionannais a chomhlíonadh

Cumhachtaí
forfheidhmithe an
Údaráis.

cibé acu i ngnó i gcoitinne nó i ndáil le duine áirithe nach bhfuil tarchur faoi *alt 77* déanta aige nó aici i ndáil leis an mainneachtain agus nach bhfuil sé réasúnach a bheith ag súil go ndéanfadh sé nó sí tarchur den sórt sin,

- (d) go bhfuil foilsíú nó taispeáint déanta de shárú ar *alt 10*,
- (e) go bhfuil duine, *contrártha d'alt 14*, tar éis duine eile a aslú nó iarracht a dhéanamh duine eile a aslú chun aon ní a dhéanamh ar idirdhealú nó íospairt é, nó
- (f) go bhfuil duine tar éis duine eile a aslú nó iarracht a dhéanamh duine eile a aslú chun téarma luach saothair chomhionann nó clásal comhionannais a bhriseadh,

féadfaidh an tÚdarás an ní a tharchur chuig an Stiúrthóir.

(2) I gcás go ndéanfaidh an tÚdarás ní a tharchur chuig an Stiúrthóir faoi *fho-alt (1)*, beidh feidhm ag na forálacha sin roimhe seo den Chuid seo amháin is dá mba chás é arna tharchur faoi *alt 77*, ach amháin—

- (a) go ndéanfar aon tagairt don ghearánach a fhorléiriú mar thagairt don Údarás,
- (b) go ndéanfar aon tagairt don fhreagróir a fhorléiriú mar thagairt don duine a raibh, i dtuairim an Údarás, an t-idirdhealú á chleachtadh aige nó aici nó, de réir mar is gá sa chás, a bhí freagrach as mainneachtain an téarma luach saothair chomhionann nó an clásal comhionannais a chomhlíonadh nó a bhí freagrach as an íospairt nó as an bhfoilsíú nó an taispeáint nó as an aslú nó as an iarracht ar aslú, agus
- (c) maidir le haon tagairt do na páirtithe, measfar, i gcás ní a tharchuirfear de bhua aon cheann de *mhíreanna (a)* go *(c) d'fho-alt (1)*, go bhfolaíonn sí aon duine a ndearnadh idirdhealú ina aghaidh nó ina haghaidh nó a ndearnadh íospairt air nó uirthi nó a d'fhulaing de dheasca mainneachtain comhlíonadh a dhéanamh, de réir mar a luaitear sa mhír lena mbaineann.

(3) I mbreith faoi *alt 79*, arna cur chun feidhme le *fo-alt (2)*, beidh na cineálacha sásaimh seo a leanas ar fáil:

- (a) sásamh mar atá faoi *alt 82* (ach tagairtí san alt sin don ghearánach a fhorléiriú mar thagairtí don duine dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)(c)*);
- (b) i gcás gur de bhua *fho-alt (1)(d)* an tarchur, breith gur de shárú nó nach de shárú ar *alt 10* a rinneadh foilsíú nó taispeáint; agus
- (c) i gcás gur de bhua *mhír (e)* nó *(f) d'fho-alt (1)* an tarchur, breith go ndearna nó nach ndearna an duine lena mbaineann aslú nó iarracht ar aslú mar a luaitear sa mhír lena mbaineann.

(4) Tá feidhm ag *fo-alt (5)* i gcás ina ndeimhneoidh an tÚdarás don Ard-Chúirt nó, de réir mar a bheidh, don Chúirt Chuarda, gur dócha, tar éis breithe faoi *alt 79* arna cur chun feidhme le *fo-alt (2)*, i ní a tharchuirfear de bhua aon mhíre *d'fho-alt (1)*—

- (a) go ndéanfar tuilleadh idirdhealaithe nó íospartha, Cd.VII A.85
- (b) go ndéanfar tuilleadh mainneachtana téarma luach saothair chomhionanninn nó clásal comhionannais a chomhlíonadh,
- (c) go ndéanfar tuilleadh foilsithe nó taispeána de shárú ar *alt 10*, nó
- (d) go ndéanfaidh duine ar tugadh an bhreith i ndáil leis nó léi tuilleadh aslaithe nó tuilleadh iarrachta ar aslú mar a luaitear i *mír (e)* nó *(f) d'fho-alt (1)*, is de chineál is ábhar don bhreith.

(5) I gcás lena mbaineann an fo-alt seo, féadfaidh an Ard-Chúirt nó an Chúirt Chuarda, ar fhorriarratas ón Údarás ina sonrú an duine atá i gceist, urghaire a dheonú chun a chosc ar an duine sin leanúint d'aon iompar (de shórt a luaitear i *bhfo-alt (4)*), de chineál a bheidh sonraithe amhlaidh.

(6) Maidir leis an dlínse a thugtar don Chúirt Chuarda leis an alt seo, is é nó is í an breitheamh a bheidh sannta de thuras na huairé don chuaird ina bhfuil gnáthchónaí ar an duine a bheidh sonraithe i bhforriarratas an Údaráis, nó ina seolann sé nó sí aon ghairm, gnó nó slí bheatha, a fheidhmeoidh í.

Comhaontuithe Comhchoiteanna

86.—(1) Má éilíonn an tÚdarás nó duine a ndéanann comhaontú comhchoiteann difear dó nó di go bhfuil foráil den chomhaontú sin ar neamhní de bhua *alt 9*, féadfaidh an tÚdarás nó an duine sin ceist an chomhaontaithe sin a tharchur chuig an Stiúrthóir; agus san alt seo (agus in *alt 87*) gairtear “an gearánach” den Údarás nó den duine a dhéanfaidh tarchur den sórt sin.

Comhaontuithe comhchoiteanna a tharchur chuig an Stiúrthóir.

(2) Chun críocho a anailt seo (agus *alt 87*)—

- (a) measfar go bhfolaíonn an abairt “comhaontú comhchoiteann” ordú nó comhaontú a thagann faoi réim *mhír (b)* nó *(c) d'alt 9(3)*,
- (b) déanann comhaontú comhchoiteann difear do dhuine más fostaí an duine sin a bhfuil a luach saothair, nó a choinníollacha nó a coinníollacha fostaíochta faoi rialú, go hiomlán nó go páirteach, ag an gcomhaontú (nó ag aon chuid de), agus
- (c) ciallaíonn “na freagróirí” na páirtithe sa chomhaontú, seachas (más iomchuí) an gearánach.

(3) Faoi réir *fho-alt (4)*, i gcás ina ndéanfar comhaontú comhchoiteann a tharchur chuig an Stiúrthóir faoin alt seo, breithneoidh an Stiúrthóir, maidir leis an gceist i dtaobh foráil den chomhaontú a bheith nó gan a bheith ar neamhní, cibé acu an ceist í is cosúil a d'fhéadfaí a réiteach trí idirghabháil, agus—

- (a) má mheasann an Stiúrthóir go bhféadfaí an cheist a réiteach amhlaidh, déanfaidh an Stiúrthóir an comhaontú a tharchur chuig oifigeach idirghabhála comhionannais le haghaidh idirghabhála de réir *alt 87*, agus

(b) má mheasann an Stiúrthóir nach bhféadfaí an cheist a réiteach amhlaidh, rachaidh an Stiúrthóir ar aghaidh de réir *mhír* (b) nó (c) *d'fho-alt* (4).

(4) Má dhéanann an gearánach nó na freagróirí agóid in aghaidh tarchuir faoi *fho-alt* (3)(a) (nó má tá feidhm ag *alt* 78(7) de réir *fho-alt* (6))—

(a) ní fheidhmeoidh an Stiúrthóir na cumhachtaí faoi *fho-alt* (3)(a),

(b) déanfaidh an Stiúrthóir an comhaontú a imscrúdú agus, chun na críche sin, tabharfaidh sé nó sí éisteacht do gach duine ar dealraitheach don Stiúrthóir leas a bheith aige nó aici san ábhar agus ar mian leis nó léi éisteacht a fháil, agus

(c) eiseoidh an Stiúrthóir breith de réir *alt* 87,

agus beidh feidhm ag *fo-ailt* (3) agus (4) *d'alt* 79 i ndáil le himscrúdú ag an Stiúrthóir faoin bhfo-alt seo mar atá feidhm acu i ndáil le himscrúdú ag an Stiúrthóir faoin alt sin.

(5) Déanfar idirghabháil faoi *fho-alt* (3) nó imscrúdú faoi *fho-alt* (4) a sheoladh go príobháideach.

(6) I gcás go ndéanfar comhaontú comhchoiteann a tharchur le haghaidh idirghabhála faoi *fho-alt* (3), beidh feidhm ag *fo-ailt* (5) go (7) *d'alt* 78 mar atá feidhm acu maidir le cás a bheidh tarchurtha chuig oifigeach idirghabhála comhionannais faoi *alt* 78(1) ach, chun críche na feidhme sin—

(a) déanfar tagairtí sna fo-ailt sin don ghearánach agus don fhreagróir a fhorléiriú mar thagairtí don ghearánach agus do na freagróirí, de réir bhrí an ailt seo, agus

(b) beidh éifeacht le *halt* 78(7) amhail is dá gcuirfí na focail “déanfaidh an Stiúrthóir imscrúdú ar ábhar an chomhaontaithe faoi *alt* 86(4)” in ionad na bhfocal a leanann *mír* (c) den chéanna.

Idirghabháil,
breitheanna agus
achomhairc a
bhaineann le
comhaontuithe
comhchoiteanna.

87.—(1) I gcás go ndéanfar comhaontú comhchoiteann a tharchur chuig an Stiúrthóir faoi *alt* 86, beidh d'aidhm—

(a) le hidirghabháil ag oifigeach idirghabhála comhionannais faoi *fho-alt* (3) den alt sin, nó

(b) le breith ón Stiúrthóir faoi *fho-alt* (4) den alt sin,

a aithint cé na forálacha (más ann) den chomhaontú atá ar neamhní de bhua *alt* 9 agus, más cuí leis an oifigeach idirghabhála comhionannais nó, de réir mar a bheidh, leis an Stiúrthóir, treoir a chur ar fáil do na páirtithe sa chomhaontú maidir leis an gcaoi a bhféadfaí malairt forálacha nó forálacha leasaithe a cheapadh, a mbeadh sé dleathach iad a bheith sa chomhaontú.

(2) Tráth nach déanaí ná 42 lá ó dháta aon bhreithe den sórt dá dtagraítear i *bhfo-alt* (1)(b), féadfaidh an gearánach nó an freagróir achomharc a dhéanamh chun na Cúirte Oibreachais le fógra i scríbhinn ina sonrú forais an achomhairc.

(3) Déanfaidh an Chúirt Oibreachais achomharc faoi *fho-alt (2)* a éisteacht go príobháideach mura rud é, ar cheann de na páirtithe á iarraidh sin, go gcinnfidh sí an t-achomharc, nó cibé méid de nach dóigh léi gur chóir déileáil leis i modh rúin, a sheoladh go poiblí, agus beidh feidhm ag na hachtacháin a shonraítear in *alt 83(3)* maidir le hachomharc den sórt sin amhail mar atá feidhm acu maidir le hachomharc faoi *alt 83*.

(4) Ina cinneadh ar achomharc faoi *fho-alt (2)* féachfaidh an Chúirt Oibreachais leis an aidhm a shonraítear i *bhfo-alt (1)* a bhaint amach.

(5) San alt seo tá le “comhaontú comhchoiteann”, “an gearánach” agus “an freagróir” an bhrí chéanna atá leo in *alt 86*.

Breitheanna agus Cinntí i gCoitinne

88.—(1) Is i scríbhinn a bheidh gach breith ón Stiúrthóir nó gach cinneadh ón gCúirt Oibreachais faoin gCuid seo agus—

Foirm breitheanna agus cinntí agus an t-ábhar a bheidh iontu.

- (a) más cuí leis an Stiúrthóir nó leis an gCúirt Oibreachais, nó
- (b) má iarrann aon cheann de na páirtithe amhlaidh,

beidh ráiteas sa bhreith nó sa chinneadh maidir leis na cúiseanna gur tháinig an Stiúrthóir ar an mbreith sin nó, de réir mar a bheidh, gur tháinig an Chúirt Oibreachais ar an gcinneadh sin.

(2) Féadfaidh an Stiúrthóir nó, de réir mar a bheidh, Cathaoirleach na Cúirte Oibreachais, trí fhógra i scríbhinn chuig na páirtithe, ceartú a dhéanamh ar aon dearmad (lena n-áirítear aon rud atá fágtha ar lár) ar dearmad focal nó dearmad foirmiúil é i mbreith nó i gcinneadh faoin gCuid seo.

(3) San alt seo ciallaíonn “na páirtithe”—

- (a) i gcás breithe nó cinnidh faoi *alt 79*, an gearánach agus an freagróir mar a mhínítear in *alt 77(4)*,
- (b) i gcás cinnidh faoi *alt 83*, na páirtithe san achomharc,
- (c) i gcás breithe faoi *alt 85*, an tÚdarás agus na daoine dá dtagraítear i *bhfo-ailt (2)(b)* agus (c) den alt sin, agus
- (d) i gcás breithe faoi *alt 86* nó cinnidh faoi *alt 87*, an gearánach agus na freagróirí, de réir bhrí *alt 86*.

(4) Mura ndéanfar aon duine a bhí páirteach in imscrúdú faoi *alt 79* nó *86* a shainnithint i gceart sa bhreith nó sa chinneadh a thig as an imscrúdú, measfar go dtagann ceartú na hearráide sin faoi réim *fho-alt (2)*.

89.—(1) Tabharfar cóip de gach breith ón Stiúrthóir faoin gCuid seo—

Breitheanna agus cinntí a sholáthar agus a fhoilsíú.

- (a) do gach ceann de na páirtithe, agus
- (b) don Chúirt Oibreachais,

agus déanfar gach breith den sórt sin a fhoilsíú agus cuirfear cóip di ar fáil lena hiniúchadh in oifig an Stiúrthóra.

Cd.VII A.89

(2) Tabharfar cóip de gach cinneadh ón gCúirt Oibreachais faoin gCuid seo do gach ceann de na páirtithe; agus déanfar gach cinneadh den sórt sin a fhoilsiú agus cuirfear cóip de ar fáil lena iniúchadh in oifig na Cúirte Oibreachais.

(3) San alt seo tá le “na páirtithe” an bhrí chéanna atá leis in *alt 88*.

(4) Aon tagairt san alt seo do bhreith nó do chinneadh foláonn sí tagairt d’aon ráiteas maidir le cúiseanna a bheidh sa bhreith nó sa chinneadh de réir mar a luaitear in *alt 88(1)*.

(5) Beidh an t-ábhar a bheidh in aon doiciméad a fhoilseofar nó a chuirfear ar fáil de bhua an ailt seo faoi phribhléid iomlán.

Achomhairc agus tarchuir ón gCúirt Oibreachais.

90.—(1) Tráth nach déanaí ná 42 lá, nó cibé tréimhse is faide ná sin a cheadóidh an Chúirt Chuarda, ó dháta aon chinnidh ón gCúirt Oibreachais faoi *alt 79*, féadfaidh an gearánach nó an freagróir achomharc a dhéanamh chun na Cúirte Cuarda in aghaidh an chinnidh.

(2) Ar achomharc faoi *fho-alt (1)*, féadfaidh an Chúirt Chuarda aon chineál sásaimh a ordú a bhféadfaí foráil a dhéanamh dó leis an gcinneadh a ndearnadh achomharc ina aghaidh (ach rogha na Cúirte Cuarda a chur in ionad rogha na Cúirte Oibreachais) agus, faoi réir aon achomhairc chun na hArd-Chúirte ar phonc dlí, is breith chríochnaitheach dhochloíte breith na Cúirte Cuarda ar achomharc faoi *fho-alt (1)*.

(3) I gcás ina ndéanfaidh an Chúirt Oibreachais cinneadh faoi *alt 79* nó ar achomharc faoin gCuid seo, féadfaidh ceachtar de na páirtithe achomharc a dhéanamh chun na hArd-Chúirte ar phonc dlí.

(4) Le linn don Chúirt Oibreachais cás a imscrúdú faoi *alt 79* nó i gcúrsa achomhairc chuici faoin gCuid seo, féadfaidh an Chúirt Oibreachais—

(a) ponc dlí a éireoidh i gcúrsa an imscrúdaithe nó an achomhairc a tharchur chuig an Ard-Chúirt, agus

(b) an t-imscrúdú nó an t-achomharc a chur ar atráth (más cuí léi é) go dtí go mbeidh toradh ar an tarchur.

(5) Maidir leis an dlínse a thugtar don Chúirt Chuarda leis an alt seo, is é nó is í an breitheamh a bheidh sannta de thuras na huaire don chuaird ina bhfuil gnáthchónaí ar an bhfreagróir, nó ina seolann sé nó sí aon ghairm, gnó nó slí bheatha, a fheidhmeoidh í.

(6) Beidh éifeacht le forálacha na Coda seo a bhaineann le hachomhairc d’ainneoin alt 17 den Acht Caidrimh Thionscail, 1946 (lena dtoirmiscear achomhairc ón gCúirt Oibreachais).

Forfheidhmiú ag an gCúirt Chuarda

Cinntí, breitheanna agus socraíochtaí idirghabhála a fhorfheidhmiú.

91.—(1) Má mhainníonn fostóir nó aon duine eile atá faoi cheangal—

(a) ag téarmaí cinnidh chríochnaithe ón gCúirt Oibreachais faoin gCuid seo, nó

- (b) ag téarmaí breithe críochnaithí ón Stiúrthóir faoin gCuid Cd.VII A.91 seo,

téarmaí an chinnidh nó na breithe a chomhlíonadh ansin, ar iarratas faoin alt seo, déanfaidh an Chúirt Chuarda ordú, faoi réir *alt 93*, á ordú don duine dá ndéantar difear (is é sin le rá, an fostóir nó an duine eile lena mbaineann) an cinneadh nó an bhreith a chur i gcrích de réir théarmaí an chéanna.

(2) Má mhainníonn fostóir nó an duine is páirtí i socraíocht lena mbaineann *alt 78 (5)* éifeacht a thabhairt, go hiomlán nó go páirteach, do théarmaí na socraíochta, ansin, ar iarratas faoin alt seo, féadfaidh an Chúirt Chuarda ordú a dhéanamh á ordú don duine dá ndéantar difear (is é sin le rá, an fostóir nó an duine is páirtí sa tsocraíocht) na téarmaí sin nó, de réir mar a bheidh, an chuid de na téarmaí sin lena mbaineann an t-iarratas, a chur i gcrích; ach ní ordóidh an Chúirt Chuarda, de bhua an fho-ailt seo, d'aon duine aon suim a íoc nó aon ní eile a dhéanamh nach bhféadfaí foráil a dhéanamh dó (dá mbeifí tar éis déileáil leis an ní ar shlí seachas trí idirghabháil) ar mhodh sásaimh faoi *alt 82*.

- (3) Ní fhéadfar iarratas a dhéanamh faoin alt seo—

(a) i gcás cinnidh nó breithe, roimh dheireadh na tréimhse ar laistigh di a d'fhéadfaí achomharc a thionscnamh in aghaidh an chinnidh nó na breithe, agus

(b) i gcás socraíochta ar thángthas uirthi mar thoradh ar idirghabháil, roimh dheireadh na tréimhse 42 lá ó dháta an taifid i scríbhinn den tsocraíocht.

- (4) Maidir le hiarratas faoin alt seo—

(a) féadfaidh an gearánach é a dhéanamh, nó

(b) i gcás nach é an tÚdarás an gearánach, ansin, féadfaidh an tÚdarás é a dhéanamh le toiliú an ghearánaigh má mheasann an tÚdarás nach dócha go gcuirfí an cinneadh, an bhreith nó an tsocraíocht i ngníomh mura mbeadh lámh aige féin sa chás.

(5) Ar iarratas faoin alt seo, feidhmeoidh an Chúirt Chuarda a feidhmeanna faoi *fho-alt (1)* nó *(2)* ar í a bheith deimhin de—

(a) gurb ann don chinneadh, don bhreith nó don tsocraíocht agus i dtaobh théarmaí an chéanna, agus

(b) gur mhainnigh an duine dá ndéantar difear na téarmaí sin a chomhlíonadh.

(6) Chun críocha an ailt seo, is breith chríochnaitheach breith, nó is cinneadh críochnaitheach cinneadh, mura bhfuil ábhar achomhairc ann ina aghaidh nó ina haghaidh faoin gCuid seo nó má tá an t-am chun achomharc a thionscnamh imithe in éag agus—

(a) nár tionscnaíodh aon achomharc, nó

(b) gur tréigeadh aon achomharc a tionscnaíodh.

(7) Gan dochar do chumhacht na Cúirte Cuarda ordú a dhéanamh le haghaidh costas i bhfabhar an ghearánaigh nó an duine dá ndéantar difear, i gcás go ndéanfaidh an tÚdarás iarratas de bhua

[Uimh. 21.] An tAcht um Chomhionannas [1998.]
Fostaíochta, 1998.

Cd.VII A.91

fho-alt (4) (b), féadfaidh an Chúirt Chuarda costais an Údaráis a dhámhachtain.

(8) Maidir leis an dlínse a thugtar don Chúirt Chuarda leis an alt seo, is é nó is í an breitheamh a bheidh sannta de thuras na huaire don chuaird ina bhfuil gnáthchónaí ar an bhfreagróir, nó ina seolann sé nó sí aon ghairm, gnó nó slí bheatha, a fheidhmeoidh í.

Cumhachtaí breise na Cúirte Cuarda ar fhorfheidhmiú.

92.—(1) I gcás ina ndéanfaidh an Chúirt Chuarda ordú faoi *alt 91(1)*, féadfaidh sí, más rud é sna himthosca go léir go measfaidh sí gur cuí déanamh amhlaidh, an t-ordachán breise dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)* nó, de réir mar is gá sa chás, i *bhfo-alt (3)* a áireamh san ordú.

(2) I gcás ina mbaineann an t-ordú faoi *alt 91(1)* le cinneadh nó breith lena gceanglaítear cúiteamh a íoc le haon duine, féadfaidh an t-ordú a ordú don fhostóir nó don duine eile lena mbaineann ús a íoc ar an gcúiteamh de réir an ráta dá dtagraítear in alt 22 d’Acht na gCúirteanna, 1981, i leith na tréimhse go léir nó aon chuid den tréimhse dar críoch dáta an ordaithe agus dar tosach—

(a) 42 lá tar éis dháta an chinnidh nó na breithe, nó

(b) más déanaí ná sin é, an dáta ar ar ceanglaíodh an cúiteamh a íoc faoin gcinneadh nó faoin mbreith.

(3) I gcás ina mbaineann an t-ordú faoi *alt 91(1)* le cinneadh lena gceanglaítear ar fhostóir fostaí a athfhostú nó a athfhrúiliú, féadfaidh an t-ordú a ordú don fhostóir cúiteamh a íoc leis an bhfostaí ar cúiteamh é de cibé méid a mheasann an Chúirt Chuarda a bheith réasúnach i leith mhainneachtain an fhostóra an cinneadh a chomhlíonadh.

Cúiteamh in ionad athfhostú nó athfhrúiliú.

93.—(1) Ar iarratas faoi *alt 91* a bhaineann le cinneadh lena gceanglaítear ar fhostóir fostaí a athfhostú nó a athfhrúiliú, féadfaidh an Chúirt Chuarda, más rud é sna himthosca go léir go measfaidh sí gur cuí déanamh amhlaidh, in ionad ordú a dhéanamh faoi *fho-alt (1)* den alt sin, ordú cúitimh a dhéanamh faoin alt seo.

(2) Is éard is ordú cúitimh faoin alt seo ann ordú lena n-ordaítear don fhostóir (in ionad athfhostú nó athfhrúiliú) cúiteamh a íoc leis an bhfostaí.

(3) Is é an méid uasta cúitimh a fhéadfar a ordú faoin alt seo méid is comhionann le 104 oiread mhéid luach saothair seachtainiúil an fhostaí de réir an ráta a bhí á fháil ag an bhfostaí ar dháta tarchurtha an cháis faoi *alt 77* nó a bheadh faighte aige nó aici ar an dáta sin murach an t-idirdhealú atá i gceist.

Faisnéis

Cumhachtaí dul isteach in áitreabh, faisnéis a fháil, etc.

94.—(1) Faoi réir *fho-alt (3)*, tá éifeacht leis an alt seo chun a chumasú faisnéis a fháil a theastóidh ón Stiúrthóir nó ón gCúirt Oibreachais chun a chumasú dóibh a bhfeidhmeanna a fheidhmiú faoin gCuid seo; agus san alt seo—

(a) ciallaíonn “oifigeach ainmnithe” an Stiúrthóir, Cathaoirleach na Cúirte Oibreachais, oifigeach comhionannais nó duine a bheidh údaráithe chuige sin ag an Stiúrthóir nó ag an gCathaoirleach, agus

(b) ciallaíonn “faisnéis ábhartha” faisnéis a bhfuil forais réasúnacha ag oifigeach ainmnithe chun a chreidiúint gur faisnéis iomchuí í chun na críche atá leagtha amach thuas. Cd.VII A.94

(2) Chun na críche atá leagtha amach i *bhfo-alt (1)*, féadfaidh oifigeach ainmnithe aon cheann amháin nó níos mó díobh seo a leanas a dhéanamh:

(a) gach tráth réasúnach, dul isteach go síochánta in áitreabh;

(b) a cheangal ar aon duine aon taifid, leabhair, doiciméid nó nithe eile atá faoi chumhacht nó faoi rialú an duine sin, agus a bhfuil forais réasúnacha ag an oifigeach ainmnithe chun a chreidiúint go bhfuil faisnéis ábhartha iontu, a thabhairt ar aird don oifigeach ainmnithe agus cibé faisnéis agus rochtain a thabhairt don oifigeach ainmnithe a theastóidh le réasún i ndáil lena bhfuil in aon taifid, leabhair, doiciméid nó nithe eile den sórt sin;

(c) aon taifid, leabhair, doiciméid nó nithe eile den sórt sin a iniúchadh agus a chóipeáil nó sleachta a thógáil astu;

(d) aon obair atá ar siúl ag aon áitreabh a iniúchadh.

(3) Aon oifigeach comhionannais a bheidh ainmnithe ag an Stiúrthóir faoi *alt 80(4)* chun imscrúdú a dhéanamh agus tuarascáil a ullmhú ar cheist a bheidh sonraithe ag an gCúirt Chuarda, féadfaidh sé nó sí, chun críche an imscrúdaithe sin agus na tuarascála sin, aon cheann de na cumhachtaí i *míreanna (a)* go *(d) d’fho-alt (2)* a fheidhmiú; agus, chun críche fheidhm an ailt seo i gcás den sórt sin—

(a) déanfar aon tagairt i *bhfo-ailt (2)*, *(5)* agus *(6)* don oifigeach ainmnithe a fhorléiriú mar thagairt don oifigeach comhionannais a bheidh ainmnithe amhlaidh, agus

(b) forléireofar “faisnéis ábhartha” mar fhaisnéis a bhfuil forais réasúnacha ag an oifigeach comhionannais sin chun a chreidiúint gur faisnéis iomchuí í chun críche an imscrúdaithe agus na tuarascála.

(4) Ní dhéanfar na cumhachtaí a thugtar le *fo-alt (2)* a fheidhmiú i leith teaghaise ná i leith aon duine, taifid, leabhair, doiciméid ná ní eile i dteaghais mura rud é—

(a) i gcás go mbeidh na cumhachtaí le feidhmiú de bhua *fho-alt (1)*, go ndéanfaidh an tAire (nó oifigeach de chuid an Aire a bheidh údaraithe chuige sin ag an Aire) a dheimhniú i scríbhinn go bhfuil forais réasúnacha ann chun a chreidiúint go bhfuil faisnéis sa teaghais atá ábhartha maidir le himscrúdú cáis, nó le breithniú achomhairc, faoin gCuid seo, nó

(b) i gcás go mbeidh na cumhachtaí le feidhmiú de bhua *fho-alt (3)*, gur deimhin leis an gCúirt Chuarda go bhfuil forais réasúnacha ann chun a chreidiúint go bhfuil faisnéis sa teaghais atá ábhartha maidir le himscrúdú an oifigigh comhionannais.

(5) Más deimhin le breitheamh den Chúirt Dúiche, trí fhaisnéis faoi mhionn ó oifigeach ainmnithe, go bhfuil cúis réasúnach amhrais ann go bhfuil aon taifid, leabhair, doiciméid nó nithe eile ina bhfuil faisnéis ábhartha le fáil in aon áitreabh, féadfaidh an breitheamh barántas cuardaigh a eisiúint faoin alt seo.

Cd.VII A.94

(6) Maidir le barántas cuardaigh arna eisiúint faoin alt seo beidh sé sainráite ann go n-údaraíonn sé, agus oibreoidh sé chun a údarú, d'oifigeach ainmnithe sonraithe, agus cibé daoine eile a mheasfaidh an t-oifigeach ainmnithe sonraithe is gá ina theannta nó ina teannta, aon tráth nó tráthanna laistigh de mhí amháin ó dháta eisiúna an bharántais, ar an mbarántas a thabhairt ar aird má iarrtar amhlaidh—

- (a) dul isteach san áitreabh a bheidh ainmnithe sa bharántas, le forneart más gá,
- (b) an t-áitreabh sin a chuardach, agus
- (c) aon chumhacht den sórt a thuairiscítear i *bhfo-alt (2) (b)* nó (c) a fheidhmiú i ndáil le daoine agus le taifid, leabhair, doiciméid nó nithe eile a gheofar ag an áitreabh.

Ceanglais ar dhaoine faisnéis a chur ar fáil.

95.—(1) Chun a chumasú don Stiúrthóir nó don Chúirt Oibreachais a bhfeidhmeanna a fheidhmiú faoin gCuid seo, féadfaidh an Stiúrthóir nó Cathaoirleach na Cúirte Oibreachais—

- (a) a cheangal ar aon duine a bhfuil, i dtuairim an Stiúrthóra nó an Chathaoirligh (de réir mar a bheidh), aon faisnéis atá iomchuí maidir le feidhmiú na bhfeidhmeanna sin aige nó aici, nó a bhfuil cumhacht nó rialú aige nó aici ar faisnéis den sórt sin, an faisnéis sin a thabhairt don Stiúrthóir nó don Chathaoirleach, agus
- (b) a cheangal, más cuí, ar aon duine den sórt sin freastal os comhair an Stiúrthóra nó an Chathaoirligh chun na críche sin,

agus comhlíonfaidh an duine aon cheanglas arna dhéanamh amhlaidh.

(2) Féadfar, i gceanglas faoi *fho-alt (1)*, am agus áit a shonrú ag a bhfuil faisnéis le tabhairt nó ag a bhfuil duine le freastal; agus más rud é nach mbeidh am nó áit den sórt sin sonraithe sa cheanglas, déanfaidh an duine ar a mbeidh an ceanglas dírithe é a chomhlíonadh a luaithe is indéanta le réasún.

(3) Aon daoine a gceanglófar orthu freastal os comhair an Stiúrthóra nó Chathaoirleach na Cúirte Oibreachais faoi *fho-alt (1) (b)*—

- (a) freagróidh siad go hiomlán agus go fírinneach aon cheisteanna a chuirfidh an Stiúrthóir nó an Cathaoirleach orthu (seachas aon cheist a dtiocfadh di an duine ar a gcuirfí í a ionchoiriú), agus
- (b) má iarrann an Stiúrthóir nó an Cathaoirleach orthu amhlaidh, síneoidh siad dearbhú maidir le fírinne a gcuid freagraí ar aon cheisteanna den sórt sin.

(4) Chun a chumasú d'oifigeach comhionannais a bheidh ainmnithe ag an Stiúrthóir faoi *alt 80(4)* na feidhmeanna a chomhlíonadh a bhaineann le himscrúdú a dhéanamh agus tuarascáil a ullmhú ar cheist a bheidh sonraithe ag an gCúirt Chuarda, beidh feidhm ag *fo-alt (1) go (3)* ach tagairt don oifigeach comhionannais a chur in ionad aon tagartha don Stiúrthóir.

96.—(1) Más dealraitheach don Stiúrthóir, do Chathaoirleach na Cúirte Oibreachais nó d'oifigeach comhionannais gur mhainnigh aon duine—

CD.VII
Smachtbhannaí as mainneachtain nó diúltú doiciméid, faisnéis, etc. a sholáthar.

(a) ceanglas faoi *alt 94(2)(b)*, nó

(b) ceanglas faoi *alt 95(1)*,

a chomhlíonadh, ansin, de réir mar is gá sa chás, féadfaidh an Stiúrthóir, an Cathaoirleach nó an t-oifigeach comhionannais iarratas a dhéanamh chun na Cúirte Cuarda ar ordú faoin alt seo.

(2) Faoi réir *fho-alt (3)* más rud é, ar iarratas faoin alt seo, gur deimhin leis an gCúirt Chuarda gur mhainnigh an duine lena mbaineann an ceanglas atá i gceist a chomhlíonadh, féadfaidh an Chúirt Chuarda ordú a dhéanamh á cheangal ar an duine sin an ceanglas a chomhlíonadh.

(3) Más rud é, ar iarratas faoin alt seo, gurb é tuairim na Cúirte Cuarda go n-airbheartaíonn an ceanglas atá i gceist a cheangal ar an duine lena mbaineann—

(a) aon taifead, leabhar, doiciméad nó ní eile a thabhairt ar aird, nó

(b) aon fhaisnéis a thabhairt,

a bhfuil an duine sin i dteideal pribhléid ghairmiúil dlí a éileamh ina leith, déanfaidh an Chúirt Chuarda an ceanglas a chur ar ceal.

(4) Maidir leis an dlínse a thugtar don Chúirt Chuarda leis an alt seo is é nó is í an breitheamh a bheidh sannta de thuras na huaire don chuaird ina bhfuil gnáthchónaí ar an bhfreagróir, nó ina seolann sé nó sí aon ghairm, gnó nó slí bheatha, a fheidhmeoidh í.

97.—(1) Más rud é, i gcúrsa nó chun críocha aon imscrúdaithe, idirghabhála nó éisteachta faoin gCuid seo, go nochtfaidh aon duine faisnéis don Chúirt Oibreachais, don Stiúrthóir, d'oifigeach idirghabhála comhionannais nó d'aon duine eile atá i dteideal í a fháil, ní thiocfaidh as an nochtadh go mbeidh aon dliteanas ann (i gconradh, i dtort nó ar shlí eile) ar thaobh an duine a bheidh á dhéanamh.

Forálacha forlíontacha maidir le faisnéis.

(2) Ní dhéanfar aon fhaisnéis a thabharfar don Chúirt Oibreachais, don Stiúrthóir nó d'aon duine eile, nó a gheobhaidh siad ar shlí eile, de bhua *ailt 94 go 96* nó thairis sin i gcúrsa nó chun críocha aon imscrúdaithe, idirghabhála nó éisteachta faoin gCuid seo, a fhoilsiú nó a nochtadh ar shlí eile ach amháin—

(a) chun críocha imscrúdaithe, idirghabhála nó éisteachta den sórt sin,

(b) ar ordú ón Ard-Chúirt nó ón gCúirt Chuarda,

(c) le toiliú an duine a thabharfaidh an fhaisnéis agus aon duine eile lena mbainfidh an fhaisnéis,

(d) i mbreith ón Stiúrthóir nó i gcinneadh ón gCúirt Oibreachais a fhoilseofar nó a chuirfear ar fáil faoi *alt 89* agus a mbaineann nochtadh na faisnéise leis nó léi, nó

(e) chun críocha iarratais faoi *alt 96*.

Cd.VII A.97

(3) I *bhfo-alt* (2), aon tagairt d'fhaisnéis folaíonn sí aon taifead, leabhar, doiciméad nó ní eile ina bhfuil an fhaisnéis.

(4) Aon duine a nochtfaidh faisnéis de shárú ar *fho-alt* (2), beidh sé nó sí ciontach i gcion faoin alt seo.

Cionta

Pionós mar gheall ar fostaí a dhífhostú as cearta a fheidhmiú.

98.—(1) Má dhífhostaítear fostaí in imthosca arb ionann iad agus íospairt, beidh fhostóir an fhostaí ciontach i gcion agus más rud é, in ionchúiseamh mar gheall ar chion faoin alt seo, go gcruthófar—

(a) gur dífhostaíodh an fostaí, agus

(b) go ndearna an fostaí, de mheon macánta, ceann amháin nó níos mó de na gníomhartha a shonraítear i *míreanna* (a) go (d) *d'alt* 74(2),

beidh an cruthúnas sin, gan a thuilleadh cruthúnais, ina fhianaise, go dtí go gcruthófar a mhalairt, gurbh í an aonchúis nó an phríomhchúis a bhí le dífhostú an fhostaí go ndearna an fostaí, de mheon macánta, ceann amháin nó níos mó de na gníomhartha sin.

(2) Faoi réir *fho-alt* (4), ar chiontú i gcion faoin alt seo, féadfaidh an chúirt, más cuí léi agus má mheasann sí go mbeadh cumhacht ag an gCúirt Oibreachais déanamh amhlaidh—

(a) ordú a dhéanamh á ordú don fhostóir an fostaí a athfhostú, nó

(b) ordú a dhéanamh á ordú don fhostóir an fostaí a athfhrúilíú.

(3) Faoi réir *fho-alt* (4), más rud é nach ndéanfaidh an chúirt a chiontóidh duine i gcion faoin alt seo ordú faoi *fho-alt* (2) (a) nó (b), féadfaidh sí, más cuí léi, i dteannta fíneáil a ghearradh i leith an chiona, a ordú don fhostóir cibé méid cúitimh a mheasfaidh an chúirt, faoi réir *fho-alt* (5), a bheith cuí ag féachaint d'aon fhianaise agus d'aon uiríl a dhéanfaidh an fhostóir nó an fostaí lena mbaineann, nó a dhéanfar thar a cheann nó thar a ceann, a íoc leis an bhfostaí lena mbaineann.

(4) Ní fheidhmeoidh an chúirt a cuid cumhachtaí faoi *fho-alt* (2) nó (3) mura dtoilíonn an fostaí lena mbaineann leis.

(5) Ní mó méid an chúitimh a fhéadfar a ordú faoi *fho-alt* (3)—

(a) ná an méid, ag féachaint *d'fho-alt* (4) agus (5) *d'alt* 82, a d'fhéadfadh an Chúirt Oibreachais a ordú mar chúiteamh faoi *alt* 82(2) ar éileamh ar shásamh i leith an dífhostaithe, nó

(b) más í an Chúirt Dúiche a dhéanfaidh an t-ordú, ná £5,000 nó cibé méid eile a bheidh arna fhorordú de thuras na huaire le dlí mar theorainn dhlínse na cúirte sin i dtort,

agus, le linn aon fhoráil *d'alt* 82 a chur i bhfeidhm chun críocha *mhír* (a), déanfar aon tagairt do dháta an tarchurtha a fhorléiriú mar thagairt do dháta an dífhostaithe agus déanfar aon tagairt do dháta an chinnidh ón gCúirt Oibreachais a fhorléiriú mar thagairt do dháta an chiontaithe sa chion.

(6) Más rud é, ar fhostóir a chiontú mar gheall ar chion faoin alt seo, go ndéanfaidh an chúirt ordú faoi *fho-alt (2) (a)* nó *(b)* nó faoi *fho-alt (3)*— Cd.VII A.98

(a) féadfaidh an fhostóir, cibé acu a dhéanann nó nach ndéanann an fhostóir achomharc in aghaidh an chiontaithe nó na pianbhreithe, achomharc a dhéanamh in aghaidh an ordaithe chun na cúirte ar chuici a bheidh ábhar achomhairc ann in aghaidh an chiontaithe, agus

(b) féadfaidh an chúirt a éistfidh achomharc in aghaidh an chiontaithe nó na pianbhreithe, nó achomharc in aghaidh an ordaithe amháin, an t-ordú a chúlghairm nó a athrú agus, go háirithe, i gcás go ndearnadh an t-ordú faoi *fho-alt (3)*, féadfaidh sí méid an chúitimh a athrú.

(7) Más rud é go ndéanfaidh an chúirt ordú faoi *fho-alt (3)* chun méid cúitimh a íoc—

(a) gan dochar d'aon cheart achomhairc ag aon duine eile, beidh ceart achomhairc ag an bhfostaí lena mbaineann, nach mbainfidh ach le méid an chúitimh, chuig an Ard-Chúirt, nó de réir mar a bheidh, chuig an mbreitheamh den Chúirt Chuarda ar ina chuaird nó ina cuaird atá dúiche (nó aon chuid de dhúiche) an bhreithimh den Chúirt Dúiche a d'ordaigh an cúiteamh, agus

(b) in aon imeachtaí sibhialta arna dtionscnamh ag an bhfostaí lena mbaineann i leith an luach saothair a bheadh faighte ag an bhfostaí murach gur tharla an dífhostú, is cosaint mhaith é, go feadh mhéid an chúitimh a íocadh, gur íoc an fhostóir an cúiteamh.

(8) I gcás go ndéanfar achomharc a thionscnamh faoi *fho-alt (7) (a)*, is breith chríochnaitheach í an bhreith ón Ard-Chúirt nó, de réir mar a bheidh, ón mbreitheamh den Chúirt Chuarda.

99.—(1) Aon duine—

An Stiúrthóir agus
oifigigh eile a chosc
etc.

(a) a choisfidh nó a bhacfaidh an Chúirt Oibreachais, an Stiúrthóir nó oifigeach comhionannais i bhfeidhmiú cumhachtaí faoin gCuid seo, nó

(b) a mhainneoidh ceanglas de chuid na Cúirte Oibreachais, an Stiúrthóra nó oifigigh comhionannais arna thabhairt faoin gCuid seo a chomhlíonadh,

beidh sé nó sí ciontach i gcion faoin alt seo.

(2) Aon tagairt i *bhfo-alt (1)* d'oifigeach comhionannais foláionn sí tagairt do dhuine a bheidh údaraithe faoi *alt 94(1)(a)*.

100.—(1) Aon duine a bheidh ciontach i gcion faoi aon fhoráil den Acht seo dlífear— Cionta: forálacha
ginearálta.

(a) ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná £1,500 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná bliain amháin, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó

(b) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná £25,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 2 bhliain, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(2) Má leantar tar éis an chiontaithe den sárú ar ina leith a chiontaítear duine i gcion faoi aon fhoráil den Acht seo, beidh an duine sin ciontach i gcion breise ar gach lá ar a leanfar den sárú agus, in aghaidh gach ciona den sórt sin, dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná £250 nó, ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná £1,500, a chur air nó uirthi.

(3) Féadfaidh an tAire nó an tÚdarás imeachtaí achoimre i leith ciona faoi aon fhoráil den Acht seo a thionscnamh.

(4) D'ainneoin alt 10(4) den *Petty Sessions (Ireland) Act*, 1851, féadfar imeachtaí achoimre i leith ciona faoi aon fhoráil den Acht seo a thionscnamh laistigh de 12 mhí ó dháta an chiona.

(5) Más rud é, maidir le cion faoi aon fhoráil den Acht seo a rinne comhlacht corpraithe, go gcruthófar go ndearnadh é le toiliú nó le cúlcheadú, nó gurb inchurtha é i leith aon fhaillí ar thaobh, aon duine ar stiúrthóir, bainisteoir, rúnaí nó oifigeach eile den tsamhail sin de chuid an chomhlachta chorpraithe a bhí ann nó inti nuair a rinneadh an cion, nó duine a d'airbheartaigh a bheith ag gníomhú in aon cháil den sórt sin, beidh an duine sin (chomh maith leis an gcomhlacht corpraithe) ciontach i gcion agus dlífear imeachtaí a thionscnamh ina choinne nó ina coinne agus é nó í a phionósú amhail is dá mbeadh sé nó sí ciontach sa chion a rinne an comhlacht corpraithe.

(6) I ndáil le comhlacht corpraithe arb iad a chomhaltaí a bhainistíonn a ghnóthaí, tá éifeacht le *fo-alt (5)* amhail is dá bhfolódh “stiúrthóir” comhalta den chomhlacht corpraithe.

Forlíontach

Bealaí eile sásaimh.

101.—(1) Más rud é go mbeidh pearsa aonair tar éis imeachtaí a thionscnamh le haghaidh damáistí faoin dlí coiteann i leith mainneachtain, ag fostóir nó ag aon duine eile, téarma luach saothair chomhionann nó clásal comhionannais a chomhlíonadh, ansin, más rud é go mbeidh tús curtha le héisteacht an cháis, ní fhéadfaidh an phearsa aonair sásamh a lorg (ná aon chumhacht eile a fheidhmiú) faoin gCuid seo i leith mainneachtain an téarma luach saothair chomhionannais nó an clásal comhionannais, de réir mar a bheidh, a chomhlíonadh.

(2) Más rud é go mbeidh pearsa aonair tar éis cás a tharchur chuig an Stiúrthóir faoi *alt 77(1)* i leith mainneachtana den sórt atá luaite i *bhfo-alt (1)*, agus go mbeifear tar éis teacht ar shocraíocht trí idirghabháil nó go mbeidh an Stiúrthóir tar éis imscrúdú faoi *alt 79* a thosú, ní bheidh an phearsa aonair i dteideal damáistí a ghnóthú faoin dlí coiteann i leith na mainneachtana sin.

(3) Más rud é go mbeidh pearsa aonair tar éis cás a tharchur chuig an gCúirt Chuarda faoi *alt 77(3)* i leith mainneachtana den sórt atá luaite i *bhfo-alt (1)*, ní bheidh an phearsa aonair i dteideal damáistí a ghnóthú faoin dlí coiteann i leith na mainneachtana sin.

(4) Ní bheidh fostaí a dífhostaíodh i dteideal sásamh a lorg (ná aon chumhacht eile a fheidhmiú, nó leanúint de bheith á feidhmiú) faoin gCuid seo más rud é, mar thoradh ar an dífhostú—

[1998.] *An tAcht um Chomhionannas* [Uimh. 21.]
Fostaíochta, 1998.

(a) gur thionscain an fostaí imeachtaí le haghaidh damáistí faoin dlí coiteann mar gheall ar dhífhostú éagórach agus go mbeidh tús curtha le héisteacht an cháis, agus Cd.VII A.101

(b) i bhfeidhmiú cumhachtaí faoi na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977 go 1993, gur eisigh coimisinéir um chearta moladh i leith an dífhostaithe, nó

(c) go mbeidh an Binse Achomhairc Fostaíochta tar éis éisteacht a thosú maidir leis an dífhostú.

(5) Más rud é go mbeidh fostaí a dífhostaíodh tar éis cás an dífhostaithe a tharchur chuig an gCúirt Oibreachais faoi *alt 77* agus go mbeifear tar éis teacht ar shocraíocht trí idirghabháil nó go mbeidh an Chúirt Oibreachais tar éis imscrúdú faoi *alt 79* a thosú—

(a) ní bheidh an fostaí i dteideal, mar thoradh ar an dífhostú, damáistí a ghnóthú faoin dlí coiteann mar gheall ar dhífhostú éagórach, agus

(b) ní bheidh an fostaí i dteideal sásamh a lorg (ná aon chumhacht eile a fheidhmiú, nó leanúint de bheith á feidhmiú) faoi na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977 go 1993, i leith an dífhostaithe.

(6) An tagairt i *bhfo-alt (5)* d'imscrúdú faoi *alt 79*, ní fholaíonn sí imscrúdú más rud é—

(a) tar éis an cás a tharchur faoi *alt 77*, go bhfeidhmíonn an Chúirt Oibreachais a cumhacht faoi *alt 78(2)(a)*,

(b) dá éis sin, go n-eisíonn an Chúirt Oibreachais fógra faoi *alt 78(6)*, agus

(c) nach ndéantar aon iarratas faoi *alt 78(7)(b)* go n-athchromfaí ar éisteacht an cháis.

102.—(1) Más rud é—

(a) go dtarchuirfear cás chuig an Stiúrthóir faoi *alt 77*,

(b) go dtarchuirfear ní chuig an Stiúrthóir faoi *alt 85*, nó

(c) go dtarchuirfear comhaontú comhchoiteann chuig an Stiúrthóir faoi *alt 86*,

agus, aon tráth tar éis dheireadh bliana amháin ó dháta an tarchurtha, gur dealraitheach don Stiúrthóir nár lean an gearánach ar aghaidh, nó gur scoir sé nó sí de leanúint ar aghaidh, leis an tarchur, féadfaidh an Stiúrthóir an tarchur a scríosadh amach.

(2) Más rud é—

(a) go dtarchuirfear cás chuig an gCúirt Oibreachais faoi *alt 77*, nó

(b) go ndéanfar achomharc chuig an gCúirt Oibreachais faoin gCuid seo,

agus, aon tráth tar éis deireadh bliana amháin ó dháta an tarchurtha nó, de réir mar a bheidh, ón achomharc a dhéanamh, gur dealraitheach don Chúirt Oibreachais nár lean an gearánach nó, de

Cásanna nach leantar ar aghaidh leo a scríosadh amach.

[Uimh. 21.] An tAcht um Chomhionannas [1998.]
Fostaíochta, 1998.

Cd.VII A.102

réir mar a bheidh, an t-achomharcóir, ar aghaidh, nó gur scoir sé nó sí de leanúint ar aghaidh, leis an ní, féadfaidh an Chúirt Oibreachais an tarchur nó, de réir mar a bheidh, an t-achomharc, a scriosadh amach.

(3) A luaithe is indéanta tar éis tarchur a scriosadh amach, tabharfaidh an Stiúrthóir nó, de réir mar a bheidh, an Chúirt Oibreachais fógra i scríbhinn don ghearánach agus don fhreagróir nó do na freagróirí.

(4) A luaithe is indéanta tar éis achomharc a scriosadh amach, tabharfaidh an Chúirt Oibreachais fógra i scríbhinn don achomharcóir agus don pháirtí eile san achomharc.

(5) Más rud é go ndéanfar tarchur nó achomharc a scriosadh amach faoin alt seo, ní fhéadfar aon imeachtaí eile a thionscnamh i ndáil leis an tarchur sin nó leis an achomharc sin; ach ní choisceann aon ní san alt seo ar aon duine tarchur eile a dhéanamh i ndáil leis na nithe céanna (faoi réir aon teorann ama is infheidhme).

(6) San alt seo tá le “an gearánach”, “an freagróir” agus “na freagróirí” na bríonna céanna atá leo in *alt 77, 85 nó 86*, de réir an chineáil tarchurtha lena mbaineann.

Forálacha a bhaineann le dócmhainneacht.

103.—(1) Le linn dáileadh a dhéanamh ar shócmhainní cuideachta a bheidh á foirceannadh, áireofar ar na fiacha a bheidh, faoi alt 285 d’Acht na gCuideachtaí, 1963, le híoc i dtosaíocht ar gach fiach eile, gach cúiteamh iomchuí is iníoctha faoin gCuid seo ag an gcuideachta, agus beidh éifeacht dá réir sin leis an Acht sin, agus ní éileofar cruthúnas foirmiúil ar na fiacha dá dtugtar tosaíocht faoin bhfo-alt seo ach amháin i gcásanna ina bhforálfar a mhalairt le rialacha arna ndéanamh faoin Acht sin.

(2) Le linn dáileadh a dhéanamh ar mhaoín féimhigh nó féichiúnaí comhshocraíochta, áireofar ar na fiacha a bheidh, faoi alt 81 den Acht Féimheachta, 1988, le híoc i dtosaíocht ar gach fiach eile, gach cúiteamh iomchuí is iníoctha faoin gCuid seo ag an bhféimheach nó ag an bhféichiúnaí comhshocraíochta, de réir mar a bheidh, agus beidh éifeacht dá réir sin leis an Acht sin, agus ní éileofar cruthúnas foirmiúil ar na fiacha dá dtugtar tosaíocht faoin bhfo-alt seo ach amháin i gcásanna ina bhforálfar a mhalairt le horduithe ginearálta arna ndéanamh faoin Acht sin.

(3) Chun críocha an ailt seo ciallaíonn “cúiteamh iomchuí” suimeanna a ordófar a íoc mar shásamh—

(a) de bhua ordaithe ón gCúirt Chuarda ar tharchur faoi *alt 77(3)*,

(b) de bhua breithe nó cinnidh faoi *alt 79(6)* (lena n-áirítear an fhoráil sin arna cur chun feidhme le *halt 85(2)*),

(c) de bhua cinnidh ar achomharc faoi *alt 83(4)*, nó

(d) de bhua ordaithe ón gCúirt Chuarda faoi *alt 90, 91 nó 93*.

(4) San Acht um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí), 1984, déanfar alt 6 (lena bhforáiltear go n-íocfar méideanna áirithe as an gCiste Árachais Shóisialaigh) a leasú de réir *fho-ailt (5)* agus *(6)*.

[1998.] *An tAcht um Chomhionannas* [Uimh. 21.]
Fostaíochta, 1998.

(5) Ag deireadh fho-alt (2)(a)(viii)(II), cuirfear isteach “nó (III) Cd.VII A.103 a cheanglaítear ar fhostóir a íoc de bhua breithe, cinnidh nó ordaithe ó chúirt a thagann faoi réim *alt 103(3)* den *Acht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998.*”.

(6) I bhfo-alt (4)(c), i ndiaidh fhomhír (v), cuirfear isteach—

“(vi) Ní dhéanfar aon íocaíocht faoin alt seo i leith méid lena mbaineann breith nó cinneadh faoi aon fhoráil den *Acht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998*, mura rud é—

(I) i gcás achomharc a bheith déanta faoin gCuid sin i gcoinne na breithe nó an chinnidh, go dtarraingeofar siar an t-achomharc, nó

(II) i gcás nach mbeidh aon achomharc den sórt sin déanta, go mbeidh an t-am le hachomharc den sórt sin a dhéanamh imithe in éag.”.

104.—(1) Ach amháin mar a fhoráiltear le *halt 77(10)*, ní chumasóidh aon ní sa Chuid seo do chomhalta d’Óglaigh na hÉireann aon chás a bhaineann le fostaíocht mar chomhalta d’Óglaigh na hÉireann a tharchur chuig an Stiúrthóir, chuig an gCúirt Oibreachais nó chuig an gCúirt Chuarda nó aon chumhacht eile a fheidhmiú a thugtar leis na forálacha sin roimhe seo den Chuid seo. Foráil speisialta maidir le hÓglaigh na hÉireann.

(2) Má iarrann oifigeach, de réir bhrí an Achta Cosanta, 1954, a bheidh údaraithe chuige sin, ar an Stiúrthóir déanamh amhlaidh, déanfaidh an Stiúrthóir—

(a) aon ní a imscrúdú a ndearnadh gearán ina thaobh de réir alt 114 den Acht sin ar ní é a thioctadh, ar leith ón alt seo, faoi raon imscrúdaithe ag an Stiúrthóir nó ag an gCúirt Oibreachais faoin gCuid seo nó faoi raon imeachtaí os comhair na Cúirte Cuarda faoi *alt 77(3)*, agus

(b) moladh a dhéanamh i leith an ní sin don oifigeach lena mbaineann.

(3) Is i scríbhinn a bheidh moladh faoi *fho-alt (2)(b)* agus beidh ráiteas ann maidir leis na cúiseanna go ndearna an Stiúrthóir an moladh agus, le linn cinneadh a bheith á dhéanamh cén gníomh a dhéanfar maidir leis an ngearán, tabharfar aird ar an moladh.

(4) Tabharfaidh an Stiúrthóir cóip d’aon mholadh a dhéanfar faoi *fho-alt (2)(b)* don chomhalta d’Óglaigh na hÉireann a rinne an gearán ba bhun leis an moladh.

105.—Leasaítear leis seo an tAcht Caidrimh Thionscail, 1990— Leasú ar an Acht Caidrimh Thionscail, 1990.

(a) in alt 9 (feidhm fhoráil Chuid II den Acht sin) trí “an Stiúrthóir Imscrúduithe Comhionannais” a chur in ionad “oifigeach comhionannais” i bhfo-alt (4),

(b) in alt 25 (feidhmeanna an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais)—

(i) trí mhír (e) i bhfo-alt (1) a scriosadh, agus

[*Uimh. 21.*] *An tAcht um Chomhionannas* [1998.]
Fostaíochta, 1998.

Cd.VII A.105

- (ii) i bhfo-alt (8), trí “d’alt 8 (2) den Acht in aghaidh Idirdealú (Pá), 1974, agus” a scriosadh,
- (c) trí alt 37 (oifigigh chomhionannais) a scriosadh, agus
- (d) in alt 42 (cóid chleachtais), trí “an Stiúrthóra Imscrúduithe Comhionannais nó coimisinéara um chearta” a chur in ionad “coimisinéara um chearta nó oifigigh chomhionannais” i bhfo-alt (4).